

FOLCADÁN AIRCIMEIDEIS

MARK & FIONNAIN



Folcadán Airciméidéis

Folcadán *Airciméidéis*

Daniíl Kharms
Aleksáandr Vvedénskii

Mark Ó Fionnáin
a d'aistrigh



Coiscéim
2004

An Chéad Chló 2004.

Leagan Gaeilge © 2004 Mark Ó Fionnáin

Dearadh agus clóchur:

Michael Everson, Everson Typography, Cathair na Mart.
(www.evertype.com). Times an cló.

Clúdach: Catherine Lyons.

Arna chlóbhualadh ag Johnswood Press, Baile Átha Cliath.

Tá Coiscéim buíoch de Bhord na Leabhar Gaeilge as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.

Foilsíodh cuid de na scéalta anseo ar *Comhar* agus *Bliainiris* 2001.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála nó a tharchur ar aon mhodh nó slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Coiscéim: 91 Bóthar Bhinn Éadair, Páirc na bhFianna, Binn Éadair,
Baile Átha Cliath 13.

Clár Ábhair

Nóta ar an Rúisis	vii
Réamhrá	ix
Eachtraí	1
Cóipleabhar Gorm Uimh. 10	3
Eachtraí	4
Seanmhná ag Titim Amach	5
Soinéad	6
Petróv agus Mishkítov	8
Seachmall Radhairc	9
Púshkin agus Gógol´	10
Kushakóv Siúinéir	12
An Trunc	14
Eachtra le Petrakóv	16
Scéal na dTrodaithe	17
An Bhrionglóid	18
An Matamaiticeoir agus Andréi Semënovich	20
Duine Óg a Scanraigh Fairtheoir	22
Ceithre Shampla mar a Bhaineann Tuairim Nua Geit as Duine Nach bhFuil Ullamh Di	24
Caillteanais	26
Makárov agus Pétersen Uimh. 3	27
Cúirt Linseála	29
Bualadh le Chéile	30
Seó Mí Rathúil	31
Plimp!	32
Na Rudaí a Dhíoltar Anois sna Siopaí	34
Mharaigh Máshkin Kóshkin	36
Griogann an Codladh Duine	37
Na Fiagaithe	38
Eachtra Stairiúil	41

Fédia Davidóvich	44
Scéilíní as Beatha Púshkin	47
Tús Lae An-Mhaith Shamhraidh (Siansa)	49
Pákin agus Rakúkin	50
Meascra	53
Fabhalscéal	55
Vorónin agus Stepánov	56
Litir	57
An Difríocht idir Airde an Fhir Chéile agus Airde na Mná Céile	59
Dí-armáilte nó Grá Mí Rathúil	60
Eachtra ar an tSráid	61
Cóisir gan Choinne	62
Fulaingt Phearsanta Ceoltóra Amháin	64
Dírbheathaisnéis	66
An Banairgeadóir	69
Ceannairc	73
Cúig Scéal Neamhchríochnaithe	75
Fiosrúchán Cuimsitheach	77
An Nasc	80
Préachán na gCeithre Chos	82
Titim (i gCéin is i gCóngar)	83
Bua Mýshin	85
An Léacht	88
An Bac	90
Siansa Uimh. 2	93
Athshlánú	95
An Tolg	97
Grigór'ev agus Semënov	98
An tSeanbhean	100
An Nollaig Tigh Mhuintir Ivanóv	133

Nóta ar an Rúisis

Sloinnte Rúiseacha. Tá leagan firinscneach agus leagan baininscneach ag gach sloinne Rúiseach, agus is ar *-a* a chríochnaíonn formhór na leagancha baininscneacha. Mar shampla, is iad *Puzyrëv* agus *Puzyrëva* na tuismitheoirí i ndráma *Vvedén-skii*. Más ar *-ói* a chríochnaíonn sloinne fir, *Tolstói*, cuir i gcás, is ar *-áia* a chríochnóidh an leagan baininscneach .i. *Tolstáia*.

Litriú. D'fhéadfainn na focail agus na hainmneacha Rúisise sa téacs a litriú de réir chóras fuaimnithe na Gaeilge, ach chonacthas dom go mbeadh leithéidí *Púiscín*, *Tolstói* nó *Vvieideanscaí* ró-aduain dóibh siúd atá cleachtach cheana féin ar leithéidí *Pushkin*, *Tolstoi* srl. Shocraigh mé mar sin cloí le gnáthleaganacha Béarla (a litritear de réir chóras an Library of Congress).

Gutaí. Is cosúil le gutaí fada lárchanúint na Gaeilge gnáthghutaí na Rúisise, cé gur giorra de bheagán gnáthghutaí na Rúisise ná gutaí fada na Gaeilge. Caolaíonn guta le [j-] an consan roimhe.

а	a	[a] cosúil le Gaeilge <i>gach</i> [gax]
я	ia	[ja] cosúil le Gaeilge <i>mo dhea</i> [mə 'ja]
э	è	[e] cosúil le Gaeilge <i>é</i> [e:]
е	e	[je] cosúil le Gaeilge <i>mo ghé</i> [mə 'je:]
ы	y	[i] cosúil le Gaeilge <i>aoi</i> [i:]
и	i	[ji] cosúil le Gaeilge <i>mín</i> [mi:n]
о	o	[o] cosúil le Gaeilge <i>cóta</i> ['ko:tə]
ё	ë	[jo] cosúil le Gaeilge <i>ceol</i> [kjo:l] (faoi bhéim i gcónaí)
у	u	[u] cosúil le Gaeilge <i>tú</i> [tu:]
ю	iu	[ju] cosúil le Béarla <i>you</i> [ju]

Consain. Is cosúil le consain lárchanúint na Gaeilge gnáth-chonsain na Rúisise. Tá consain chaola agus leathana ann sa Rúisis.

б	b	[b] cosúil le Gaeilge <i>bán</i> [ba:n] nó <i>bean</i> [bian]
ч	ch	[tʃ] cosúil le Gaeilge <i>sa tSín</i> [sə 'tʃi:n]
д	d	[d] cosúil le Gaeilge <i>dán</i> [da:n] nó <i>déan</i> [die:n]
ф	f	[f] cosúil le Gaeilge <i>fan</i> [fan]
г	g	[g] cosúil le Gaeilge <i>gach</i> [gax] nó <i>gear</i> [gjaer]
й	i	[j] cosúil le Gaeilge <i>aghaidh</i> [aij]
к	k	[k] cosúil le Gaeilge <i>cad</i> [kad] nó <i>céad</i> [kie:d]
х	kh	[x] cosúil le Gaeilge <i>chan</i> [xan]
л	l	[l] cosúil le Gaeilge <i>lán</i> [la:n] nó <i>lean</i> [lian]
м	m	[m] cosúil le Gaeilge <i>mór</i> [mo:r] nó <i>méar</i> [mie:r]
н	n	[n] cosúil le Gaeilge <i>anam</i> [ʼanəm] nó <i>nead</i> [nʲad]
п	p	[p] cosúil le Gaeilge <i>paca</i> [ʼpakə] nó <i>pioc</i> [piok]
р	r	[r] cosúil le Spáinnis <i>pero</i> [ʼpero]
с	s	[s] cosúil le Gaeilge <i>cás</i> [ka:s]
ш	sh	[ʃ] cosúil le Gaeilge <i>sin</i> [ʃin]
щ	shch	[ʃʃ] níos caoile ná [ʃ]
т	t	[t] cosúil le Gaeilge <i>tacht</i> [taxt] nó <i>teacht</i> [tʲaxt]
ц	ts	[ts] cosúil le Gaeilge <i>catsúil</i> [ʼkatsu:lʲ]
в	v	[v] cosúil le Gaeilge <i>bhí</i> [vi:] nó Béarla <i>van</i> [væn]
з	z	[z] cosúil le Gaeilge <i>zú</i> [zu:] nó Béarla <i>presume</i> [priʼzju:m]
ж	zh	[ʒ] cosúil le Béarla <i>pleasure</i> [ʼpleʒər]
ь	´	[j] comhartha consain chaoil
ъ	˝	comhartha consain leathain

I ndeireadh focail déantar *-p*, *-t*, *-k*, *-s* agus *-sh* de *-b*, *-d*, *-g*, *-z* agus *-zh* faoi seach. Taispeánann an síneadh fada cá háit a bhfuil an t-aiceann ar an bhfocal Rúisise nuair atá níos mó ná siolla amháin san fhocal.

Réamhrá

Saolaíodh Aleksándr Ivánovich Vvedénskii ar 6ú lá de Mhí na Nollag 1904 agus i ndeireadh na bliana dár gcionn is ea a rugadh Daniíl Kharms (Daniíl Ivánovich Iuvachëv), 30ú Nollaig 1905. Is i gCathair Naomh Peadar a rugadh agus a tógadh iad beirt agus ó thús a shaoil ba léir cén treo a rachadh Kharms. Intleachtach agus réabhlóidí ba ea a athair a chaith seal i bpríosún de bharr baint a bheith aige le heagras polaitiúil. Scríobhadh sé scéalta fantaisíochta agus ba mhinic dó iad a chur chuig Lev Tolstói le léamh agus le meas. (Níor thaitin siad le Tolstói mar b'fhearr leis-sean rudaí a bhí soiléir sothuigte, ach thaitin siad lena bhean.) Bhíodh sé de nós ag a athair Kharms óg a chur ina shuí ar a ghlúine agus a leithéidí sin de scéalta fantaisíochta a insint nó a léamh dó.

Cad a dhéanfadh mac an chait ach luch a mharú? Más san athair féin a bhí féith na fantaisíochta ba láidre agus ba threise sa mhac í. Ní hamháin go scríobhfadh Kharms scéalta agus dánta áiféiseacha áibhéalacha fantaisíochta, ach thosaigh sé ag déanamh fantaisíochta dá bheatha féin. Aon bhabhta a théadh sé ar an amharclann chuireadh sé croiméal bréige air féin, ag maíomh nár chóir dul ann gan a leithéid. Chum sé deartháir dó féin agus dhéanadh sé aithris ar a chuid geáitsí seisean. I dtábhairní ní ólfadh sé ach amháin as coirn airgid ar shéad fine iad agus a bheireadh sé leis i mála cáipéisí. Bhí rud áirithe ina sheasamh sa chúinne ina sheomra aige, é déanta as iarann, cláracha adhmaid, sreangán, paicéid toitíní, lingeach, rothaí agus mar sin de. Inneall ba ea é. Ní dhearna sé aon rud. Ní raibh aon fheidhm aige. Ní raibh aon ghá leis. Ní raibh ann ach gur

mhaith le Kharms inneall a bheith aige sa bhaile. Agus cheap sé ainm cleite dó féin a léiríonn, seans maith – as measc rudaí eile – a ghrá do Sherlock Holmes, a scríobhtar mar *Kholms* sa Rúisis. Ba léir go raibh sé an-tugtha dó mar ba nós leis caipín fiagaí agus píopa a chaitheamh cosúil le Holmes féin.

Murab ionann agus Kharms, ní raibh aon díol suntais sa chéad chuid de shaol Vvedénskii. Bhí sé ag scríobh filíochta ó bhí sé ag freastal na meánscoile agus i 1921 fuair sé áit in Ollscoil Chathair Naomh Peadar ag plé leis an dlí, ach d’athraigh sé cúrsaí chun Sínis a dhéanamh agus ansin d’éirigh as an rud ar fad. Ar an tslí seo bhí sé chosúil le Kharms a d’éirigh as cúrsaí sa Choláiste Leictrea-Theicneolaíochta agus san Institiúid um Stair na nEalaíon lena linn freisin. Tar éis a chuid iarrachtaí ar an oideachas chaith Vvedénskii seal ina chléireach sula ndeachaigh sé go lánaimseartha leis an scríbhneoireacht, agus sa bhliain 1922 bhunaigh sé buíon fhealsúnach darbh ainm *Chinari* (atá bunaithe ar an bhfocal *rang* nó *grád* sa Stát-seirbhís) chun ceisteanna eiticiúla, teangeolaíochta agus aeistéitiúla a phlé. Faoin am seo bhí Kharms ag scríobh filíochta freisin agus á léamh go poiblí ar bhonn rialta agus sa bhliain 1925 tháinig sé amach ina chomhalta de *Chinari* chomh maith. Cúigear filí eile agus scríbhneoir próis amháin a bhí ina mbaill di faoin am seo.

An bhliain dár gcionn rinneadh baill d’Aontas Uile-Rúise na bhFilí díobh agus foilsíodh dhá dhán an duine i ndíolaimí de chuid an Aontais – tharla gurb é seo an méid scríbhneoireachta do dhaoine fásta leis an mbeirt acu a foilsíodh lena linn. Faoin am seo bhí an bheirt acu ag plé leis an mbuíon drámaíochta turgnamhaí Rádiks agus scríobh siad dráma i gcomhar lena chéile, *Mo Mhamáí go léir in Uaireadóirí*, a bhí le léiriú ag Rádiks ach nár tharla ar “chúiseanna teicniúla”. Sa bhliain chéanna bheartaigh siad ar a mbuíon féin a bhunú in éineacht le roinnt scríbhneoirí eile, buíon a bheadh ag plé leis an litríocht

avant-garde agus is é *OBERIÚ* a d'eascair as seo. Leagan saofa é an focal seo de cheannlitreacha na bhfocal *Cumann na Fíor-Ealaíne*. Mheas lucht *OBERIÚ* go raibh siad ar an taobh clé den *avant-garde* liteartha a bhí ar siúl san Eoraip san am sin. I measc na ngeáitsí fógraíochta a bhí acu chuaigh Kharms amach ag siúl ar choirnis an fhoirgnimh Dom Knígi (*Teach an Leabhair*) agus é ag caitheamh píopa chun an pobal a bhréagadh agus a ghríosú chuig an tráthnóna liteartha a bhí á eagrú ag *OBERIÚ*. Ar na manaí a d'úsáid siad bhí 'Tá an ealaín cosúil le cófra' (ba mhinic Kharms ag teacht i láthair ar an ardán as cófra, nó ina shuí ar cheann) agus 'Ní pióga dánta: ní scadáin muidne'.

I dtosach na bliana 1928 foilsíodh forógra *OBERIÚ* agus is i Mí Eanáir a rinne siad a gcéad léiriú an-neamhghnách amharclannaíochta dar theideal *Trí hUaire Clé*, inar léiríodh píosaí grinn, véarsaíochta, ceoil agus drámaí beaga, agus ar léadh an forógra ann. Sa bhliain chéanna thosaigh Kharms agus Vvedénskii ag scríobh ar iris do pháistí, *An Ghráinneog*, agus níos faide anonn, ó 1930 ar aghaidh, ar cheann eile do pháistí dar theideal *An Siscín* agus faoin mbliain 1940 bhí dhá leabhar déag de scéalta le haghaidh páistí foilsithe ag Kharms, agus suas le seasca ceann ag Vvedénskii. Faoin am seo, áfach, bhí Stálin agus an Stát ag iarraidh idir chultúr agus shaoirse a chur faoi smacht agus an Réalachas Sóisialach a chur i bhfeidhm ar an litríocht agus ar na healaíona eile. Is é a bhí sa Réalachas seo ná an litríocht agus na healaíona a úsáid mar ghléas bolscaireachta ar son an Stáit agus an Chumannachais. Ba chóir don litríocht agus do na healaíona tacú leis an bPáirtí sa choimhlint ar son an Chumannachais agus tuigeadh go raibh Kharms agus Vvedénskii agus ealaíontóirí eile nach iad ag teacht salach ar thuairimí seo an Stáit. Sa bhliain 1929 briseadh as Aontas na bhFilí iad. Anuas air sin ní rabhthas sásta broic mórán le leithéidí *OBERIÚ* a bhí ag tabhairt faoi na húdaráis a chuir i gcoinne na turgnamhachta agus sa bhliain 1930 rinne siad a

léiriú deireanach. Faoin am seo ní raibh *OBERIÚ* oiriúnach do ré an Aontais Shóivéadaigh agus, cé go rabhthas ag cáineadh *OBERIÚ* ón tús, tháinig an clabhsúr orthu tar éis an léirithe seo nuair a cháin an nuachtán *Sména* é, á rá gur “lámhchleasaíocht fhrithghníomhach” a bhí ann.

As seo amach, cé gur leanadh de chruinnithe *Chinari*, níor phléigh Kharms ná Vvedénskii go poiblí ach le scríbhneoireacht do pháistí, cé nach raibh siad fós slán ó na húdaráis. Mar shampla, sa bhliain 1937 tharraing Kharms trioblóid air féin as dán a scríobh ar fhear a fhágann a theach agus a imíonn as radharc, gan tásc gan tuairisc air, agus a d’fhéadfaí a thuiscint mar thrácht ar staid na tíre faoin am sin ina raibh glantachán Stálin faoi lánseol agus na mílte duine ag imeacht gan tásc gan tuairisc – go díreach mar a tharlódh do Kharms agus do Vvedénskii níos faide anonn. Roimhe sin, sa bhliain 1931, cuireadh litríocht na bpáistí faoi chois an Stáit agus gabhadh an bheirt acu, chomh maith le scríbhneoirí eile, as a gcuid filíochta agus dánta a bheith i bhfad ó na fadhbanna a bhain le tógáil an tSóisialachais. Díbríodh go Kursk iad, ach ní raibh cúrsaí chomh dona sin i dtús na dtríochaidí agus tar éis cúpla mí ligeadh dóibh filleadh ar Chathair Naomh Peadar. Lean siad ag scríobh do pháistí ach bhí Kharms ag scríobh dó féin freisin, blúirí “don tarraiceán deisce”, mar bhí a fhios go maith aige nach bhfoilseofaí iad lena linn agus bhí sé ag dul níos mó i mbun próis i rith na tréimhse seo. Den chuid is mó de ba phíosáí fánacha aonarach a iad seo, ach eisceacht ba ea *Eachtraí*, sraith de thríocha scéal a scríobh sé idir 1933 agus 1939 agus a thiomnaigh sé don dara bean aige, Marína Vladímirovna Málich, a phós sé i 1934.

Sa bhliain 1934 cruthaíodh Aontas nua Scríbhneoirí agus ligeadh isteach an bheirt acu ach i 1936 phós Vvedénskii agus d’aistrigh se go Khár’kov na hÚcráine. Fós féin ní raibh siad slán sábháilte. Chuir Stálin tús leis an bPurgú Mór i 1937 agus

bhí gach éinne a measadh a bheith treascrach ó thaobh na polaitíochta de i mbaol. Sa bhliain 1941 rinne an Ghearmáin ionradh ar an Aontas Sóivéadach agus chuir na húdaráis Shóivéadacha tús le dreas nua gabhálacha. Mar go raibh teist pholaitiúil ar an mbeirt scríbhneoirí gabhadh arís iad, Kharms ar 23ú Lúnasa as “bolscaireacht dhíomuach” a scaipeadh, agus Vvedénskii i mí Mheán Fómhair. I Nollaig na bliana céanna fuair Vvedénskii bás ar chúinsí doiléire i rith an aslonnaithe roimh theacht na nGearmánach – meastar go bhfuair sé bás den dinnireacht i dtrucail beithíoch agus í ar a triall chun na Sibéire. I gCathair Lénin, a bhí faoi imshuí faoin am seo, lig Kharms air féin go raibh sé imithe le gealaigh chun nach gcuirfí os comhair meithle lámhaigh é, ach ar 4ú Feabhra, nuair a thug a bhean cuairt air, dúradh léi go bhfuair sé bás dhá lá roimhe sin in otharlann na carcrach – den ocras is dóichí.

I rith an dianléigir ar Chathair Lénin d'éirigh le duine eile de chuid *OBერიÚ*, Iákov Drúskin, fealsúnaí, siúl trasna na cathrach léirscriosta go dtí árasán Kharms. Thug Marína Málich, bean Kharms, mála taistil do Drúskin ina raibh páipéir de chuid Kharms agus Vvedénskii. Cheangail sé an mála taistil de charr sleamhain do pháistí agus tharraing sé abhaile leis é. Is ar an mbealach sin a tarrtháladh an chuid is mó dár scríobh siad.

Domhan coscrach is ea domhan Kharms agus Vvedénskii. Tá an áit seo breac leis an mbás tobann, leis an bhforneart neamh-chúiseach, le tubaistí, taismí agus tionóiscí agus leis an bhforéigean den uile chineál, agus is scáthán é seo ar staid an Aontais Shóivéadaigh mar a bhí sé sna tríochaidí. Tá siad ag déanamh aortha agus scigaithrise ar na hanchúinseachtaí agus ar an áiféis a bhí i mbarr a réime faoi Stálin. Tír ba ea í ina raibh an ghnáthloighic á cur bun os cionn, an teanga á cur as riocht, fíricí á saobhadh agus na céadta míle duine ag imeacht as radharc gan tásc gan tuairisc. Leagtar béim ar an easpa

cumarsáide idir daoine agus conas nach dtéann a leithéidí sin d’eachtraí i bhfeidhm orthu, amhail is nach raibh iontu ach gnáthimeachtaí laethúla a tharlaíodh Domhnach is dálach – agus tharlaíodh. Úsáideann Kharms neamhdheirí, míthátail, athrá chun an domhan seo na míchéille a léiriú agus a chur in iúl dúinn.

Maidir leis *An tSeanbhean*, a scríobh sé i 1939, cuireann Kharms an saol draíochtúil agus saol an Réalachais Shóisialaigh le hais a chéile. Déanann sé mionchur síos ar liostacht agus ar leadránacht an tsaoil laethúil – easpa bia, na scuainí sna siopaí – agus is anseo is féidir Kharms féin a fheiceáil. Is eol óna dhialanna féin go raibh na fadhbanna céanna ag Kharms ina shaol agus atá ag údar an scéil – easpa airgid, an t-ocras, an meath ag teacht ar a cholainn, a mheabhair, a mheanma. Seo an fíor-Réalachas Sóisialach. I gcomórtas leis seo léiríonn sé an saol fantaisíochta ina bhfuil an tseanbhean agus conas mar a thosaíonn an dá cheann seo ag meascadh lena chéile. Arís féin, mar a tharlaíonn go minic ina chuid gearrscéalta, is tromluí beo an toradh atá air seo, nach bhfuil aon teorannacha sa deireadh idir an gnách agus an neamhghnách, an chiall agus an mhíchiall, an bhrionglóid agus an dúiseacht.

Faightear na rudaí ceannanna céanna sa dráma *An Nollaig Tigh Mhuintir Ivanóv* le Vvedénskii. Scríobh sé é seo fad is a bhí sé i Khár’kov i 1938 agus meastar é a bheith ar an rud ab fhearr dár chum sé. Dráma é seo a dhéanann scigaithris ar a leithéidí sin de dhrámaí a scríobh Chékhov. Tá sé lán de chúrsaí leathair agus den bhás éigiallta a thiteann amach Oíche Nollag amháin nuair a éagann chuile dhuine i dteach theaghlach Puzyrëv (agus, dar ndóigh, níl éinne ann dar sloinne Ivanóv, níl sé ach ag magadh faoi ghnáthchoinbhinsiúin na drámaíochta). Cosúil le scríbhneoireachtaí Kharms, tá sé seo lán den áibhéil, den áiféis agus den easpa chéanna cumarsáide ach ba shuimiúla le Vvedénskii an teanga féin, mar cheap sé gur spéisiúla teanga

an dúlra ná teanga an duine. Ina chuid scríbhneoireachtaí is rud leachtúil iad coincheapa amhail an t-am, an spás agus an fhéiniúlacht, agus buntéama dá chuid ba ea an t-am, an bás agus Dia agus conas nach féidir iad seo a léiriú ná a chur in iúl go sásúil trí ghnáth-theanga an duine atá fréamhaithe sa smaointeoireacht loighiciúil.

Sa bhliain 1929 bhí faoi lucht *OBERIÚ* roinnt dá gcuid scríbhneoireachtaí a chur i gcló in almanag dar theideal *Folcadán Airciméidéis*, ach níor éirigh leis an bplean sin chun a saothar a chur os comhair lucht léite na Rúisise. Tá súil agam go dtabharfaidh an folcadán Gaeilge seo blas beag den bheirt ba mhó d'*OBERIÚ* do lucht léite na Gaeilge.

Sin a bhfuil i ndáiríre!

Tháinig fear amach as a theach

Tháinig fear amach as a theach
Le lorga agus le mála,
Agus ar bhealach fada, ar bhealach fada,
De shiúl na gcos a d'fhág sé.

Chuaigh sé i gcónaí ag féachaint ar aghaidh,
Níor fhéach sé siar am ar bith,
Níor chodail, níor ól, níor chodail, níor ól,
Níor chodail, níor ól, níor ith.

Ach chuaigh sé isteach i gcoill dhubh
Ar maidin, lá amháin,
Agus ón uair, agus ón uair sin,
Ón uair sin níl sé le fáil.

Ach má tharlaíonn duit am éigin
Bualadh leis an duine sin,
Ansin go tapa, ansin go tapa,
Go tapa abair linn.

Daniíl Kharms
1937

Eachtraí

*tiomnaím é seo do
Marína Vladímirovna Málich*

Cóipleabhar Gorm Uimh. 10

Bhí fear rua áirithe ann nach raibh súile aige ná cluasa. Ní raibh gruaig air ach oiread, mar sin tugadh rua air go coinníollach.

Níorbh fhéidir leis labhairt mar nach raibh béal aige. Ní raibh srón ach chomh beag.

Ní raibh fiú lámh ná cos air. Agus ní raibh bolg aige, agus ní raibh droim agus ní raibh cnámh droma, agus ní raibh aon chineál ionathair. Ní raibh faic! Mar sin ní thuigim cén duine atá á phlé againn.

B'fhearrde dúinn gan a bheith ag labhairt faoi a thuilleadh.

1937

Eachtraí

D’ith Orlóv an iomarca piseanna brúite uair amháin agus fuair sé bás. Agus fuair Krýlov bás tar éis dó é seo a fháil amach. Agus fuair Spiridónov bás de thoil dheona. Agus thit bean Spiridónov den chornchlár agus fuair sise bás freisin. Agus bádh clann Spiridónov sa lochán. Agus d’éirigh seanmháthair Spiridónov tugtha don ól agus thug sí an bóthar uirthi féin. Agus stad Mikháilov dá chuid gruaige a réiteach agus tholg sé an ghearb. Agus tharraing Krýglov pictiúr de bhean le lasc ar a lámha agus chuaigh sé le craobhacha. Agus fuair Perehrëstov 400 rúbal i sreangscéal agus bhí sé chomh lán sin de lán gur briseadh as a phost é.

Daoine maithe, ach níl a fhios acu conas seasamh ar a mboinn féin.

22 Lúnasa 1933

Seanmhná ag Titim Amach

Thit seanbhean áirithe amach as fuinneog le barr fiosrachta, thit go talamh agus rinneadh smionagar di.

Chrom seanbhean eile trí fhuinneog amach agus thosaigh sise ag féachaint síos ar an smionagar ach thit sise amach an fhuinneog le barr fiosrachta freisin, thit go talamh agus rinneadh smionagar di.

Ansin thit an tríú seanbhean amach as fuinneog, ansin an ceathrú seanbhean, ansin an cúigiú seanbhean.

Nuair a thit an séú seanbhean d'éirigh mé bréan de bheith ag féachaint orthu agus d'imigh mé liom go dtí margadh Mál'tsevsii, áit, a dúradh, ar bronnadh seál cniotáilte ar dhall áirithe.

1937

Soinéad

D'imir rud iontach orm: rinne mé dearmad go tobann cad a thagann ar dtús – 7 nó 8?

Chuaigh mé chuig mo chomharsana agus d'fhiafraigh mé díobh cad é a dtuairim air seo.

A leithéid d'iontas a bhí orthusan agus ormsa nuair a nocht siad go tobann nárbh fhéidir leosan cuimhneamh ar ord na n-uimhreacha ach oiread. 1, 2, 3, 4, 5 agus 6 ba chuimhin leo, ach bhí dearmadta acu ar níos mó ná sin.

Chuamar go léir go dtí an siopa mór tráchtála atá ar chúinne na sráideanna Známenskaia agus Basséinaia, agus d'insíomar don bhanairgeadóir faoinár mearbhall. Rinne an banairgeadóir miongháire brónach, tharraing sí casúirín beag amach as a béal agus, tar éis di a srón a bhíogadh go bog, dúirt: “Is é mo thuairim go dtagann uimhir a seacht tar éis uimhir a hocht nuair a thagann uimhir a hocht tar éis uimhir a seacht.”

Ghabhamar ár mbuíochas leis an mbanairgeadóir agus ritheamar amach as an siopa agus ríméad orainn. Ach ansin, ag machnamh ar fhocail an bhanairgeadóira dúinn, tháinig néal dubh anuas orainn arís mar go bhfacthas dúinn nach raibh ciall ar bith ina cuid focal.

Cad a bhí le déanamh againn? Chuamar go dtí an Gairdín Samhraidh agus ansin thosaíomar ag comhaireamh na gcrann. Ach, ag sroicheadh uimhir 6 dúinn, stadamar agus thosaíomar ag achrann: i dtuairim daoine áirithe b'é 7 a lean, ach i dtuairim daoine eile – 8.

Bheimis ag achrann go ceann tamaill fhada ach, ar an dea-uair,
thit leanbh éigin de bhinse ansin agus bhris sé a dhá ghiall.
Bhain sé seo ár n-aighe dár n-achrann.

Agus ansin chuamar abhaile.

12 Samhain 1935

Petróv agus Mishkítov

Petróv: É, a Mishkítov! Cad faoi seo –
Beirimis ar na muiscítí seo!

Mishkítov: Nílim ullamh dó sin, ná bacaimis;
B’fhearr gur chait a gheobhaimis!

Seachmall Radhairc

Féachann Semën Semënovich ar chrann giúise tar éis dó a spéaclaí a chur air féin, agus feiceann sé go bhfuil tuathánach ina shuí ar an gcrann giúise agus go bhfuil sé ag taispeáint a dhoirn dó.

Féachann Semën Semënovich ar an gcrann giúise tar éis dó a spéaclaí a bhaint de féin, agus feiceann sé nach bhfuil éinne ina shuí ar an gcrann giúise.

Féachann Semën Semënovich ar an gcrann giúise tar éis dó a spéaclaí a chur air féin, agus feiceann sé arís go bhfuil tuathánach ina shuí ar an gcrann giúise agus go bhfuil sé ag taispeáint a dhoirn dó.

Féachann Semën Semënovich ar an gcrann giúise tar éis dó a spéaclaí a bhaint de féin, agus feiceann sé arís nach bhfuil éinne ina shuí ar an gcrann giúise.

Féachann Semën Semënovich ar an gcrann giúise tar éis dó a spéaclaí a chur air féin arís, agus feiceann sé arís go bhfuil tuathánach ina shuí ar an gcrann giúise agus go bhfuil sé ag taispeáint a dhoirn dó.

Níl fonn ar Semën Semënovich creidiúint san fheiniméan seo agus measann sé gur seachmall radhairc atá ann.

1934

Púshkin agus Gógol'

Titeann Gógol' aniar as na cliatháin, amach ar an ardán agus luíonn sé ann go ciúin.

Púshkin (tagann amach, baineann Gógol' tuisle as agus titeann sé). A dhiabhail! De réir dealraimh is é Gógol' a bhain tuisle asam!

Gógol' (ag éirí): A leithéid d'adhfhuafaireacht! Ní ligtear duit do scíth a ligean. (Téann sé, baineann Púshkin tuisle as agus titeann sé). De réir dealraimh is é Púshkin a bhain tuisle asam!

Púshkin (ag éirí): Níl nóiméad síochána ann! (Téann sé, baineann Gógol' tuisle as agus titeann sé). A dhiabhail! Is é Gógol' a bhain tuisle asam arís, de réir dealraimh!

Gógol' (ag éirí): Bíonn bac ar gach rud i gcónaí! (Téann sé, baineann Púshkin tuisle as agus titeann sé). Sin adhfhuafaireacht! Bhain Púshkin tuisle asam arís!

Púshkin (ag éirí): Creachadóireacht! Creachadóireacht amach is amach! (Téann sé, baineann Gógol' tuisle as agus titeann sé). A dhiabhail! Bhain Gógol' tuisle asam arís!

Gógol' (ag éirí): Seo masla amach is amach! (Téann sé, baineann Púshkin tuisle as agus titeann sé). Bhain Púshkin tuisle asam arís!

Púshkin (ag éirí): A dhiabhail! A dhiabhail chruthanta! (Téann sé, baineann Gógol' tuisle as agus titeann sé). Bhain Gógol' tuisle asam!

Gógol' (ag éirí): Adhfhuafaireacht! (Téann sé, baineann Púshkin tuisle as agus titeann sé). Bhain Púshkin tuisle asam!

Púshkin (ag éirí): A dhiabhail! (Téann sé, baineann Gógol' tuisle as agus titeann sé laistiar de na cliatháin). Bhain Gógol' tuisle asam!

Gógol' (ag éirí): Adhfhuafaireacht! (Téann sé na cliatháin amach).

Taobh thiar den ardán cloistear guth Gógol': "Bhain Púshkin tuisle asam!"

Brat

1934

Kushaków Siúinéir

Fadó fadó bhí siúinéir ann. Kushaków ab ainm dó.

Uair amháin d'fhág sé a áraslann agus chuaigh sé go dtí siopa beag chun roinnt glae siúinéara a cheannach.

Bhí coscairt ann agus bhí sé an-sleamhain ar an tsráid.

Thóg an siúinéir cúpla coiscéim, shleamhnaigh, thit agus ghortaigh sé clár a éadain.

“Ach!” arsa an siúinéir, d'éirigh sé, chuaigh go dtí an siopa póitigéara, cheannaigh sé greimlín agus ghreamaigh sé dá éadan é.

Ach nuair a tháinig sé amach arís agus nuair a thóg sé cúpla coiscéim shleamhnaigh sé arís, thit sé agus ghortaigh sé a shrón.

“Feo!” arsa an siúinéir, chuaigh sé go dtí an siopa póitigéara, cheannaigh sé greimlín agus ghreamaigh sé an greimlín dá shrón.

Ansín tháinig sé amach arís, shleamhnaigh sé arís, thit sé agus ghortaigh sé a leiceann.

Ba ghá leis dul go dtí an siopa póitigéara arís agus greimlín a ghreamú dá leiceann.

“Seo anois,” arsa an póitigéir leis an siúinéir, “mar go mbíonn tú ag titim agus do do ghortú féin chomh minic sin molaim duit cúpla greimlín a cheannach.”

“Níl an ceart agat,” arsa an siúinéir, “ní thitfidh mé a thuilleadh!”

Ach nuair a chuaigh sé amach, shleamhnaigh sé arís, thit sé agus ghortaigh sé a smig.

“A oighir mhallaithe!” arsa an siúinéir de bhéic agus rith sé arís go dtí an siopa póitigéara.

“Bhuel, an bhfeiceann tú,” arsa an póitigéir. “Thit tú arís, mar sin.”

“Níor thit!” arsa an siúinéir de bhéic. “Níl fonn orm rud ar bith a chloisteáil! Tabhair greimlín go gasta dom!”

Thug an póitigéir greimlín; ghreamaigh an siúinéir dá smig é agus rith sé abhaile.

Ach níor aithníodh san áraslann é agus níor ligeadh isteach ina árasán é.

“Is mise Kushakóv siúinéir!” arsa an siúinéir de bhéic.

“Sin ceann maith!” ba ea an freagra as an árasán agus cuireadh an glas ar an doras le crúca agus le slabhra.

Sheas Kushakóv siúinéir ar an staighre, chaith sé seile agus chuaigh sé amach ar an tsráid.

An Trunc

Dhreap duine le muineál caol isteach i dtrunc, dhún sé an claibín ina dhiaidh agus thosaigh sé á phlúchadh.

“Mar sin é,” arsa an duine leis an muineál caol, “táim á phlúchadh istigh sa trunc mar go bhfuil muineál caol orm. Tá claibín an trunca dúnta agus níl sé ag ligean aon aer chugam isteach. Beidh mé á phlúchadh ach, mar sin féin, ní osclóidh mé claibín an trunca. Beidh mé ag fáil bháis diaidh ar ndiaidh. Feicfidh mé an choimhlint idir an bheatha agus an bás. Tarlóidh spairn mhínádúrtha a bheidh ar comhsheans, mar go mbuann an bás go nádúrtha agus ní throdann an bheatha, a mbíonn an bás i ndán di, ach amháin in aisce, gan an dóchas baoth a chailleadh go dtí an nóiméad deireanach. Ach sa choimhlint seo a tharlóidh anois beidh fios mhodh a bua ag an mbeatha: chuige seo caithfidh an bheatha a thabhairt ar mo lámha claibín an trunca a oscailt. Feicfimid: cé a gheobhaidh an lámh in uachtar? Ach tá boladh uafásach naftailéine anseo. Má bhuann an bheatha beidh mé ag púdráil na rudaí seo sa trunc le tobac.... Tá sé tar éis tosú mar sin: ní féidir liom anáil a tharraingt a thuilleadh! Táim marbh is léir! Níl tarrtháil i ndán dom a thuilleadh! Agus níl dada maorga i mo chloigeann. Táim á phlúchadh...!

“Ó! Cad é seo? Tharla rud éigin ansin, ach ní féidir liom a thuiscint cad é. Chonaic mé rud éigin nó chuala mé...!

“Ó! Tharla rud éigin arís! A Dhia na bhfeart! Níl faic anseo a ligfidh dom anáil a tharraingt! Táim ag fáil bháis de réir dealraimh....

“Agus cad é seo? Cén fáth a bhfuilim ag canadh? Tá mo mhuineál tinn de réir dealraimh.... Agus cá bhfuil an trunc? Cén

fáth a bhfeicim gach rud atá i mo sheomra? Agus taibhsítear domsa go bhfuilim i mo luí ar an urlár! Ach cá bhfuil an trunc?”

D’éirigh an duine leis an muineál caol den urlár agus d’fhéach sé thart. Ní raibh an trunc in áit ar bith. Bhí na rudaí a tarraingíodh amach as an trunc ina luí ar na cathaoireacha agus ar an leaba ach ní raibh an trunc in áit ar bith.

Dúirt an duine leis an muineál caol: “Ciallaíonn sé seo gur bhuaigh an bheatha ar an mbás ar chaoi anaithnid dom.”

30 Eanáir 1937

Eachtra le Petrakóv

Uair amháin bhí fonn ar Petrakóv dul a chodladh agus luigh sé síos ach níor aimsigh sé an leaba. Bhuaill sé an t-urlár chomh láidir sin go bhfuil sé ina luí ar an urlár agus ní féidir leis éirí.

Bhailigh Petrakóv a urra coirp deireanach mar sin, agus d'éirigh sé ar a cheithre bhonn. Ach thréig a urra coirp é agus thit sé ar ais ar a bholg agus luíonn sé ann.

Bhí Petrakóv thart ar chúig huaire an chloig ina luí ar an urlár. Ar dtús luigh sé mar sin go simplí agus ansin chuaigh sé a chodladh.

Neartaigh an codladh urra coirp Petrakóv. Dhúisigh sé agus é sláintiúil ar fad, d'éirigh sé, shiúil sé síos suas an seomra agus luigh sé go haireach ar an leaba. “Bhuel,” a cheapann sé, “anois codlóidh mé beagán.” Ach níl fonn codlata anois air.

Déanann sé é féin a únfairt ó thaobh go taobh ach ní féidir leis dul a chodladh ar shlí ar bith.

Sin a bhfuil i ndáiríre.

Scéal na dTrodaithe

Bhrúigh Alekséi Alekséevich Andréi Kárlovich faoi féin agus, tar éis dó dorn a thabhairt dá phus cúpla babhta, scaoil sé leis.

Rad Andréi Kárlovich, a bhí bánghnéitheach le teann feirge, é féin le Alekséi Alekséevich agus bhuail sé sna fiacla é.

Thit Alekséi Alekséevich ar an urlár, gan súil a bheith aige le hionsaí chomh tapa sin, agus shuigh Andréi Kárlovich ar scaradh gabhail air, tharraing sé a fhiacra bréige amach as a bhéal féin agus thug sé a leithéid sin de léasadh d'Alekséi Alekséevich leo gur éirigh Alekséi Alekséevich den urlár lena aghaidh ar fad coscartha agus a pholláirí réabtha. Agus é ag coimeád a lámh os comhair a aghaidhe rith Alekséi Alekséevich amach.

Ach chuimil Andréi Kárlovich a fhiacra bréige féin, chuir sé ina bhéal iad, bhain sé smeach as a bheola agus, tar éis dó a bheith cinnte go raibh na fiacla san áit cheart, d'fhéach sé thart agus, gan Alekséi Alekséevich a fheiceáil, d'imigh sé ar a lorg.

1936

An Bhrionglóid

Chuaigh Kalúgin a chodladh agus rinne sé brionglóid go raibh sé ina shuí i dtoim agus go raibh póilín ag dul thar na toim.

Dhúisigh Kalúgin, thochais sé a bhéal agus chuaigh sé a chodladh arís, agus rinne sé brionglóid arís go raibh sé ag dul thar na toim agus go raibh an póilín faoi cheilt agus ina shuí sna toim.

Dhúisigh Kalúgin, chuir sé nuachtán faoina chloigeann chun nach bhfliuchfadh sé an cheannadhairt lena chuid prioslaí agus chuaigh sé a chodladh arís agus rinne sé brionglóid arís go raibh sé ina shuí sna toim agus go raibh an póilín ag dul thar na toim.

Dhúisigh Kalúgin, d'athraigh sé an nuachtán, luigh sé síos agus chuaigh sé a chodladh arís. Chuaigh sé a chodladh agus rinne sé brionglóid arís go raibh sé ag dul thar na toim agus go raibh an póilín ina shuí sna toim.

Dhúisigh Kalúgin anseo agus shocraigh sé gan dul a chodladh a thuilleadh ach chuaigh sé a chodladh láithreach agus rinne sé brionglóid go raibh sé ina shuí taobh thiar den phóilín agus go raibh na toim ag dul thart.

Lig Kalúgin scread as agus thosaigh sé ag iomlasc ach ní raibh sé in ann dúiseacht.

Chodail Kalúgin ceithre lá agus ceithre oíche as a chéile agus dhúisigh sé an cúigiú lá agus é chomh séaclach sin gur ghá a bhuataisí a cheangal dá chosa le téad chun nach dtitfidís de.

Sa bhácús ina gceannaíodh Kalúgin arán cruithneachta níor aithníodh é agus brúdh bollóg leathsheagail air.

Ach fuair an Bord Sláinte, a bhí ag dul timpeall na n-árasán agus ag feiceáil Kalúgin dóibh, neamhshláintiúil agus

neamhoiriúnach d'áit ar bith é agus d'ordaigh siad don Bhord Tithíochta é a chaitheamh amach leis an mbruscar.

Filleadh Kalúgin ina dhá leath agus caitheadh amach mar bhruscar é.

1939

An Matamaiticeoir agus Andréi Semënovich

An Matamaiticeoir (ag tarraingt comhchruinneáin amach as a chloigeann):

Tharraing mé comhchruinneán amach as mo chloigeann.

Tharraing mé comhchruinneán amach as mo chloigeann.

Tharraing mé comhchruinneán amach as mo chloigeann.

Tharraing mé comhchruinneán amach as mo chloigeann.

Andréi Semënovich:

Cuir ar ais é.

Cuir ar ais é.

Cuir ar ais é.

Cuir ar ais é.

An Matamaiticeoir:

Ní chuirfidh!

Ní chuirfidh!

Ní chuirfidh!

Ní chuirfidh!

Andréi Semënovich:

Bhuel, ná cuir mar sin.

Bhuel, ná cuir mar sin.

Bhuel, ná cuir mar sin.

An Matamaiticeoir:

Ní chuirfidh mar sin!

Ní chuirfidh mar sin!

Ní chuirfidh mar sin!

Andréi Semënovich:

Tá go maith mar sin.

Tá go maith mar sin.

Tá go maith mar sin.

An Matamaiticeoir:

Bhuaigh mé mar sin!

Bhuaigh mé mar sin!

Bhuaigh mé mar sin!

Andréi Semënovich:

Bhuel, bhuaigh ach tóg bog é!

An Matamaiticeoir:

Ní thógfaidh!

Ní thógfaidh!

Ní thógfaidh!

Andréi Semënovich:

B'fhéidir gur matamaiticeoir tú, ach, ar m'fhocal, níl tú éirimiúil.

An Matamaiticeoir:

Tá, táim éirimiúil agus tá mórán ar eolas agam!

Tá, táim éirimiúil agus tá mórán ar eolas agam!

Tá, táim éirimiúil agus tá mórán ar eolas agam!

Andréi Semënovich:

Mórán, ach is seafóid é go léir.

An Matamaiticeoir:

Ní hea, ní seafóid!

Ní hea, ní seafóid!

Ní hea, ní seafóid!

Andréi Semënovich:

Táim bréan de bheith ag siúite leat!

An Matamaiticeoir:

Níl tú!

Níl tú!

Níl tú!

(*Croitheann Andréi Semënovich a lámh go cantalach agus imíonn sé. Imíonn an matamaiticeoir i ndiaidh Andréi Semënovich tar éis dó seasamh go ceann nóiméid.*)

Brat

1933

Duine Óg a Scanraigh Fairtheoir

“Féach!” arsa an fairtheoir, ag iniúchadh na cuileoige dó. “Má sméartar le glae siúinéara í is dócha go mbeidh a deireadh léi ansin. Sin ceann maith! Le glae simplí!”

“É, tusa, a phúca!” a bhéic duine óg a raibh lámhainní buí air leis an bhfairtheoir.

Thuig an fairtheoir láithreach go raibh sé dírithe airsean féin ach lean sé de bheith ag féachaint ar an gcuileog.

“Nach leatsa atáim ag labhairt?” arsa an duine óg de bhéic arís. “A mhuclaigh!”

Leacaigh an fairtheoir an chuileog le méar agus gan a chloigeann a iompú i dtreo an duine óig dúirt sé: “Agus tusa, a neamhnáireacháin, cén fáth a bhfuil tú ag liú? Cloisim thú mar atá. Níl cúis ar bith ann a bheith ag liú.”

Ghlan an duine óg a bhríste lena lámhainní agus de ghuth mín d’fhiafraigh sé: “Inis dom, a dhaideo, conas dul ar neamh ón áit seo?”

D’fhéach an fairtheoir ar an duine óg, leathdhún sé leathshúil, ansin leathdhún sé an ceann eile, ansin thochais sé a fhéasóg féin, d’fhéach sé ar an duine óg agus dúirt: “Bhuel, níl faic anseo chun moill a chur ort, imigh leat.”

“Tá brón orm,” arsa an duine óg, “ach táim anseo de ghnó cruógach. Tá seomra ullmhaithe dom ann cheana féin.”

“Tá go maith,” arsa an fairtheoir, “taispeáin dom do thicéad.”

“Níl aon ticéad agam: dúirt siad go ligfí isteach mar seo mé,” arsa an duine óg, ag féachaint idir a dhá shúil ar an bhfairtheoir.

“Ambaist!” arsa an fairtheoir.

“Bhuel, cad faoi?” arsa an duine óg. “An ligfidh tú isteach mé?”

“Tá go maith, ligfidh,” arsa an fairtheoir. “Ar aghaidh leat.”

“Ach conas a rachaidh mé? Cá háit?” arsa an duine óg. “Níl an tslí go fiú ar eolas agam.”

“Cá bhfuil do thriall?” arsa an fairtheoir, ag cur aghaidh dhian air féin.

Cheil an duine óg a bhéal le bois agus dúirt sé go han-chiúin: “Neamh!”

Chrom an fairtheoir aniar, bhog sé a chos dheas chun seasamh níos daingne, d’fhéach sé go dian ar an duine óg agus d’fhiafraigh sé go géar: “Cad seo? An dúramán thú?”

Rinne an duine óg miongháire, d’ardaigh sé lámh i lámhainn bhuí, chroith sé os cionn a chloiginn í agus go tobann d’imigh sé as radharc.

Bholaigh an fairtheoir an t-aer. Bhí boladh cleití dóite as an aer.

“M’anam!” arsa an fairtheoir, d’oscail sé a sheaicéad, thochais sé a bholg, chaith sé seile leis an áit a raibh an duine óg ina sheasamh agus d’imigh sé leis go mall go dtí a bhosca fairtheoireachta féin.

1936

Ceithre Shampla mar a Bhaineann Tuairim Nua Geit as Duine Nach bhFuil Ullamh Di

I.

Scríbhneoir: Is scríbhneoir mise.

Léitheoir: Agus 'sé mo thuairim nach bhfuil ionat ach cac!

Seasann an scríbhneoir go ceann cúpla nóiméad agus an anáil bainte de ag an tuairim nua seo agus titeann sé. Iompraítear amach é.

II.

Ealaíontóir: Is ealaíontóir mise.

Oibrí: Agus 'sé mo thuairim nach bhfuil ionat ach cac!

*Tháinig dath an bháis ar an ealaíontóir ar an mball,
Thosaigh sé ag luascadh mar ghiolcach,
Agus fuair sé bás go tinneasnach.
Iompraítear amach é.*

III.

Cumadóir: Is cumadóir mise.

Vánia Rublëv: Agus 'sé mo thuairim nach bhfuil ionat ach cac!

*Ní dhéanann an cumadóir ach tostú, agus é ag anáil go trom.
Go tobann iompraítear amach é.*

IV.

Ceimiceoir: Is ceimiceoir mise.

Fisiceoir: Agus 'sé mo thuairim nach bhfuil ionat ach cac!

Ní deir an ceimiceoir focal eile agus titeann sé go trom ar an urlár de thuairt.

13 Aibreán 1939

Caillteanais

Cheannaigh Andréi Andréevich Miásov buaiceas ar an margadh agus d'iompair abhaile é.

Ar an mbóthar dó chaill Andréi Andréevich an buaiceas agus bhuail sé isteach i siopa chun céad gram go leith d'ispín *poltáva* a cheannach. Ansin bhuail Andréi Andréevich isteach in uachtarlann agus cheannaigh sé buidéal iógairt, ansin d'ól sé muigín beag de *kvas* ag stáinnín agus sheas sé i scuaine le haghaidh nuachtáin. Bhí an scuaine fada go leor agus ní raibh Andréi Andréevich níos lú ná fiche nóiméad ina sheasamh ann agus nuair a shroich sé an nuachtánaí tháinig deireadh leis na nuachtáin os comhair a shúl.

Bhuail Andréi Andréevich an t-am agus d'imigh sé leis abhaile ach ar an mbóthar dó chaill sé an t-iógart agus d'iompaigh sé i leataobh isteach i mbácús, cheannaigh sé bollóg Fhrancach ach chaill sé an t-ispín *poltáva*.

Ansin d'imigh Andréi Andréevich leis caol díreach abhaile ach ar an mbóthar dó thit sé, chaill sé an bhollóg Fhrancach agus bhris sé a spéaclaí sróine.

Tháinig Andréi Andréevich abhaile agus an-olc go deo air agus chuaigh sé a luí láithreach ach níorbh fhéidir leis dul a chodladh le fada agus nuair a thit a chodladh air rinne sé brionglóid: gur chaill sé a scuab fiacla agus go raibh sé ag glanadh a fhiacra le coinnleoir de shaghas éigin.

Makárov agus Pétersen Uimh. 3

Makárov: Anseo, sa leabhar seo, tá sé scríofa faoinár mianta agus faoina sásamh. Léigh an leabhar seo agus tuigfidh tú cé chomh folamh is atá ár gcuid mianta. Tuigfidh tú freisin cé chomh furasta is atá sé mian duine eile a shásamh agus cé chomh deacair is atá sé do mhian féin a shásamh.

Pétersen: Thosaigh tú á rá sin go han-sollúnta ar chúis éigin. Labhraíonn ceannairí na nIndiach mar sin.

Makárov: Is é an cineál leabhair é seo gur gá labhairt go maorga faoi. Fiú amháin ag smaoineamh air dom bainim mo hata díom.

Pétersen: Agus an níonn tú do lámha sula leagann tú lámh ar an leabhar seo?

Makárov: Déanaim, is gá do lámha a ní.

Pétersen: Nífeá fiú do chos ar eagla na heagla.

Makárov: Tá sé sin neamhdheisbhéalach agus mímhúinte.

Pétersen: Agus cén saghas leabhair é?

Makárov: Is dúrúnda atá teideal an leabhair seo.

Pétersen: Hí-hí-hí.

Makárov: Is é teideal an leabhair seo ná MALGIL.

Imíonn Pétersen as radharc go tobann

Makárov: A Thiarcais! Cad é seo? A Pétersen!

Guth Pétersen: Cad a tharla, a Makárov! Cá bhfuilim?

Makárov: Cá bhfuil tú? Ní fheicim thú!

Guth Pétersen: Ach cá bhfuil tusa? Ní fheicim tusa ach oiread...! Cé hiad na comhchruinneáin seo?

Makárov: Cad atá le déanamh? A Pétersen, an gcloiseann tú mé?

Guth Pétersen: Cloisim! Ach cad é seo a tharla? Agus cé hiad na comhchruinneáin seo?

Makárov: An féidir leat bogadh?

Guth Pétersen: A Makárov! An bhfeiceann tú na comhchruinneáin seo?

Makárov: Cé na comhchruinneáin?

Guth Pétersen: Scaoilígí saor mé...! Scaoilígí saor mé...! A Makárov...!

Ciúnas. Makárov ina sheasamh agus uafás air, ansin beireann sé ar an leabhar agus osclaíonn sé é.

Makárov (ag léamh): "... diaidh ar ndiaidh cailleann an duine a chruth féin agus iompaíonn sé ina chomhchruinneán. Agus, tar éis dó iompú ina chomhchruinneán, cailleann an duine a chuid mianta go léir."

Brat

1934

Cúirt Linseála

Téann Petrów sa diallait ar a each agus, ag iompú i dtreo an tslua, tugann sé óráid ar cad a bheidh ann má thógtar teach spéire Meiriceánach san áit a bhfuil an gairdín poiblí. Éistean an slua agus, de réir dealraimh, aontaíonn siad leis. Breacann Petrów rud éigin síos ina leabhrán nótaí. Seasann duine meán-ard amach as an slua agus fiafraíonn sé de Petrów cad é a bhreac sé síos ina leabhrán nótaí. Freagraíonn Petrów nach mbaineann sé ach leis féin amháin. Leanann an duine meán-ard air. Diaidh ar ndiaidh tosaíonn achrann. Taobhaíonn an slua leis an duine meán-ard agus broideann Petrów a each chun siúil, ag sábháil a bheo féin, agus téann sé i bhfolach timpeall an chúinne. Éiríonn an slua mífhoighneach agus de cheal íobartaigh eile beireann siad greim ar an duine meán-ard agus sracann siad a chloigeann de. Rollann an cloigeann sractha timpeall an bhóthair agus téann sé i bhfostú i haiste an lintéir. Agus tar éis dóibh a mianta a shásamh scaipeann an slua.

Bualadh le Chéile

Uair amháin, mar sin, chuaigh an duine seo ag obair, agus ar an mbóthar dó bhuail sé le duine eile a bhí ag dul abhaile tar éis dó bollóg Pholannach a cheannach.

Sin a bhfuil i ndáiríre.

Seó Míráthúil

Tagann Petrakóv-Gorbunóv amach ar an ardán, ba mhaith leis rud éigin a rá ach déanann sé snag. Tosaíonn sé ag urlacan. Imíonn sé. Tagann Pritýkin amach.

*Pritýkin: Tá ar an Uasal Petrakóv-Gorbunóv a...
(Urlacann sé agus ritheann sé amach.)*

Tagann Makárov amach.

Makárov: Egór... (Urlacann Makárov. Ritheann sé amach.)

Tagann Sérpukhov amach.

*Sérpukhov: Chun nach mbeidh...
(Urlacann sé, ritheann sé amach.)*

Tagann Kúrova amach.

Kúrova: Bheinn... (Urlacann sí, ritheann sí amach.)

Tagann gearrchaile beag amach.

Gearrchaile beag: D'iarr Daidí orm a rá libh go bhfuil an amharclann á dúnadh. Táimid go léir ag aiseag!

Brat

Plimp!

An samhradh atá ann. Bord scríbhneoireachta. Doras ar deis. Pictiúr ar an mballa. Tá capall línithe sa phictiúr agus tá giofóg i bhfiacra an chapaill. Ól'ga Petrónna ag tua connaidh. Le gach buille preabann a spéaclaí sróine de shrón Ól'ga Petrónna.

Tá Evdokím Ósipovich ina shuí ar chathaoir uilleann agus é ag caitheamh tobac.

Ól'ga Petrónna: (buaileann sí an spreota adhmaid le tua ach ní scoiltear ar chor ar bith é).

Evdokím Ósipovich: Plimp!

Ól'ga Petrónna: (ag cur a spéaclaí sróine uirthi féin buaileann sí an spreota).

Evdokím Ósipovich: Plimp!

Ól'ga Petrónna: (ag cur a spéaclaí sróine uirthi féin buaileann sí an spreota).

Evdokím Ósipovich: Plimp!

Ól'ga Petrónna: (ag cur a spéaclaí sróine uirthi féin buaileann sí an spreota).

Evdokím Ósipovich: Plimp!

Ól'ga Petrónna (ag cur a spéaclaí sróine uirthi féin): A Evdokím Ósipovich! Iarraim ort: ná habair an focal sin “plimp”!

Evdokím Ósipovich: Tá go maith, tá go maith.

Ól'ga Petrónna: (buaileann sí an spreota leis an tua).

Evdokím Ósipovich: Plimp!

Ól'ga Petrónna (ag cur a spéaclaí sróine uirthi féin): A Evdokím Ósipovich! Gheall tú dom nach ndéarfá an focal sin “plimp”!

Evdokím Ósipovich: Tá go maith, tá go maith, a Ól'ga Petrónna! Ní bheidh mé as seo amach.

Ól'ga Petrónna: (buaileann sí an spreota leis an tua).

Evdokím Ósipovich: Plimp!

Ól'ga Petrónna (ag cur a spéaclaí sróine uirthi féin): Tá sé seo mínósach! Duine fásta meán-aosta agus ní thuigeann sé iarratas furasta daonna!

Evdokím Ósipovich: A Ól'ga Petrónna! Is féidir leat leanúint de d'obair ar do shuaimhneas. Ní bheidh mé ag cur as duit a thuilleadh.

Ól'ga Petrónna: Ach táim ag iarraidh ort, táim ag iarraidh i ndáiríre ort: lig dom an spreota seo a thua!

Evdokím Ósipovich: Tuaigh leat, dar ndóigh, tuaigh!

Ól'ga Petrónna: (buaileann sí an spreota leis an tua).

Evdokím Ósipovich: Plimp!

Titeann an tua d'Ól'ga Petrónna, osclaíonn sí a béal ach ní féidir léi dada a rá. Éiríonn Evdokím Ósipovich den chathaoir uilleann, iniúchann sé Ól'ga Petrónna ó bhaithis go bonn agus imíonn sé leis go mall. Seasann Ól'ga Petrónna gan bogadh aisti, lena béal ar oscailt agus féachann sí ar Evdokím Ósipovich ag dul as radharc.

Ligtear anuas an brat go mall.

Na Rudaí a Dhíoltar Anois sna Siopaí

Tháinig Koratýgin chuig teach Tikakéev ach ní bhfuair sé ann é.

Ach bhí Tikakéev sa siopa ag an am sin agus bhí sé ag ceannach siúcra, feola agus cúcamar ann.

Mháinneáil Koratýgin thart faoi dhoirse Tikakéev agus bhí sé socruithe aige cheana féin nóta a scríobh nuair a fheiceann sé go tobann go bhfuil Tikakéev féin ag teacht agus go bhfuil sé ag iompar máilín ola-éadaigh.

Chonaic Koratýgin Tikakéev agus scairteann sé leis: “Táim ag fanacht leat le huair an chloig cheana féin!”

“Sin bréag,” arsa Tikakéev, “níor fhág mé an teach ach cúig nóiméad is fiche ó shin.”

“Níl a fhios agam faoi sin,” arsa Koratýgin, “ach amháin go bhfuilim anseo le huair a chloig.”

“Ná habair bréag,” arsa Tikakéev. “Cúis náire bréag a rá.”

“A dhuine is uaisle!” arsa Koratýgin. “Ar mhiste leat a bheith aireach le do chuid cainte.”

“Measaim...” a thosaigh Tikakéev, ach tháinig Koratýgin roimhe.

“Má mheasann tú...” ar seisean. Ach anseo tháinig Tikakéev roimh Koratýgin agus dúirt: “Nach breá an duine tú!”

Chuir na focail seo a leithéid sin d’fheirg ar Koratýgin gur fháisc sé leathpholláire le méar agus leis an bpolláire eile shéid sé a shrón le Tikakéev.

Ansin thóg Tikakéev an cúcamar ba mhó amach as an máilín ola-éadaigh agus bhuaile sé Koratýgin sa chloigeann leis.

Rug Koratýgin greim cloiginn air féin, thit sé agus fuair sé bás.

Díoltar cúcamair chomh mór sin anois sna siopaí!

19 Lúnasa 1936

Mharaigh Máshkin Kóshkin

Rinne an Comrádaí Kóshkin rince timpeall an Chomrádaí Máshkin.

Lean an Com. Máshkin an Com. Kóshkin lena shúile.

D'oibrigh an Com. Kóshkin a lámha go maslach agus chroith sé a chosa go gráiniúil.

Chuir an Com. Máshkin grainc air féin.

Bhog an Com. Kóshkin a bholg agus bhuaile sé a chos dheas ar an talamh.

Lig an Com. Máshkin scread as agus rad sé é féin leis an gCom. Kóshkin.

Rinne an Com. Kóshkin iarracht ar theitheadh ach baineadh tuisle as agus tháinig an Com. Máshkin suas leis.

Bhuail an Com. Máshkin an Com. Kóshkin sa chloigeann lena dhorn.

Lig an Com. Kóshkin scread as agus thit sé ar a cheithre bhonn.

Thug an Com. Máshkin cic sa bholg don Chom. Kóshkin agus bhuaile sé lena dhorn i gcúl a chloiginn arís é.

Síneadh an Com. Kóshkin ar a fhad is ar a leithead ar an urlár agus fuair sé bás.

Mharaigh Máshkin Kóshkin.

Griogann an Codladh Duine

Bhain Márkov a bhuataisí de agus, tar éis dó osna a ligean, luigh sé ar an tolg.

Bhí fonn codlata air ach chomh luath agus a dhún sé a shúile d'imigh an fonn codlata láithreach. D'oscail Márkov a shúile agus shín sé a lámh amach i dtreo leabhair. Ach thuirling an codladh arís air agus, gan an leabhar a bhaint amach, luigh Márkov siar agus dhún sé a shúile arís. Ach chomh luath agus a bhí na súile dúnta aige d'eitil an codladh uaidh arís agus d'éirigh a aithne chomh soiléir sin gurbh fhéidir le Márkov fadhbanna ailgéabracha ina raibh cothromóidí le dhá anaithnid a fhuascailt ina cheann.

Chiap Márkov é féin go ceann tamaill fhada, gan a fhios aige cad a bhí le déanamh aige: dul a chodladh nó fanacht ina dhúiseacht? Faoi dheireadh, agus é traochta amach agus bréan de féin agus dá sheomra, chuir Márkov a chasóg agus a hata air, rug sé greim láimhe ar a mhaide siúil agus chuaigh sé amach. Chuir an leoithne úr foighne i Márkov, d'éirigh sé níos lúcháirí ina anam istigh agus tháinig an fonn air dul ar ais go dtí a sheomra féin.

Ag dul isteach ina sheomra dó mhothaigh sé tuirse thaitneamhach ina cholainn agus tháinig fonn codlata air. Ach chomh luath agus a luigh sé ar an tolg agus a dhún sé a shúile – ghalaigh an codladh láithreach.

Phreab Márkov anuas den tolg agus dásacht feirge air agus, gan chasóg gan hata, lasc sé leis i dtreo Ghairdín Tavrícheskii.

Na Fiagaithe

D'imigh seisear ag seilg, ach níor fhill ach ceathrar acu.
Níor fhill beirt acu.

D'fhill Oknóv, Kazlón, Striuchkón agus Motyl'kón abhaile slán sábháilte ach cailleadh Shirókov agus Kablúkov sa tseilg. An lá ar fad ansin bhí Oknóv ag dul thart trína chéile agus ní raibh fonn air fiú labhairt le héinne. Lean Kazlón Oknóv go dígeanta agus chiap sé le ceisteanna éagsúla é nó gur tháinig fearg mhór ar Oknóv.

Kazlón: Ar mhaith leat toitín?

Oknóv: Níor mhaith.

Kazlón: Dá mba mhaith leat, d'iompróinn chugat an rud sin thall ansin?

Oknóv: Níor mhaith.

Kazlón: B'fhéidir, dá mba mhaith leat, go n-inseoinn rud éigin greannmhar duit?

Oknóv: Níor mhaith liom.

Kazlón: Bhuel, ar mhaith leat ól? Tá tae le branda díreach anseo agam.

Oknóv: Ní hamháin go mbuailfidh mé leis an gcloch sin i gcúl do chinn thú ach stróicfidh mé do chos díot freisin.

Striuchkón agus Motyl'kón: Cad atá ar siúl agaibh? Cad atá ar siúl agaibh?

Kazlón: Ardaíge beagáinín den talamh mé.

Motyl'kón: Tógas go bog é, cneasófar do chréacht.

Kazlón: Ach cá bhfuil Oknóv?

Oknóv (ag gearradh chos *Kazlów* de): Táim anseo, ní i bhfad uait!

Kazlów: Ó, a Dhia na bhfeart! Cabh-air!

Striuchkóv agus *Motyl kóv*: Stróic sé a chos de de réir dealraimh!

Oknóv: Stróic agus chaith anonn ansin í!

Striuchkóv: Sin gníomh olc!

Oknóv: Ca-ad a dúirt tú?

Striuchkóv: ... mholc...

Oknóv: Con-n-nas?

Striuchkóv: 'S... 's... 's cuma.

Kazlów: Conas a bhainfidh mé mo theach amach?

Motyl kóv: Tóg go bog é, ceanglóimid cos adhmaid díot.

Striuchkóv: An féidir leat seasamh ar leathchois?

Kazlów: Is féidir, ach ní go rómhaith.

Striuchkóv: Bhuel, tacóimid leat.

Oknóv: Ligigí dom gabháil dó!

Striuchkóv: Ó, ní ligfidh, b'fhearrde duit imeacht!

Oknóv: Ní imeoidh, ligigí dom...! Ligigí...! Ligi... sin mar ba mhian liom a dhéanamh!

Striuchkóv: Sin uafásach!

Oknóv: Há-há-há!

Motyl kóv: Ach cá bhfuil *Kazlów*?

Striuchkóv: Shnámh sé uainn isteach sna toim!

Motyl kóv: A *Kazlów*! Tusa anseo?

Kazlów: Glug-glag...!

Motyl kóv: A leithéid sin de dhrochbhail atá anois air!

Striuchkóv: Cad a dhéanfaimid leis?

Motyl kóv: Níl neart anois air. Níl le déanamh anois leis, dar liomsa, ach é a thachtadh. A *Kazlów*! É, a *Kazlów*? An gcloiseann tú mé?

Kazlów: Ó, cloisim, ach go dona!

Motyl'kón: Tusa, a chara, lig fút. Táimid chun tú a thachtadh
anois. Fan nóiméad... 'sea... 'sea... 'sea.

Striuchkón: Sa treo seo, beagáinín eile! Sea, sin é! Beagáinín
eile... 'sea, ullamh anois!

Motyl'kón: Ullamh anois!

Oknón: Bail ó Dhia ar an obair!

Eachtra Stairiúil

do V. N. Petrów

Uair amháin bhuaill Iván Ivánovich Susánin (an duine stairiúil céanna a thug a bheo ar son an tSáir agus a adhmholadh i gceoldráma Glínka ina dhiaidh sin) isteach i dteach aíochta Rúiseach agus, tar éis dó suí chun boird, d'éiligh sé *entrecôte* dó féin. Fad a bhí an dílseánach ag gríoscaidh an *entrecôte* bhain Iván Ivánovich greim ar a fhéasóg lena fhiacra agus d'éirigh sé machnamhach: bhí a leithéid sin de nós aige.

Chuaigh cúig chuaille is tríocha thart agus d'iompair an dílseánach an *entrecôte* chuig Iván Ivánovich ar phláitín cruinn adhmaid. Bhí ocras ar Iván Ivánovich agus ar nós na ré sin rug sé greim lena lámha ar an *entrecôte* agus thosaigh á ithe. Ach, agus é ag brostú chun a ocras a mhúchadh, thug Iván Ivánovich faoin *entrecôte* chomh craosach sin go ndearna sé dearmad ar a fhéasóg a tharraingt amach as a bhéal agus d'ith sé an *entrecôte* le slisne dá fhéasóg féin.

Is dá bharr sin a tharla míthaitneamh díreach ansin mar ní dheachaigh fiú cúig chuaille déag thart nuair a thosaigh coileacam láidir i mbolg Iván Ivánovich. Phreab Iván Ivánovich in airde aniar den bhord agus chuaigh de sciúird amach sa chlós. Bhí an dílseánach ar tí a liú le Iván Ivánovich: “Féach, nach í do fhéasócsa atá scrábach!” Ach rith Iván Ivánovich amach sa chlós gan aird a thabhairt ar rud ar bith.

Ansin rinne an Tiarna Kovshegúb, a bhí ina shuí sa chúinne sa teach aíochta agus a bhí ag ól úrfhíona, a dhorn a bhualadh ar an mbord agus a bhéiceadh: “Cérbh é sin?” Agus é ag umhlú go híseal d'fhreagair an dílseánach an Tiarna: “Sin ár

tírghrádhthuitheóir Iván Susánin.” “I ndá ríribh!” arsa an Tiarna agus é ag diúgadh a úrfhíona.

“Ar mhaith leat íasgán?” arsa an dílseánach. “Éirigh insan riach!” arsa an Tiarna de bhéic agus theilg sé ladar leis an dílseánach. Chuaigh an ladar ag feadaíl thar cheann an dílseánaigh, d’éitil an fhuinneog amach agus bhuail sé Iván Ivánovich sna fiacla agus é ina shuí ar nós iolair. Rug Iván Ivánovich greim láimhe ar a leiceann agus thit sé ar a mhaothán.

Ansin rith Karp amach as an scioból ar dheis agus, tar éis dó léim a thabhairt thar an umar ina raibh muc ina luí i measc an dríodair, rith sé i dtreo na ngeataí de scread. D’fhéach an dílseánach amach as an teach aíochta. “Cana thaobh a bhfuil tú ag béicfidhigh?” ar seisean le Karp. Ach theith Karp gan faic a rá mar fhreagra.

Chuaigh an dílseánach amach sa chlós agus chonaic sé Susánin a bhí ina luí ar an talamh gan bogadh as. Chuaigh an dílseánach níos gaire dó agus ghlinnigh sé ar a aghaidh. Bhí Susánin ag féachaint go géar ar an dílseánach. “An bhfuil tú i do bheathaidh?” arsa an dílseánach. “Táim, acht amháin go bhfuil eagala orm go mbuailfear aríst le rud éigin me,” arsa Susánin. “Ní buailfear,” arsa an dílseánach, “ná bíodh eagala ort. Dóbair don dTiarna gKovshegúb tú a mharbhadh acht tá sé imthithe lais anois.” “Bhoil, moladh loit, a Dhia!” arsa Iván Susánin agus é ag éirí den talamh. “Is duine móruchtumhail mé acht ní maith leam mo bholg do chur i mbaol. Mar sin, ro do luigh mé ar an dtalamh agus do fhan mé: cad a tharlóidh anois? Ag an gcéad gcomhartha shnámhfaínn chun lonnaíocht nEldýrina... Acht, a leithéid sin de leiceann ata! Ambasa! Tá leath de mo fhéasóic bainte díom!” “Ro do bhí sí mar sin agot ariamh,” arsa an dílseánach. “Cionnus do bhí sí mar sin agom ariamh?” arsa an tírghráthóir Susánin os ard, “Cad seo dar leatsa, go raibh mé oc dul thart le féasóic scráabaigh?” “Ro do bhí,” arsa an dílseánach. “Ro do téigh i dtigh an diabhair!” arsa Iván Susánin.

Leathdhún an dílseánach a shúile agus, gan smaoineamh air, luasc sé a lámh gur tharraing sé buille ar a chluais a chuir léaspáin ar shúile Susánin. Thit Susánin go trom ar an talamh de thuairt agus níor bhog sé. “Ro do bíodh sin agot! Nach tusa an bhliidheoc shalach bhaineann!” arsa an dílseánach agus d’imigh sé i dtreo an tí aíochta.

Bhí Susánin cúpla cuaille eile ina luí ar an talamh agus é ag éisteacht ach, gan aon rud amhrasach a chloisteáil, d’ardaigh sé a chloigeann agus d’fhéach sé thart. Ní raibh éinne sa chlós mura gcuirtear san áireamh an mhuc a bhí á húnfairt féin anois i lochán salach tar éis di titim amach as an umar. Ag féachaint siar dó shleamhnaigh Iván Susánin suas go dtí na geataí. Bhí na geataí ar oscailt ar an dea-uair agus thosaigh sé ag snámh i dtreo lonnaíocht Eldýrina, é ag lúbarnaíl mar phéist ar an talamh.

Sin eachtra as beatha na pearsan céimiúla stairiúla a thug a bheo féin ar son an tSáir agus a adhmholadh i gceoldráma Glínka ina dhiaidh sin.

1939

Fédia Davidóvich

Bhí Fédia tamall fada ag téaltú suas chuig an mias ime agus faoi dheireadh, tar éis dó an meandar a fháil nuair a bhí a bhean ag cromadh síos chun ionga ar a cois a sciortadh, tharraing sé an t-im ar fad amach as an mias go gasta d'aon ghluaiseacht amháin le méar agus sháigh sé isteach ina bhéal é. Ag dúnadh na méise dó bhain sé cling as an gclaibín de thaisme. Dhírigh a bhean í féin láithreach agus ag feiceáil na méise foilmhe di dhírigh sí an siosúr uirthi agus dúirt sí go géar: “Níl an t-im sa mhias. Cá bhfuil sé?”

Chuir Fédia súile iontais air féin agus tar éis dó a mhuineál a shíneadh amach d'fhéach sé isteach sa mhias.

“Tá an t-im sin i do bhéal agat,” arsa a bhean, ag díriú an tsiosúir ar Fédia.

Thosaigh Fédia ag croitheadh a chloiginn go diúltach.

“Ahá!” arsa a bhean. “Tá tú i do thost agus ag croitheadh do chinn mar go bhfuil do bhéal pulctha le him.”

Leath Fédia a shúile agus chroith sé a lámha ar a bhean faoi mar a bheadh sé ag rá: “Cad seo, cad seo, níl ná é!” Ach dúirt a bhean: “Tá tú ag insint bréige. Oscail do bhéal.”

“Mm,” arsa Fédia.

“Oscail do bhéal,” arsa a bhean arís.

Leath Fédia a mhéara amach agus thosaigh sé ag monabhar faoi mar a bheadh sé ag rá: “Ó, ‘sea, tá dearmad glan déanta agam. Tiocfaidh mé ar ais láithreach,” agus d'éirigh sé chun an seomra a fhágáil.

“Stad!” arsa a bhean.

Ach ghéaraigh Fédia ar a luas agus chuaigh sé as radharc timpeall an dorais. Rad a bhean í féin ina dhiaidh ach stad sí timpeall an dorais mar go raibh sí lomnocht agus nárbh fhéidir léi dul isteach sa dorchla mar sin, áit a raibh na háitritheoirí eile san árasán seo ag dul thart.

“Tá sé imithe,” arsa a bhean, ag suí síos ar an tolg di. “Don diabhal é!”

Ach tar éis dó an dorchla a shiúl agus doras a shroicheadh ar a raibh an comhartha “Lánchosc ar theacht isteach” ar crochadh, d’oscail Fédia an doras seo agus chuaigh sé isteach sa seomra.

Is caol fada a bhí an seomra a ndeachaigh Fédia isteach ann, le fuinneog a bhí clúdaithe le páipéar nuachtáin. Bhí tolg gránna briste sa seomra, é ina sheasamh ag an mballa ar deis agus bhí bord ag an bhfuinneog a bhí déanta as clár adhmaid agus a raibh foirceann amháin de curtha ar an mbord leapa agus an ceann eile de ar chúl na cathaoireach. Ar clé, bhí dhá sheilf ar crochadh ar an mballa a raibh rud éigin éiginnte ina luí orthu. Ní raibh aon rud eile sa seomra mura gcuirtear san áireamh an duine a bhí ina luí ar an tolg, a raibh aghaidh bhánuaine air, casóg eireabail dhonn fhada réabtha agus briste dubh naincín a raibh a chosa nochta úrnite ag gobadh amach as. Ní raibh an duine seo ina chodladh agus bhí sé ag féachaint go géar ar an duine a bhí tar éis teacht isteach.

D’umhlaigh Fédia, chnag sé a shála agus tar éis dó an t-im a tharraingt amach as a bhéal lena mhéar thaispeáin sé don duine a bhí ina luí é.

“Ceann go leith,” arsa úinéir an tseomra gan a staidiúir a athrú.

“Róbheag,” arsa Fédia.

“Is leor é,” arsa úinéir an tseomra.

“Tá go maith mar sin,” arsa Fédia agus tar éis dó an t-im a bhaint anuas dá mhéar chuir sé ar an tseilf é.

“Tiocfaidh tú maidin amárach le haghaidh an airgid,” arsa an t-úinéir.

“Ach cad seo?” arsa Fédia de bhéic. “Tá sé uaim anois, an dtuigeann tú? Agus níl i rúbal go leith ach...”

“Croch leat,” arsa an t-úinéir go doicheallach agus rith Fédia amach as an seomra ar a bharraicíní tar éis dó an doras a iamh go slachtmhar ina dhiaidh.

1939

Scéilíní as Beatha Púshkin

1.

File ba ea Púshkin agus an t-am ar fad bhíodh sé ag scríobh. Uair amháin tháinig Zhukóvskii air agus é ag scríobh agus dúirt sé os ard: “Ambaist! Is scríbhneoir thú!”

Ó shin i leith thaitin Zhukóvskii go mór le Púshkin agus thosaigh sé ag tabhairt Zhúkov air go simplí ar shlí chairdiúil.

2.

Mar is eol dúinn níor fhás féasóg Púshkin riamh. Chiapadh Púshkin é féin mórán dá bharr seo agus bhíodh éad air le Zakhár’in mar, os a choinne sin, d’fhás a fhéasógsan cuibheasach réasúnta. “Fásann sí aige, ach ní fhásann agamsa,” arsa Púshkin go minic, ag díriú a ingne ar Zakhár’in. Agus bhíodh an ceart aige i gcónaí.

3.

Uair amháin bhris Petrushévskii a uaireadóir agus chuir sé fios ar Púshkin. Tháinig Púshkin, d’iniúch sé uaireadóir Petrushévskii agus chuir sé ar ais ar an mbord é. “Cad é do thuairim, a Púshkin, a chara?” arsa Petrushévskii. “Stad-uaireadóir,” arsa Púshkin.

4.

Nuair a bhris Púshkin a chosa bhí air gluaiseacht ar rothaí. Ba bhreá lena chairde magadh a dhéanamh faoi agus bheireadh siad greim ar na rothaí seo. Tháinig olc ar Púshkin agus scríobh sé

filíocht mhaslach faoina chairde. Thug sé eirpeagraim ar an bhfilíocht seo.

5.

Chaith Púshkin samhradh na bliana 1829 i mbaile beag. D'éiríodh sé go moch ar maidin, d'óladh sé crúsca cré de bhainne úr agus ritheadh sé chuig an abhainn chun folctha. Tar éis dó folcadh san abhainn, luíodh Púshkin ar an bhféar agus chodlaíodh sé go ham dinnéir. Tar éis an dinnéir chodlaíodh sé sa chrochtín. Ag bualadh le tuathánaigh bhréana dó, chlaonadh Púshkin a cheann leo agus d'fháisceadh sé a shrón lena mhéara. Agus d'umhlaíodh na tuathánaigh bhréana go lúitéiseach agus deiridís: “s cuma.”

6.

Ba bhreá le Púshkin clocha a theilgean. Chomh luath agus a d'fheiceadh sé cloch thosaíodh sé á teilgean. Uaireanta chailleadh sé an chiall ar fad agus bhíodh sé ina sheasamh ann, dath dearg ar fad air, ag oibriú a lámh, ag teilgean cloch, feic uafásach amach is amach!

7.

Bhí ceathrar mac ag Púshkin agus amadáin ba ea iad go léir. Ní raibh a fhios ag duine amháin acu conas suí ar chathaoir, fiú, agus bhíodh sé ag titim di an t-am ar fad. Agus shuíodh Púshkin féin dona go leor ar chathaoir. Greannmhar amach is amach ba ea é: iad ina suí ag an mbord agus ag ceann amháin de bíonn Púshkin i gcónaí ag titim den chathaoir agus ag an gceann eile bíonn a mhac. Nach gcuireann na fíréin seo an ghoimh dhearg ort?

Tús Lae An-Mhaith Shamhraidh (Siansa)

Díreach tar éis don choileach scairteadh léim Timoféi an fhuinneog amach ar an díon agus scanraigh sé chuile dhuine a bhí ag dul thart ar an tsráid ag an am sin. Stad Kharitón tuathánach, d'ardaigh sé cloch agus theilg sé le Timoféi í. D'imigh Timoféi as radharc in áit éigin. "A leithéid de chleasaí!" arsa an táin dhaonna os ard agus lig Zúbov áirithe é féin chun reatha agus bhuail sé a cheann faoin mballa le lán a nirt. "Ambaist!" a bhéic bean tuaithe a raibh liag dhrandail uirthi. Ach rinne Komaróv teipeal taipeal ar an mbean seo agus theith an bhean de scread trí na geataí. Bhí Feteliúshin ag dul thart ag déanamh maolgháire. Tháinig Komaróv suas leis agus dúirt sé: "Agus tusa, a fheolamáin!" agus bhuail sé Feteliúshin sa bholg. Chuir Feteliúshin a dhroim leis an mballa agus tháinig snag air. Chaith Ramáshkin seile anuas as an bhfuinneog ag iarraidh Feteliúshin a bhaint amach. Díreach anseo i ngaire dóibh bhí bean tuaithe ag greadadh a páiste féin le dabhach nócháin. Agus bhí máthair óg a bhí cuibheasach ramhar ag scríobadh aghaidh a gearrchaile ghleoite ar bhalla bríce. Ina luí ar an gcosán bhí gadhar beag a bhí tar éis a choisín chaoileanta féin a bhriseadh. Bhí garsún beag ag ithe brocamais de shaghas éigin as seileadán. Ag an siopa grósaera bhí scuaine fhada ina seasamh le haghaidh siúcra. Bhí na mná ag eascainí os ard agus ag tabhairt soncanna sparáin dá chéile. Bhí Kharitón tuathánach ina sheasamh roimh na mná, agus an iomarca biotáille meitilí ólta aige, agus bhí a bhríste ar oscailt agus é ag stealladh slamfhocal as féin.

Is ar an mbealach seo a thosaigh lá maith samhraidh.

Pákin agus Rakúkin

“É, tusa, ná bí ag freacáil mar sin,” arsa Pákin le Rakúkin.

Chuir Rakúkin roc ina shrón agus d’fhéach le droch-chroí ar Pákin.

“Cad é a bhfuil tú ag féachaint air? Nár aithin tú mé?” arsa Pákin.

Chogain Rakúkin a bheola agus, tar éis dó a chathaoir sclóine féin a iompú go míchéadfach, thosaigh sé ag féachaint sa treo eile. Bhuaile Pákin a mhéara ar a ghlúin agus dúirt: “A leithéid d’amadán! Ba mhaith an rud é é a bhualadh i gcúl a chinn le maide.”

D’éirigh Rakúkin agus d’fhág sé an seomra ach phreab Pákin in airde go tapa, tháinig sé suas le Rakúkin agus dúirt: “Stad! Cá raibh tú ag roiseadh leat? B’fhearrde duit suí agus taispeánfaidh mé rud éigin duit.”

Stad Rakúkin agus d’fhéach sé go hamhrasach ar Pákin.

“Cad é, nach gcreideann tú mé?” arsa Pákin

“Creidim,” arsa Rakúkin.

“Suigh díreach anseo, mar sin, ar an gcathaoir uilleann seo,” arsa Pákin. Agus shuigh Rakúkin ar ais ina chathaoir sclóine féin.

“Bhuel, mar sin,” arsa Pákin, “cén fáth a bhfuil tú i do shuí ar an gcathaoir amhail amadán?”

Bhog Rakúkin a chosa agus thosaigh sé ag caochadh a shúl go tapa.

“Ná caoch,” arsa Pákin.

Stad Rakúkin den chaochadh agus tar éis dó cromadh tharraing sé a cheann isteach chun a ghuailí.

“Suigh aniar!” arsa Pákin.

Agus é ag leanúint de bheith ina shuí go cromtha, chuir Rakúkin a bholg amach agus shín sé amach a mhuineál.

“Ach!” arsa Pákin. “Nár mhaith liom boiseog sa phus a thabhairt duit!”

Rinne Rakúkin snag, phluc sé a leicne agus ansin scaoil sé amach an t-aer go haireach trína pholláirí.

“Ach, tusa, ná bí ag freacáil mar sin!” arsa Pákin.

Shín Rakúkin a mhuineál níos faide amach agus arís thosaigh sé ag caochadh go han-tapa.

Dúirt Pákin: “Mura stadann tú den chaochadh anois, a Rakúkin, tabharfaidh mé cic sa chliabh duit.”

Chun nach gcaochfadh sé cham Rakúkin a ghialla agus shín sé amach a mhuineál níos faide fós, agus chaith sé a chloigeann siar.

“Feo, a leithéid de chuma fhuafar atá ort,” arsa Pákin. “Pus mar atá ar chearc, muineál gorm, truflais ar fad!”

San am seo bhí cloigeann Rakúkin á chaitheamh siar níos faide agus níos faide agus faoi dheireadh, tar éis dó an teannas a chailleadh, thit sé ar a dhroim.

“M’anam on riach!” arsa Pákin os ard. “Cén cineál clis fhuirseoireachta é sin?”

Má fhéachtar ó Pákin ar Rakúkin is féidir a cheapadh go bhfuil Rakúkin ina shuí gan cloigeann ar bith air. Ghob úll bráide Rakúkin in airde. Tháinig sé i gcuimhne go neamhthoilteanach gurbh é a shrón é.

“É, a Rakúkin,” arsa Pákin.

D’fhan Rakúkin ina thost.

“É, a Rakúkin,” arsa Pákin.

Níor fhreagair Rakúkin agus lean sé de bheith ina shuí gan bogadh as.

“Mar sin é,” arsa Pákin. “Tá Rakúkin stiúgtha.”

Ghearr Pákin fíor na Croise air féin agus d'fhág sé an seomra ar a bharraicíní.

Thart ar cheithre nóiméad déag ina dhiaidh sin shnámh anam beag Rakúkin amach as a chorp agus d'fhéach sé le holc ar an áit a raibh Pákin ina shuí go dtí le gairid. Ach ansin tháinig cruth ard Aingeal an Bháis aniar den chófra amach agus, tar éis dó breith ar láimh an anama Rakúkinigh, threoraigh sé in áit éigin é, go díreach trí thithe agus trí bhallaí. Bhí an t-anam Rakúkineach ag rith taobh thiar d'Aingeal an Bháis, ag féachaint thart de shíor le holc. Ach ansin ghéaraigh Aingeal an Bháis ar a luas agus d'imigh an t-anam Rakúkineach de phreabarnaigh agus de stamrógacht as radharc i bhfad taobh thiar den chor sa bhóthar.

Meascra

Fabhalscéal

Dúirt duine beag amháin: “Táim sásta le gach rud, ach thabharfainn rud ar bith lena bheith beagáinín níos airde.”

Bhí sé díreach tar éis é seo a rá nuair a fheiceann sé go bhfuil bandraoi ina seasamh os a chomhair amach.

“Cad ba mhaith leat?” a fhiafraíonn an bandraoi.

Ach seasann an duine beag agus ní féidir leis aon rud a rá le teann sceimhle.

“Bhuel?” arsa an bandraoi.

Ach seasann an duine beag agus é ina thost. D’imigh an bandraoi as radharc.

Is ansin a thosaigh an duine beag ag gol agus ag ithe a chuid ingne. Ar dtús chogain sé na hingne go léir ar a mhéara, agus ansin ar a chosa.

* * *

A léitheoir, smaoinigh ar an bhfabhalscéal seo agus tiocfaidh cáithníní ar do chraiceann.

Vorónin agus Stepánov

Vorónin: (ag rith isteach) Tá an stair ina stop! Tá daoine ag rith ar an tsráid. Ar abhainn na Nevá táthar ag scaoileadh gunnaí móra!

Stepánov: (ag léim in airde ar an mbord) Cén dáta atá inniu ann?

Vorónin: 19ú Márta.

Stepánov: (ag titim ar an urlár) Chodail mé amach! Chodail mé amach!

1933

Litir

A Nikándr Andréevich dhil,

Fuair mé do litir agus thuig mé láithreach gur uaitse a bhí sí. Ar dtús cheap mé go tobann nach uaitse a bhí sí ach a thúisce is a d'oscail mé í thuig mé láithreach gur uaitse a bhí, cé go raibh mé díreach ar tí a cheapadh nach uaitse a bhí sí. Tá luchtáir orm go bhfuil tú pósta le fada mar nuair a phósann duine a leithéid sin de bhean ar mhaith leis í a phósadh, ciallaíonn sé sin gur bhain sé amach an rud a raibh sé ag dréim leis. Agus mar sin tá an-luchtáir orm gur phós tú mar nuair a phósann duine a leithéid sin de bhean ba mhaith leis, ciallaíonn sé sin gur bhain sé amach an rud a raibh sé ag dréim leis. Is inné a fuair mé do litir agus cheap mé láithreach gur uaitse an litir seo, ach ansin cheap mé nach uaitse atá sí, de réir dealraimh, ach d'oscail mé í agus chonaic mé gur uaitse go baileach a bhí sí. Rinne tú an-mhaith gur scríobh tú chugam. Ar dtús níor scríobh tú agus ansin scríobh tú go tobann cé go raibh tú fós ag scríobh roimh an am sin nach raibh tú ag scríobh. A thúisce agus a fuair mé do litir réitigh mé láithreach gur uaitse a bhí sí agus ansin bhí an-luchtáir orm go raibh tú pósta cheana féin. Ach, os a choinne sin, má bhí fonn ar dhuine bean a phósadh, ansin ba ghá leis í a phósadh ar ais nó ar éigean. Dá bharr seo bhí an-áthas orm gur phós tú faoi dheireadh an bhean sin a raibh fonn ort í a phósadh. Agus rinne tú an-mhaith gur scríobh tú chugam. Tháinig an-ghliondar orm nuair a chonaic mé do litir agus cheap mé láithreach fiú gur uaitse a bhí sí. I ndáiríre, agus mé á hoscailt, tháinig a leithéid sin de smaoineamh chugam de phreib nach uaitse a bhí sí, ach ansin réitigh mé fós féin gur uaitse a bhí sí. Go raibh maith agat

as scríobh chugam. Gabhaim buíochas leat as sin agus tá an-ríméad orm fút. Ní thomhaisfidh tú, b'fhéidir, cén fáth a bhfuil a leithéid sin de ríméad orm fút ach inseoidh mé láithreach duit go bhfuil áthas orm asat mar gur phós tú í, 'sé sin an duine a raibh fonn ort í a phósadh. Agus, tá a fhios agat, tá sé an-mhaith ise a phósadh, 'sé sin an duine ar mhaith leat í a phósadh, mar ansin baineann tú amach go díreach an rud sin a raibh a fhonn ort. Sin an fáth go baileach a bhfuil a leithéid de lúcháir orm fút. Agus tá lúcháir orm freisin gur scríobh tú litir chugam. Réitigh mé i gcéin cheana féin gur uaitse a bhí an litir ach a thúisce agus a thóg mé i mo lámha í cheap mé: agus mura uaitse í? Agus ansin ceapaim: dar ndóigh ní uaitse, dar ndóigh. Osclaím féin an litir agus san am céanna táim ag ceapadh: uaitse nó ní uaitse? Uaitse nó ní uaitse? Bhuel, agus í oscailte agam, ansin feicim gur uaitse. Tháinig an-subhachas orm agus shocraigh mé freisin ar litir a scríobh chugatsa. Is gá labhairt faoi mhórán ach níl an t-am agam go litriúil. É sin a d'éirigh liom a scríobh, scríobh mé sa litir seo é, ach scríobhfaidh mé an chuid eile de níos déanaí mar níl an t-am anois agam. Is maith an rud é ar a laghad gur scríobh tú litir chugam. Anois tá a fhios agam go bhfuil tú pósta anois le fada cheana féin. Bhí a fhios agam ó litreacha roimhe seo gur phós tú, ach anois feicim arís: is fíor an rud é amach is amach, phós tú. Agus tá an-ghlondar orm gur phós tú agus gur scríobh tú litir chugam. A thúisce agus a chonaic mé do litir réitigh mé láithreach gur phós tú arís. Bhuel, ceapaim gur maith an rud é gur phós tú arís agus gur scríobh tú litir faoi chugam. Scríobh chugam anois cé hí do bhean nua agus conas a thit sé seo ar fad amach. Abair le do bhean nua go raibh mé ag cur a tuairisce.

1933

An Difríocht idir Airde an Fhir Chéile agus Airde na Mná Céile

Fear Céile: Ghread mé m'iníon féin agus anois beidh mé ag greadadh mo mhná.

Bean Chéile agus Iníon: (taobh thiar den doras) BeBeBeBeBe!
MeMeMeMeMe!

Fear Céile: A Iván! A ghiolla Iván!
Isteach le Iván. Níl lámha ar Iván.

Iván: Anseo!

Fear Céile: Cá bhfuil do lámha, a Iván?!

Iván: I mblianta an chogaidh chaill mé i ngoradh an chatha iad.

1933–1934

Dí-armáilte nó Grá Mí Rathúil

Ílsiamsa tragóideach in aon ghníomh amháin

Lev Márkovich: (ag rith suas chuig bean uasal) Lig dom!

An bhean uasal: (á choinneáil uaithi lena bosa) Fan amach uaim!

Lev Márkovich: (ag bualadh fúithi) Lig dom!

An bhean uasal: (ag tabhairt soncanna lena cosa dó) Imigh leat!

Lev Márkovich: (ag breith greama uirthi lena lámha) Déanaimis babhta leathair amháin!

An bhean uasal: (ag tabhairt soncanna lena cosa dó) Fan amach uaim! Fan amach uaim!

Lev Márkovich: Sá amháin!

An bhean uasal: (ag monabhar, ar sise 'Ní bheidh!')

Lev Márkovich: Sá amháin! Aon sá amháin!

An bhean uasal: (ag casadh a súl in airde)

Lev Márkovich: (ag púitseáil thart dó, sánn sé leathlámh isteach le haghaidh a uirlise féin agus go tobann tarlaíonn nach féidir í a aimsiú.)

Lev Márkovich: Fan nóiméad! (Póirseálann ina bhríste féin) M'anam ón r-r-riach!

An bhean uasal: (ag féachaint ar Lev Márkov le hiontas)

Lev Márkovich: A leithéid de scéal!

An bhean uasal: Cad a tharla?

Lev Márkovich: Hm... (féachann go haimréiteach ar gach taobh)

Brat

1934

Eachtra ar an tSráid

Uair amháin léim duine amach as tram ach ar chaoi chomh mí-ámharach sin gur thit sé faoi ghluaisteán.

Stad an trácht ar an tsráid agus thosaigh an póilín ag soiléiriú conas mar a tharla an tubaiste.

Bhí an gíománach gluaisteáin tamall fada ag míniú rud éigin, ag díriú ar rothaí tosaigh an ghluaisteáin lena mhéar.

Mhorthaigh an póilín na rothaí seo agus bhreac sé síos rud éigin ina leabhrán féin.

Chruinnigh slua cuibheasach mór timpeall orthu.

An t-am ar fad bhí saoránach éigin le súile neamhlonracha ag titim de chuaille.

Bhí bean uasal éigin ag iniúchadh bean uasal eile an t-am ar fad agus ise, ar a seal, ag iniúchadh na chéad mhná uaisle an t-am ar fad.

Ansin scaip an slua agus athnuaíodh an trácht ar an tsráid.

Bhí an saoránach leis na súile neamhlonracha tamall fada eile ag titim den chuaille ach faoi dheireadh chuir seisean go fiú críoch lena ghnó féin.

Ag an am sin rinne duine éigin a bhí ag iompar cathaoireach, ceann nuacheannaithe ba léir, titim go dícheallach faoi thram.

Tháinig an póilín arís, chruinnigh an slua arís agus stad an trácht ar an tsráid agus thosaigh an saoránach leis na súile neamhlonracha ag titim den chuaille arís.

Bhuel, ansin d'éirigh gach rud go maith agus chas Iván Semënovich Kárpov, fiú amháin, isteach i mbialann.

10 Eanáir 1935

Cóisir gan Choinne

Uair amháin bhuail Antonína Alekséevna a fear céile le stampa oifigiúil agus shlaigh sí clár a éadain le dúch clódóra.

Ghlasáil Pëtr Leonídovich, fear céile Antonína Alekséevna a bhí maslaithe go mór, é féin sa seomra folctha agus níor lig sé éinne isteach.

Réitigh lucht cónaithe an árasáin chomhchoitinn, a raibh géarghá leo dul isteach ann, ar an doras glasáilte a bhriseadh isteach le teann nirt, áfach.

Ag feiceáil dó go raibh briste ar a ghníomh, tháinig Pëtr Leonídovich amach as an seomra folctha agus, ag dul isteach in a sheomra féin, luigh sé ar an leaba.

Ach réitigh Antonína Alekséevna ar a fear céile a ghéarleanúint siar go deireadh. Stiall sí roinnt páipéir bhig ina mhionbhlúirí agus spréigh sí iad ar Pëtr Leonídovich a bhí ina luí ar an leaba.

Rop Pëtr Leonídovich leis amach sa dorchla agus é ar deargbhuile agus thosaigh sé ar an bpáipéar balla a stróiceadh.

Is ag an am sin a rith an lucht cónaithe go léir amach agus ag feiceáil dóibh cad a bhí á dhéanamh ag Pëtr Leonídovich bocht, chaith siad iad féin air agus leadhb siad an veist a bhí air.

Rith Pëtr Leonídovich isteach i gComharchumann na dTionóntaithe.

Ag an am seo bhain Antonína Alekséevna a cuid éadaí go léir di agus chuaigh sí i bhfolach i dtrunc.

Tar éis deich nóiméad tháinig Pëtr Leonídovich ar ais agus é ag treorú bhainisteoir na háraslainne ina dhiaidh. Gan teacht ar a bhean chéile sa seomra, réitigh an bainisteoir agus Pëtr

Leonídovich an láithreán saor a úsáid chun gloidín vodca a ól. Ghlac Pëtr Leonídovich an cúram air féin rith go dtí an cúinne le haghaidh na dí seo.

Nuair a d'imigh Pëtr Leonídovich dhreap Antonína Alekséevna amach as an trunc agus láithrigh sí le cuma lomnocht uirthi os comhair an bhainisteora.

Phreab an bainisteoir den chathaoir agus é trína chéile agus rith sé aníos chun na fuinneoige ach, ag feiceáil na cliobóige óige 26 bliana d'aois dó, tháinig sceitimíní fiáine air go tobann.

Ansin tháinig Pëtr Leonídovich ar ais le lítear vodca.

Ag feiceáil dó cad a bhí ar siúl ina sheomra tháinig muc ar gach mala aige.

Ach thaispeáin a chéile, Antonína Alekséevna, an stampa oifigiúil dó agus lig sé faoi.

Chuir Antonína Alekséevna in iúl a mian chun páirt a ghlacadh sa chóisir ach le cuma lomnocht uirthi, ní foláir, agus, chomh maith leis sin, í ina suí ar an mbord a rabhthas tar éis a mholadh go leagfaí amach greadóga don vodca air.

Shuigh na fir ar na cathaoireacha, shuigh Antonína Alekséevna ar an mbord agus thosaigh an chóisir.

Ní féidir a rá gur sláintiúil an rud é má tá bean óg lomnocht ina suí ar an mbord céanna ag a bhfuiltear ag ithe. Anuas air sin, bean ba ea Antonína Alekséevna a raibh déanamh cuibheasach téagartha inti agus nach raibh róghlan mar dhuine, mar sin is diabhailta amach is amach a bhí cúrsaí.

D'ól siad go léir an iomarca go tapa, áfach, agus thit siad go léir ina gcodladh: na fir ar an urlár agus Antonína Alekséevna ar an mbord.

Agus san árasán comhchoiteann cuireadh ciúnas ar bun.

22 Meitheamh 1935

Fulaingt Phearsanta Ceoltóra Amháin

Tugadh torathar orm.

Ach nach mar sin é i ndáiríre?

Ní hea, ní mar sin é. Ní bheidh mé ag lua aon chruthúnas.

Chuala mé conas mar a bhí mo bhean ag rá i sás láimhe an ghutháin le neach darbh ainm Mikhiúsia gur amaideach atá mé.

Bhí mé i mo shuí ag an am sin faoin leaba agus mé dofheicthe.

Ó! Mar a tástáladh mé an nóiméad sin!

Ba mhian liom léim amach agus a bhéiceadh: “Ní hea, nílím bómánta!”

Samhlaím cad a bheadh ann!

Bhí mé i mo shuí arís agus mé dofheicthe.

Ach, os a choinne sin, d’fhéad mé a fheiceáil cad a rinne an Mikhiúsia céanna seo le mo bhean.

Thóg mo bhean an Mikhiúsia seo arís inniu.

Tosaím ag smaoineamh go bhfuilim ag trasnú isteach sa chúlra i súile mo mhná.

Dhreap Mikhiúsia isteach i dtarraiceáin mo bhoird scríbh-neoireachta go fiú.

Bhí mé féin i mo shuí faoin leaba agus mé dofheicthe.

Bhí mé i mo shuí faoin leaba arís agus mé dofheicthe.

Bhí mo bhean agus Mikhiúsia ag caint fúmsa de thuineacha fíor-neamhthaitneamhacha.

Níor fhulaing mé é agus bhéic mé leo go raibh siad ag insint bréaga ar fad.

Seo an cúigiú lá cheana féin ó greadadh mé agus tá mo chnámha fós tinn.

1935 – 1936

Dírbheathaisnéis

Anois inseoidh mé conas mar a rugadh mé, mar a d'fhás mé aníos agus mar a nochtadh céad chomharthaí na saíochta ionam. Rugadh faoi dhó mé. Tharla sé seo mar seo.

Phós mo Dhaidí mo Mhamaí sa bhliain 1902, ach níor thug mo mhuintir isteach sa saol mé ach i ndeireadh na bliana 1905 mar ba mhian le mo Dhaidí go mbéarfaí a mhac go baileach Lá Caille. Ríomh mo Dhaidí gur ghá an ghiniúint a thosú 1 Aibreán agus is ar an lá sin amháin a tháinig sé chuig mo Mhamaí leis an moladh faoi leanbh a ghiniúint.

An chéad bhabhta a tháinig mo Dhaidí chuig mo Mhamaí ná 1 Aibreán 1903. Bhí mo Mhamaí fada ag fanacht leis an nóiméad seo agus bhí lúcháir uafásach uirthi. Ach bhí meon an-mhagúil ar Dhaidí, mar is léir, agus ní raibh neart aige air féin agus dúirt sé le Mamaí: “Amadán Aibreán!” Chuir sé stuaic uafásach ar Mhamaí agus an lá sin níor lig sí do Dhaidí dul i ngar di. Bhí air fanacht go dtí an chéad bhliain eile.

Sa bhliain 1904, 1 Aibreán, thosaigh mo Dhaidí arís ag teacht aníos chuig mo Mhamaí leis an moladh céanna. Ach dúirt mo Mhamaí, ag cuimhneamh di ar eachtra na bliana roimhe sin, nach raibh fonn uirthi a thuilleadh a bheith fágtha i suíomh amaideach agus arís níor lig sí do mo Dhaidí dul i ngar di. Ba chuma cén raic a thóg Daidí, ní fhéadfadh sé an scéal a leigheas.

Agus is í an bhliain ina dhiaidh sin amháin a d'éirigh le Daidí é a áiteamh ar Mhamaí agus gineadh mise.

Agus tharla mo thuismeadh ar 1 Aibreán 1905 mar sin.

Thit an tóin as meastúcháin go léir mo Dhaidí, áfach, mar tharla dom a bheith anabái agus rugadh mé ceithre mhí níos luaithe ná an spriocdháta.

Tháinig a leithéid sin d'fheirg ar m'athair gur tháinig mearbhall ar an mbean ghlúinte agus, tar éis di glacadh liom, thosaigh sí do mo shacadh ar ais isteach san áit a raibh mé díreach tar éis teacht amach as.

D'fhógair duine aitheantais dár gcuid, mac léinn ón Acadamh Míleata Leighis a bhí ina láthair seo, nach n-éireodh leo mé a shacadh ar ais. D'ainneoin fhocail an mhic léinn, áfach, d'éirigh leo mé a shacadh faoi dheireadh ach, mar a foilsíodh ansin, cé go raibh mé sactha i ndáiríre, ní raibh mé sactha isteach san áit cheart de bharr an dithnis a bhí orthu.

Is anseo a thosaigh an huirte háirte uafásach.

Béiceann mo mháthair: “Tabhair dom mo pháiste!”

Agus freagraítear í: “Tá do pháiste,” a deirtear, “laistigh díot.”

“Cad seo!” a bhéiceann mo mháthair, “Conas atá mo pháiste laistigh díom nuair atá sé díreach tar éis a bheith saolaithe dom!”

“Ach,” a deirtear le mo mháthair, “b’fhéidir go bhfuil breall ort?”

“Conas seo!” a bhéiceann mo mháthair, “Tá breall orm! I ndáiríre an féidir breall a bheith orm! Chonaicse féin conas mar a bhí an páiste díreach tar éis a bheith ina luí anseo ar an mbraillín!”

“Is fíor duit,” a deirtear le mo mháthair, “ach b’fhéidir gur shnámh sé isteach in áit éigin.” I mbeagán focal ní raibh a fhios acusan go fiú cad a bhí le rá le mo mháthair.

Agus ansin tógann mo mháthair holam halam agus éilíonn sí a páiste féin.

Ba ghá glao ar dhochtúir a raibh taithí aige air seo. Rinne an dochtúir a raibh taithí aige air seo scrúdú ar mo mháthair agus chaith sé a lámha in airde le teann éadóchais ach, mar sin féin,

rinne sé a mhachnamh air agus thug sé dáileog mhaith de shalann Epsom do mo mháthair. Chuir mo mháthair aisti mé agus is ar an gcaoi sin a tháinig mé isteach sa saol an dara babhta.

Is anseo a thóg Daidí hurlamaboc arís – sin, ar seisean, ní féidir breith a thabhairt air sin ach oiread, ar seisean, ní duine é, ar seisean, ach is cosúla le leathghin é agus go bhfágann sé sin é a shacadh ar ais arís nó é a chur i ngoradán.

Agus mar sin cuireadh i ngoradán mé.

25 Meán Fómhair 1935

An Banairgeadóir

Tháinig Másha ar bheacán, stoith sí é agus d'iompair sí chun an mhargaidh é. Ar an margadh buaileadh Másha sa cheann, agus anuas air sin gealladh í a bhualadh sna cosa freisin. Tháinig sceimhle ar Másha agus theith sí léi de rith. Tháinig Másha de rith chuig siopa comhair agus ba mhian léi dul i bhfolach ansin taobh thiar den deasc airgid. Ach chonaic an bainisteoir Másha agus ar seisean: “Cad é sin i do lámha?” Agus arsa Másha: “Beacán.” Arsa an bainisteoir: “Nach tusa atá gasta. Ar mhaith leat go bhfaighinn áit anseo duit?” Arsa Másha: “Ach ní bhfaighidh.” Arsa an bainisteoir: “Ach a leithéid seo, gheobhaidh!” Agus shocraigh sé go gcasfadh Másha an luamhán ag an deasc airgid.

Bhí Másha ag casadh léi ag an deasc agus go tobann fuair sí bás. Tháinig na póilíní, d'oibrigh siad amach an tuairisc agus d'ordaigh siad don bhainisteoir fíneáil a íoc – 15 rúbal.

Arsa an bainisteoir: “Cén fáth an fhíneáil?” Agus arsa na póilíní: “De bharr an dúnmharaithe.” Tháinig sceimhle ar an mbainisteoir, d'íoc sé an fhíneáil go mear agus ar seisean: “Ach iompaigí amach an banairgeadóir marbh sin go beo.” Ach deir an díoltóir ó roinn na dtorthaí: “Ní hea, níl sin ceart, níor bhanairgeadóir í. Ní dhearna sí ach an luamhán sa deasc a chasadh. Agus tá an banairgeadóir ina suí ansin.” Arsa na póilíní:

“Is cuma linn. Dúradh linn an banairgeadóir a iompar amach agus is ise a iomproimid.”

Thosaigh na póilíní ag teacht chuig an mbanairgeadóir.

Luigh an banairgeadóir ar an urlár taobh thiar den deasc agus ar sise: “Ní rachaidh mé.” Arsa na póilíní: “Cén fáth, a óinseach, nach rachaidh tú?” Arsa an banairgeadóir: “Adhlacfaidh sibh i mo bheatha mé.”

Thosaigh na póilíní ag ardú an bhanairgeadóira den urlár ach níorbh fhéidir leo ar shlí ar bith mar go raibh an banairgeadóir an-téagartha.

“Beirigí sibhse ar na cosa í,” arsa an díoltóir ó roinn na dtorthaí.

“Ná beirigí,” arsa an bainisteoir, “tá an banairgeadóir sin ag obair in ionad mo mhná céile. Agus sin an fáth a n-iarraim oraibh gan í a nochtheadh ón taobh thíos.” Arsa an banairgeadóir: “An gcloiseann sibh? Ná nochtaigí ón taobh thíos mé, adeirim!”

Thóg na póilíní an banairgeadóir faoina n-ascaillí mar earra agus chaith siad amach as an siopa comhair í.

D’ordaigh an bainisteoir don díoltóir an siopa a ghlanadh agus tús a chur leis an tráchtáil.

“Ach cad a bheimid ag déanamh leis an stiúgaí seo?” arsa an díoltóir ó roinn na dtorthaí, ag díriú méire ar Másha.

“Ambaist,” arsa an bainisteoir, “ach tá ‘chuile rud measctha ar a chéile againn! Bhuel, i ndáiríre, cad atá le déanamh leis an stiúgaí?”

“Agus cé a bheidh ina shuí taobh thiar den deasc?” a fhiafraíonn an díoltóir.

Chuir an bainisteoir a lámha trasna ar a chéile taobh thiar dá cheann. Scaip sé úlla le leathghlúin feadh an chuntair agus ar seisean:

“Gránnacht an toradh atá air seo.”

“Gránnacht,” arsa na díoltóirí mar a bheadh cór.

Go tobann thochais an bainisteoir a chroiméal agus ar seisean:

“Há-há! Níl sé chomh furasta sin mise a chur i sáinn. Cuir-fimid corpán na mná taobh thiar den deasc, b’fhéidir nach scrúdódh an pobal cé hí atá ina suí taobh thiar den deasc.”

Chuir siad an corpán taobh thiar den deasc, chuir siad toitín idir a fiacra chun go mbeadh sí níos cosúla le duine beo agus, ar son na creatúlachta, thug siad beacán le coinneáil sna lámha di. Bhí an corpán ina shuí taobh thiar den deasc faoi mar a bheadh duine beo ach amháin go raibh dath an-ghlas ar an aghaidh agus go raibh leathshúil ar oscailt agus an ceann eile dúnta go docht daingean.

“Is cuma,” arsa an bainisteoir, “déanfaidh sí gnó.”

Tá an pobal ag cnagadh ar na doirse cheana féin, ag éirí corraithe: cén fáth nach bhfuiltear ag oscailt an tsiopa chomhair? Bean tí amháin go háirithe, a raibh fallaing shíoda uirthi: ag croitheadh a sparáin di, thóg sí amas ar mhurlán an dorais lena sáil. Agus taobh thiar den bhean tí bhí seanbheainín le clúdach ceannadhairte ar a ceann agus í ag béicíl, ag mallachtú agus ag tabhairt cníopaire ar bhainisteoir an tsiopa chomhair.

D’oscail an bainisteoir na doirse agus lig sí isteach an pobal. Rith an pobal caol díreach chuig roinn na feola agus ansin chuig an áit mar a raibh siúcra agus píobair ar díol. Agus chuaigh an tseanbheainín láithreach go roinn na n-iasc, ach a thúisce is a thug sí spleáchadh ar an mbanairgeadóir stop sí.

“A Dhia na bhfeart!” ar sise, “Go bhfóire Dia orainn!”

Ach bhí an bhean tí sa bhfallaing shíoda tar éis a bheith sna ranna go léir cheana féin agus bhí sí ag ropadh léi chuig an deasc airgid. Ach ní dhearna sí ach spleáchadh a thabhairt ar an mbanairgeadóir, stop sí, seasann sí go ciúin agus féachann sí. Agus tostann na cúntóirí siopa freisin agus féachann siad ar an mbainisteoir. Agus féachann an bainisteoir amach faoin gcuntar agus fanann sé, féachaint cad a tharlóidh.

Thiontaigh an bhean tí sa bhfallaing shíoda ar na cúntóirí siopa agus ar sise: “Cé hí seo ina suí ag an deasc airgid agaibh?”

Agus bhí na cúntóirí ina dtost mar ní raibh a fhios acu cad é an freagra.

Bhí an bainisteoir ina thost freisin.

Agus anseo ritheann an pobal le chéile ó gach taobh. Bhí slua ar an tsráid cheana féin. Láithrigh na hairígh. Séideadh na feadóga. I mbeagán focal, scannal ceart.

Bhí an slua ullamh chun seasamh timpeall an tsiopa chomhair go dtí an tráthnóna féin, fiú. Ach dúirt duine éigin go raibh seanmhná ag titim amach as fuinneog i Lána Ozërnaia. Scaip an slua thar an siopa comhair ansin mar go raibh mórán acu ag trasnú go Lána Ozërnaia.

31 Lúnasa 1936

Ceannairc

“Ólaigí fínéagar, a dhaoine uaisle,” arsa Shúev.

Níor fhreagair éinne é.

“A dhaoine uaisle,” a bhéic Shúev. “Molaim daoibh fínéagar a ól.

D’ardaigh Makarónov é féin den chathaoir uilleann agus dúirt: “Fearaim fáilte roimh smaoineamh Shúev. Ólaimis fínéagar.”

Dúirt Rastopiákin: “Ní bheidh mise ag ól fínéagar.”

Anseo thit tost agus thosaigh chuile dhuine ag féachaint ar Shúev. Bhí Shúev ina shuí agus aghaidh chlochach air. Ní raibh sé soiléir cad a bhí á cheapadh aige.

D’imigh timpeall is trí nóiméad thart. Rinne Suchkóv casacht isteach ina dhorn. Thochais Rývin a bhéal. Chóirigh Kaltáev a charabhat. Bhog Makarónov a chluasa agus a chosa. Agus tar éis dó é féin a shíneadh siar ar dhroim na cathaoireach uilleann bhí Rastopiákin ag féachaint ar an tinteán ar nós cuma-liom.

D’imigh timpeall is seacht nó ocht nóiméad eile thart.

D’éirigh Rývin agus d’fhág sé an seomra ar a bharraicíní.

D’fhéach Kaltáev ina dhiaidh.

Nuair a dúnadh an doras i ndiaidh Rývin dúirt Shúev: “Mar sin é. Tá an ceannairceach imithe. Chun an diabhail leis an gceannairceach!”

D’fhéach gach duine ar a chéile le hionadh agus d’ardaigh Rastopiákin a cheann agus dhírigh sé a stánadh ar Shúev.

Dúirt Shúev go dian: “Eisean a éiríonn amach, níl ann ach bithiúnach!”

Bhain Suchkóv croitheadh as a ghuailí go haireach faoin mbord.

“Táimse ar son an fínéagar a ól,” arsa Makarónov os íseal agus d’fhéach sé go dúilmhear ar Shúev.

Rinne Rastopiákin snag agus, é náirithe, dhearg sé ar nós girsí.

“Bás do na ceannaircigh!” a bhéic Suchkóv, ag nochtadh a cháir leathdhuibh.

Cúig Scéal Neamhchríochnaithe

A Iákov Semënovich dhil,

1. Bhuaile duine amháin, a lig é féin chun reatha, a chloigeann faoi cheárta lena leithéid sin de neart gur chuir an gabha an t-ord a bhí ina lámha ar leataobh, bhain sé a bhairbéal leathair de agus tar éis dó a chuid gruaige a shlíocadh le bois chuaigh sé amach féachaint cad a tharla. 2. Ansin chonaic an gabha an duine ina shuí ar an talamh. Bhí an duine ina shuí ar an talamh agus greim ar a chloigeann aige. 3. “Cad a tharla?” a d’fhiafraigh an gabha. “Ach!” arsa an duine. 4. Chuaigh an gabha níos gaire don duine. 5. Stadaimid den scéal faoin ngabha agus an duine anaithnid agus tosóimid scéal nua faoi cheathrar cairde háraim. 6. Fadó fadó bhí ceathrar gráthóirí háraim ann. D’airídís gur dheas an rud é a bheith le hochtar ban as éadan a chéile. Chruinnídís um thráthnóna agus phléidís saol an háraim. D’ólaidís fíon; bhídís ag éirí caochta; thitidís faoin mbord; d’urlacaidís. Samhnasach ba ea é féachaint orthu. Bhainidís greim as cosa a chéile. Deiridís slamfhocail lena chéile. Shnámhaidís ar a mbolg féin. 7. Stadaimid dá scéal agus cuirimid tús le scéal nua faoi bheoir. 8. Bhí bairille le beoir ina sheasamh agus bhí fealsúnaí ina shuí cóngarach dó agus é ag machnamh: “Tá an bairille seo lán le beoir; coipeann sí agus éiríonn sí láidir. Agus táim féin le mo mheabhair féin ar seachrán faoi na beanna réaltógacha agus táim ag éirí láidir le spiorad. Deoch sa spás is ea an bheoir anois, agus deoch san am is ea mise. 9. Nuair atá an bheoir faoi ghlas sa bhairille ní féidir léi sní in áit ar bith. Tiocfaidh an t-am chun stad agus seasfaidh mé suas. 10. Ach ní thiocfaidh an t-am chun stad agus is do-athruithe atá m’fheacht. 11. Ní hea, is fearr an

rud é go sníonn an bheoir go saor mar tá sé i gcoinne dhlíthe an dúlra í a bheith ina seasamh in aon áit amháin.” Agus leis na focail seo d’oscail an fealsúnaí an sconná sa bhairille agus dhoirt an bheoir amach ar an urlár. 12. Tá go leor ráite againn faoi bheoir; anois labhróimid faoi dhruma. 13. Bhí an fealsúnaí ag drumadóireacht agus é ag screadaíl: “Tá mé ag giniúint gleo fealsúnach! Níl an gleo seo ó éinne, cuireann sé isteach ar chuile dhuine go fiú. Ach má chuireann sé isteach ar chuile dhuine, ciallaíonn sé ansin nach den domhan seo é. Agus mura den domhan seo é, ansin is den domhan úd thall é. Agus más den domhan úd thall é, ansin is mise a bheidh á ghiniúint.” 14. Bhí an fealsúnaí fada ag gleo. Ach fágfaimid an scéal gleomhar seo agus trasnaímid go scéal ciúin faoi chrainn. 15. Bhí an fealsúnaí ag siúl faoi na crainn agus é ina thost mar gur thréig an tinfeadh é.

27 Márta 1937

Fiosrúchán Cuimsitheach

- Ermoláev:* Bhí mé tigh Blínov, thaispeáin sé dom a neart féin. Ní fhaca mé a leithéid riamh. Neart ainmhí fhiáin is ea é! D'ardaigh Blínov a bhord scríbh-neoireachta, luasc sé é agus chaith sé siar uaidh thart ar cheithre mhéadar é.
- Dochtúir:* Ba shuimiúil an rud é an feiniméan seo a fhiosrú. Tá eolas ag an eolaíocht ar a leithéidí d'fhíricí, ach ní thuigtear a gcúiseanna. Cad as dá leithéid sin de neart matánach, ní féidir leis na heolaithe a rá go fóill. Cuir mé féin in aithne do Blínov: tabharfaidh mé piolla fiosrúcháin dó.
- Ermoláev:* Ach cad é an piolla seo a bhfuil fút a thabhairt do Blínov?
- Dochtúir:* Cén piolla? Níl fúm piolla a thabhairt dó.
- Ermoláev:* Ach tá tú féin díreach tar éis a rá go raibh sé i gceist agat piolla a thabhairt dó.
- Dochtúir:* Níl, níl, tá breall ort. Ní raibh mé ag caint faoi phiolla.
- Ermoláev:* Bhuel, gabh mo leithscéal ach chuala mé an rud a dúirt tú faoin bpiolla.
- Dochtúir:* Ní hé.
- Ermoláev:* Cad é nach é?
- Dochtúir:* Ní dúirt!
- Ermoláev:* Cé hé nach ndúirt?
- Dochtúir:* Tusa nach ndúirt.
- Ermoláev:* Cad é nach ndúirt mé?
- Dochtúir:* Níl tú ag rá aon rud go deireadh, dar liom.

- Ermoláev:* Ní thuigim faic. Cad é nach bhfuil á rá go deireadh agam?
- Dochtúir:* Tá do chuid cainte an-samhlachúil. Slogann tú na focail, ní chríochnaíonn tú an smaoineamh a thosaíonn tú, brostaíonn tú agus labhraíonn tú go stadach.
- Ermoláev:* Cathain go baileach a bhí mé ag labhairt go stadach? Labhraím líofa go leor.
- Dochtúir:* Is anseo go díreach atá breall ort! An bhfeiceann tú? Tá tú ag tosú go fiú ar tú féin a chlúdach le baill dhearga de bharr an tsaothair seo. An bhfuil fuacht tagtha ar do lámha fós?
- Ermoláev:* Níl. Cad fúthu?
- Dochtúir:* Mar sin é. Is é seo mo ghlacan. Taibhsítear domsa go bhfuil sé deacair ort anáil a tharraingt cheana féin. B'fhearrde duit suí ar eagla go dtitfidh tú. Tá go maith. Anois lig do scíth.
- Ermoláev:* Ach cad chuige é sin?
- Dochtúir:* Éist. Ná cuir stró ar théada do ghutha. Anois déanfaidh mé iarracht do chinniúint a mhaolú.
- Ermoláev:* A dhochtúir! Tá tú do mo scanrú!
- Dochtúir:* A chara mo chroí! Tá fonn orm cuidiú leat. Sea, tóg é seo. Slog é.
- Ermoláev:* Ó! Feo! A leithéid de bhlas milis fuafar! Cad a thug tú dom?
- Dochtúir:* Faic, faic. Tóg bog é. Is leigheas muinéineach é.
- Ermoláev:* Tá brothall orm agus tá cuma uaine ar gach rud.
- Dochtúir:* Sea, sea, a chara mo chroí, anois gheobhaidh tú bás.
- Ermoláev:* Cad atá á rá agat? A dhochtúir! Ó, ní féidir liom! A dhochtúir! Cad a thug tú dom? Ó, a dhochtúir!
- Dochtúir:* Shlog tú an piolla fiosrúcháin.

Ermoláev: Tarrtháil. Ó. Tarrtháil. Ó. Lig dom anáil. Ó. Tarr... Ó. Anáil...

Dochtúir: Tá sé ina thost. Agus níl sé ag anáil. Ciallaíonn sé sin go bhfuil bás faighte cheana féin aige. Tá sé marbh, gan teacht ar fhreagraí a chuid ceisteanna ar an domhan seo. Sea, tá orainne, na dochtúirí, feiniméan an bháis a fhiosrú go cuimsitheach.

21 Meitheamh 1937

An Nasc

A Fhealsúnaí!

1. Táim ag scríobh chugat mar fhreagra ar do litir a bhfuil fút a scríobh chugam mar fhreagra ar mo litir a scríobh mé chugat. 2. Cheannaigh veidhleadóir maighnéad dó féin agus d'iompair sé abhaile é. Ar an mbealach dó thug maistíní faoin veidhleadóir agus leagadh a hata fionnaidh de. Sciob an ghaoth an hata agus d'iompair sí feadh na sráide é. 3. Chuir an veidhleadóir an maighnéad ar an talamh agus rith sé i ndiaidh an hata. Thit an hata isteach i locháinín de shearbh nítreach agus lobh sé. 4. Ach ag an am sin rug na maistíní greim ar an maighnéad agus chroch siad leo. 5. D'fhill an veidhleadóir abhaile gan chasóg gan hata mar gur lobh an hata sa searbh nítreach agus rinne an veidhleadóir, a bhí trína chéile de bharr a hata a chailleadh, dearmad ar a chasóg sa tram. 6. D'iompair giolla an tram sin an chasóg go dtí an margadh athlámhe agus ansin bhabhtáil sé ar *smetána*, piocuaran agus trátaí í. 7. D'ith athair chéile an ghiolla an iomarca trátaí agus fuair sé bás. Cuireadh corpán athair chéile an ghiolla i marbhlann ach ansin tógadh seanbheainín in ionad athair chéile an ghiolla agus is ise a adhlacadh. 8. Ar uaigh na seanmhná cuireadh colún bán ina sheasamh agus an inscríbhinn air: “Antón Sergéevich Kondrát'ev”. 9. Tar éis aon bhliain déag mheil péisteanna an colún seo agus thit sé. Ach ghearr an reiligire an colún seo ina cheithre chuid le toireasc agus dhóigh sé ina shornóg é. Agus d'fhiuch bean an reiligire anraith cóilise ar an tine seo. 10. Ach nuair a bhí an t-anraith ullamh thit an clog den bhalla go baileach isteach sa chorcán leis an anraith seo. Tarraingíodh an clog amach as an anraith ach

bhí míolta leapa sa chlog agus anois tharla dóibh a bheith san anraith. Tugadh an t-anraith do Timoféi bacach. 11. D'ith Timoféi an t-anraith leis na míolta leapa ann agus d'inis sé do Nikolái bacach faoi mhaitheas an reiligire. 12. Cúpla lá ina dhiaidh sin tháinig Nikolái bacach chun an reiligire agus thosaigh sé ag iarraidh déirce. Ach níor thug an reiligire faic do Nikolái agus ghread sé chun siúil é. 13. Tháinig goimh mhór ar Nikolái bacach agus chuir sé lasóg le teach an reiligire. 14. Leath an dóiteán go dtí an séipéal agus chuaigh an séipéal trí thine. 15. Cuireadh fiosrúchán fada ar bun ach níor éirigh leis cúis an dóiteáin a fháil amach. 16. Tógadh club ar an ionad sin ina mbíodh an séipéal agus ag lá oscailte an chlub eagraíodh ceolchoirm inar sheinn an veidhleadóir a chaill a chasóg ceithre bliana déag roimhe sin. 17. Ach, ina shuí sa lucht éisteachta, bhí mac le duine de na maistíní a leag an hata den veidhleadóir seo ceithre bliana déag roimhe sin. 18. Tar éis na ceolchoirme d'imigh siad abhaile san aon tram amháin. Ach sa tram a bhí ag teacht ina ndiaidh bhí an giolla ceannann céanna a dhíol casóg an veidhleadóra ar an margadh am éigin roimhe sin agus é anois ina thiománaí. 19. Agus seo iad ag dul timpeall na cathrach go déanach um thráthnóna: chun tosaigh tá an veidhleadóir agus mac an mhaistín agus ina ndiaidh tá tiománaí an tram – an t-iarghiolla. 20. Téann siad leo agus níl a fhios acu cén nasc atá eatarthu agus ní bhfaighidh siad amach go lá a mbáis féin é.

14 Meán Fómhair 1937

Préachán na gCeithre Chos

Fadó fadó bhí préachán le ceithre chos ann. Leis an bhfírinne lom a rá bhí cúig chos faoi ach ní fiú labhairt faoi sin.

Tráth dá raibh, mar sin, cheannaigh préachán na gceithre chos caife dó féin agus ceapann sé: “Bhuel, mar sin é. Cheannaigh mé caife dom féin ach cad a dhéanfaidh mé leis?”

Agus ansin, ar an droch-uair, rith sionnach thart. Chonaic sé an préachán agus béiceann sé leis:

“É!” a bhéiceann sé, “Tusa, a phréacháin!”

Agus béiceann an préachán leis an sionnach: “Préachán tú féin!”

Agus béiceann an sionnach leis an bpréachán: “Agus tusa, a phréacháin, níl ionat ach muc!”

Dhoirt an préachán a chaife anseo de bharr an achasáin. Agus rith an sionnach leis. Thuirling an préachán ar an talamh agus chuaigh sé ar a cheithre chos nó, ba chirt a rá, ar a chúig chos go dtí a theach bréan féin.

13 Feabhra 1938

Titim (i gCéin is i gCóngar)

Thit beirt de dhíon. Thit an bheirt acu de dhíon áraslainne nuathógtha cúigurláir. Scoil de réir dealraimh. Bhog siad leo ina suí síos an díon go dtí an chiumhais féin agus ansin thosaigh siad ag titim.

Is í Ída Márkovna a thug a dtitim faoi deara níos luaithe ná aon duine eile. Bhí sí ina seasamh ag an bhfuinneog san áraslann os a chomhair sin agus í ag séideadh a sróine isteach sa ghloine. Agus go tobann chonaic sí gur thosaigh duine éigin ag titim de dhíon na háraslainne thall. Tar éis féachaint go géar di chonaic Ída Márkovna gur thosaigh lán beirte ag titim láithreach. Agus í trína chéile amach is amach, leadhb Ída Márkovna a léine di féin agus thosaigh sí ag cuimilt na léine seo de ghloine cheomhar na fuinneoige lena fheiceáil níos fearr cé a bhí ag titim den díon. Tar éis di a thuiscint, áfach, gurbh fhéidir leis na daoine a bhí ag titim í a fheiceáil lomnocht óna dtaobhsan de, agus gan a fhios aici cén meas a bheadh acu uirthi, léim Ída Márkovna siar ón bhfuinneog agus chuaigh sí faoi cheilt taobh thiar de thríchosach caolaigh a mbíodh cuach le bláth ina seasamh air tráth dá raibh. Ag an nóiméad sin fuair duine eile a bhí ag cónaí san áraslann chéanna le Ída Márkovna, ach dhá urlár thíos, spléachadh ar an lucht titime den díon. Is é Ída Márkovna an t-ainm a bhí ar an duine seo chomh maith. Mar a tharla, ag an nóiméad sin bhí sí ina suí lena cosa ar an lic fuinneoige agus í ag fuáil cnaipe dá bróg. Ag féachaint an fhuinneog amach di, chonaic sí an lucht titime den díon. Lig sí scread aisti tar éis di preabadh den lic fuinneoige, agus thosaigh sí ar an bhfuinneog a oscailt go tapa lena fheiceáil níos fearr

conas a bhuailfeadh an lucht a bhí ag titim den díon an talamh. Ach ní osclódh an fhuinneog. Ba chuimhin le Ída Márkovna gur shéalaigh sí an fhuinneog ón taobh thíos le tairne agus bhrostaigh sí go dtí an tsornóg mar ar choinnigh sí a cuid uirlisí: ceithre chasúr, siséal agus tlú. Ag breith greama ar an tlú, rith Ída Márkovna suas chuig an bhfuinneog arís agus tharraing sí an tairne amach. Luasc an fhuinneog amach go furasta anois. Chrom Ída Márkovna an fhuinneog amach agus chonaic sí conas mar a bhí an lucht titime den díon ag scinneadh thart d'fheadaíl chun na talún.

Bhí slua cuibheasach mór bailithe ar an tsráid cheana féin. Bhí feada á séideadh cheana agus bhí póilín beag ag teacht go righin go dtí an áit a rabhthas ag súil leis an eachtra. Bhí airíoch mórshrónach ag fústráil thart, ag brú an tslua i leataobh a fhad is a bhí sé ag míniú gurbh fhéidir go mbuailfeadh an lucht titime den díon ar an gcloigeann iadsan a bhí bailithe. Faoin am seo bhí an bheirt Ída Márkovna, gúna ar dhuine acu, an duine eile lomnocht, agus iadsan tar éis cromadh an fhuinneog amach, bhí siad ag sceamhaíl agus ag luascadh a gcos. Agus mar sin, faoi dheireadh, lena gcuid lámh ar oscailt agus a gcuid súl ag boils-ciú, bhuail an lucht titime den díon an Domhan.

Mar a bhuailimidne uaireanta, agus sinne ag titim d'arda ár gcuid éachtaí, caighean gruama ár dtodhchaí.

7 Meán Fómhair 1940

Bua Mýshin

Dúradh le Mýshin: “É, a Mýshin, éirigh!”

Dúirt Mýshin: “Ní éireoidh,” agus lean sé de bheith ina luí ar an urlár.

Ansin tháinig Kulýgin chuig Mýshin agus dúirt: “Mura n-éiríonn tú, a Mýshin, tabharfaidh mé ort éirí.”

“Ní éireoidh,” arsa Mýshin, ag leanúint de bheith ina luí ar an urlár.

Tháinig Seliznëva chuig Mýshin agus dúirt: “Tusa, a Mýshin, bíonn tú de shíor ag sínteoireacht thart ar an urlár sa dorchla agus ag cur isteach orainn ag dul siar is aniar.”

“Chuir agus beidh mé ag cur,” arsa Mýshin.

“Bhuel, tá a fhios agat,” arsa Kórshunov ach tháinig Kulýgin roimhe agus dúirt: “Ach cad chuige an chabaireacht fhada anseo! Cuir fios ar na póilíní.”

Cuireadh fios ar na póilíní agus glaoth ar phóilín amach.

Tar éis leathuair an chloig tháinig an póilín leis an airíoch.

“Cad atá agaibh anseo?” a d’fhiafraigh an póilín.

“Bain lán do shúl as seo,” arsa Kórshunov ach tháinig Kulýgin roimhe agus dúirt: “A leithéid seo. Bíonn an saoránach seo ina luí an t-am ar fad anseo ar an urlár agus cuireann sé isteach orainn ag siúl feadh an dorchla. Cad é nach bhfuil déanta againn leis...”

Ach anseo tháinig Seliznëva roimh Kulýgin agus dúirt: “Iarraimid air imeacht ach ní imíonn sé.”

“Ní imíonn,” arsa Kórshunov.

Tháinig an póilín aníos go Mýshin.

“Tusa, a shaoránaigh, cad chuige a bhfuil tú i do luí anseo?” a d’fhiafraigh an póilín.

“Táim ag ligean mo scíthe,” arsa Mýshin.

“Ní cóir do scíth a ligean anseo, a shaoránaigh,” arsa an póilín. “Cá bhfuil tú i do chónaí, a shaoránaigh?”

“Anseo,” arsa Mýshin.

“Cá bhfuil do sheomra?” a d’fhiafraigh an póilín.

“Tá sé cláraithe inár n-árasán-na ach níl seomra aige,” arsa Kulýgin.

“Fan nóiméad, a shaoránaigh,” arsa an póilín, “is leis-sean atáim ag caint anois. A shaoránaigh, cá gcodlaíonn tú?”

“Anseo,” arsa Mýshin.

“Le do thoil,” arsa Kórshunov ach tháinig Kulýgin roimhe agus dúirt: “Níl fiú leapa aige agus déanann sé sínteoireacht go díreach ar an urlár lom.”

“Tá siad ag gearán faoi le fada cheana féin,” arsa an t-airíoch.

“Tá sé dodhéanta amach is amach dul feadh an dorchla,” arsa Selizněva. “Ní féidir liom a bheith ag tógáil coiscéime thar an bhfear de shíor. Agus síneann sé a chosa amach d’aon ghnó, agus síneann sé a lámha chomh maith agus luíonn sé ar a dhroim agus breathnaíonn sé aníos chomh maith. Tagaim abhaile ón obair agus tuirse orm, teastaíonn uaim mo scíth a ligean.”

“Chuirfinn leis sin,” arsa Kórshunov ach tháinig Kulýgin roimhe agus dúirt: “Luíonn sé anseo san oíche, fiú. Baineann sé tuisle as chuile dhuine sa dorchadas. Stróic mé mo bhlaincéad féin air.”

Dúirt Selizněva: “Bíonn tairní de shaghas éigin ag titim amach as a phóca i gcónaí. Ní féidir dul cosnocht feadh an dorchla mar bíonn eagla orm go ngearrfar mo chos.”

“Bhí fonn orthu é a chur trí thine le pairifín ar na mallaibh,” arsa an t-airíoch.

“Dhoirteamar pairifín air,” arsa Kórshunov ach tháinig Kulýgin roimhe agus dúirt: “Níor dhoirteamar pairifín air ach

amháin chun críche sceimhle agus ní raibh fúinn lasóg a chur leis.”

“Agus ní cheadóinn duine beo a dhó i m’fhianaise,” arsa Selizněva.

“Ach cén fáth a bhfuil an saoránach seo ina luí sa dorchla?” a d’fhiafraigh an póilín go tobann.

“Cad é do thuairim air sin!” arsa Kórshunov ach tháinig Kulýgin roimhe agus dúirt: “Mar níl áit chónaithe eile aige: anseo, sa seomra seo, táim féin i mo chónaí, sa cheann seo tá sise anseo, sa cheann seo – eisean anseo agus anseo sa dorchla tá Mýshin ina chónaí.”

“Níl sé seo ceart,” arsa an póilín. “Is gá go mbeidh gach duine ina luí ina áit chónaithe féin.”

“Ach níl áit chónaithe eile aige, ach an dorchla,” arsa Kulýgin.

“Sin é go baileach,” arsa Kórshunov.

“Seo eisean de shíor ina luí anseo,” arsa Selizněva.

“Níl sé sin maith go leor,” arsa an póilín agus d’imigh sé i dteannta an airígh.

Rith Kórshunov suas go dtí Mýshin.

“Cad seo?” ar seisean de bhéic. “Ar thaitin sé sin leat?”

“Fan nóiméad,” arsa Kulýgin agus, ag teacht aníos chuig Mýshin, dúirt: “Ar chuala tú cad a dúirt an póilín? Éirigh den urlár!”

“Ní éireoidh,” arsa Mýshin ag leanúint de bheith ina luí ar an urlár.

“Anois beidh sé ina luí anseo go deo as seo amach,” arsa Selizněva.

“Go deimhin,” arsa Kulýgin agus fearg air.

Agus dúirt Kórshunov: “Níl amhras orm faoi sin. *Parfaitement!*”

8 Samhain 1940

An Léacht

Dúirt Pushkóv: “Is í an bhean inneall an ghrá.”

Agus ansin fuair sé dorn sa phus.

“Cén fáth sin?” a d’fhiafraigh Pushkóv.

Ach, gan freagra a fháil ar a cheist, lean sé air.

“Ceapaim é seo: is gá sleamhnú aníos chuig bean. Is breá leis na mná é seo agus ní dhéanann siad ach ligean orthu féin nach breá leo é.”

Buaileadh Pushkóv arís sa phus anseo.

“Ach cad é seo, a chomrádaithe! Ní bheidh mé ag labhairt, mar sin,” arsa Pushkóv.

Ach tar éis fanacht ceathrú nóiméid lean sé air: “Tá an bhean curtha le chéile sa tslí sin go bhfuil sí bog tais ar fad.”

Anseo buaileadh Pushkóv arís sa phus. Rinne Pushkóv iarracht a ligean air féin nár thug sé faoi deara é agus lean sé air: “Má bholaítear bean...”

Ach anseo greadadh Pushkóv sa phus chomh tréan sin gur rug sé greim ar a leiceann agus dúirt: “A chomrádaithe, ina leithéidí seo de choinníollacha tá sé dodhéanta amach is amach an léacht a thabhairt. Má dhéantar arís é seo tostfaidh mé.”

D’fhan Pushkóv ceathrú nóiméid agus lean sé air: “Cár stadamar? Ach sea! Sin é. Is breá le bean féachaint uirthi féin. Suíonn sí roimh an scáthán, í lomnacht ar fad...”

Ar an bhfocal seo fuair Pushkóv dorn sa phus arís.

“Lomnacht,” arsa Pushkóv arís.

Plimp! – agus tugadh dorn sa phus dó.

“Lomnacht!” arsa Pushkóv de bhéic.

Plimp! – a fuair sé sa phus.

“Lomnocht! Bean lomnocht! Cailleach lomnocht!” arsa Pushkóv de bhéic.

Plimp! Plimp! Plimp! – a bhí á fháil ag Pushkóv sa phus.

“Cailleach lomnocht le ladar ina baclainn!” arsa Pushkóv de bhéic.

Plimp! Plimp! – a bhí na buillí ag greadadh anuas ar Pushkóv.

“Tóin mná!” arsa Pushkóv de bhéic, ag seachaint na mbuillí.
“Beainín rialta lomnocht!”

Ach anseo buaileadh Pushkóv lena leithéid sin de neart gur thit sé gan aithne gan urlabhra agus, cosúil le crann leagtha, thit sé de thuairt ar an urlár.

12 Lúnasa 1940

An Bac

Arsa Prónin: “Tá stocaí an-álainn ort.”

Arsa Irína Mázer: “An dtaitníonn mo stocaí leat?”

Arsa Prónin: “Ó, taitníonn. Go mór.” Agus rug sé greim orthu lena láimh.

Arsa Irína Mázer: “Ach cén fáth a dtaitníonn mo stocaí leat?”

Arsa Prónin: “Tá siad an-mhín.”

D’ardaigh Irína a sciorta agus ar sise: “Agus an bhfeiceann tú cé chomh hard is atá siad?”

Arsa Prónin: “Ó, feicim, feicim.”

Arsa Irína: “Ach tá deireadh leo anseo. Anois tá cos nocht ann.”

“Ó, a leithéid de chois,” arsa Prónin.

“Tá cosa an-ramhar orm,” arsa Irína, “agus tá cromóga an-leathan orm.”

“Taispeáin dom,” arsa Prónin.

“Ní féidir,” arsa Irína, “níl brístín orm.”

Chuaigh Prónin ar a ghlúine roimpi.

Arsa Irína: “Cad chuige a ndeachaigh tú ar do ghlúine?”

Phóg Prónin a cos beagáinín níos airde ná an stoca agus ar seisean: “Sin an fáth.”

Arsa Irína: “Cén fáth a bhfuil tú ag ardú mo sciorta níos mó? Dúirt mé leat cheana nach bhfuil brístín orm.”

Ach d’ardaigh Prónin a sciorta ar aon chuma agus ar seisean: “Is cuma, is cuma.”

“Conas gur cuma faoi?” arsa Irína.

Ach anseo chnag duine éigin ar an doras. Chóirigh Irína a sciorta go tapa agus d'éirigh Prónin den urlár agus chuaigh sé go dtí an fhuinneog.

“Cé atá ann?” a d’fhiafraigh Irína tríd an doras.

“Oscail an doras,” arsa guth géar.

D’oscail Irína an doras agus isteach sa seomra le duine a raibh casóg dhubh agus buataisí arda air. Ina dhiaidh tháinig beirt saighdiúirí de ghrádanna ísle le raidhfílí ina lámha agus ina ndiaidhsean tháinig an t-airíoch. Sheas na saighdiúirí de ghrádanna ísle timpeall an dorais ach chuaigh an duine sa chasóg dhubh suas go dtí Irína Mázer agus dúirt: “Do shloinne?”

“Mázer,” arsa Irína.

“Do shloinne,” arsa an duine sa chasóg dhubh, ag iompú ar Prónin.

Arsa Prónin: “Prónin an sloinne atá orm.”

“An bhfuil arm agat?” arsa an duine sa chasóg dhubh.

“Níl,” arsa Prónin.

“Suigh síos ansin,” arsa an duine sa chasóg dhubh, ag taispeáint cathaoireach do Prónin.

Shuigh Prónin.

“Agus tusa,” arsa an duine sa chasóg dhubh, ag iompú ar Irína, “cuir ort do chasóg. Ní foláir duit teacht linn.”

“Cad chuige?” a d’fhiafraigh Irína.

Níor fhreagair an duine sa chasóg dhubh.

“Tá orm mo chuid éadaí a athrú,” arsa Irína.

“Ní féidir,” arsa an duine sa chasóg dhubh.

“Ach tá orm rud áirithe a chur orm,” arsa Irína.

“Ní féidir,” arsa an duine sa chasóg dhubh.

Chuir Irína a casóg fhionnaidh uirthi go ciúin.

“Slán leat,” ar sise le Prónin.

“Tá cosc ar chomhraíte,” arsa an duine sa chasóg dhubh.

“Agus an bhfuil ormsa dul libh freisin?” a d’fhiafraigh Prónin.

“Tá,” arsa an duine sa chasóg dhubh, “cuir ort.”

D’éirigh Prónin, bhain sé a chasóg agus a hata den chrochadán, chuir sé air iad agus dúirt sé: “Bhuel, táim ullamh.”

“Imímis,” arsa an duine sa chasóg dhubh.

Chnag na saighdiúirí de ghrádanna ísle agus an t-airíoch a mboinn le chéile. Chuaigh gach duine amach sa dorchla. Chuir an duine sa chasóg dhubh an glas ar dhoras sheomra Irína agus chuir sé séala le dhá stampa liathdhonna air.

“Amach linn,” ar seisean.

Agus d’fhág gach duine an t-árasán tar éis dóibh an doras seachtrach a phlabadh go torannach ina ndiaidh.

1940

Siansa Uimh. 2

Chaith Antón Mikháilovich seile, dúirt ‘ach’, chaith sé seile arís, dúirt ‘ach’ arís, chaith sé seile arís, dúirt ‘ach’ arís agus d’imigh sé. Agus gò dtuga an Diabhal leis é. B’fhearrde dom insint faoi Il’iá Pávlovich.

Rugadh Il’iá Pávlovich sa bhliain 1893 i gCathair na Biosáinte. Agus é ina gharsún beag tógadh go Cathair Naomh Peadar é agus ansin chríochnaigh sé an scoil Ghearmánach i Sráid Kírochnaia. Ansin d’oibrigh sé i siopa de shaghas éigin, ansin rinne sé rud éigin eile agus ag tús na muirtheachta chuaigh sé ar imirce thar lear. B’fhearrde dom insint faoi Ánna Ignat’évna.

Ach níl sé chomh saoráideach sin insint faoi Ánna Ignat’évna. I dtosach níl faic ar eolas agam fúithi agus sa dara cás tá mé anois díreach tar éis titim den chathaoir agus tá dearmadta agam ar an rud a bhí fúm a insint. B’fhearrde dom insint fúm féin.

Táim ard, táim cliste agus bím gléasta go cuanna le cairéis, ní ólaim, ní théim ag na rásanna capall ach bím ag dréim leis na mná uaisle. Agus ní theitheann na mná uaisle uaim. Taitníonn sé leo, fiú, nuair a théim ag siúl ina dteannta. Thugadh Serafíma Izmaílovna cuireadh dom teacht chuici go mion minic agus deir Zinaída Iákovlevna freisin go mbíonn ríméad uirthi i gcónaí mé a fheiceáil. Ach, a leithéid seo, d’imir eachtra ghreannmhar orm le Marína Petróvna ba mhaith liom féin, fiú, a insint. Gnáth-eachtra amach is amach ba ea í, ach greannmhar mar sin féin mar d’éirigh Marína Petróvna maol ar fad, cosúil le bois, agus a bhuíochas sin ormsa. Thit sé amach mar seo: tháinig mé babhta

go dtí Marína Petróna agus plimp! – d'éirigh sí maol. Sin a bhfuil.

9 – 10 Meitheamh 1940

Athshlánú

Is féidir liom a rá, gan a bheith ag maíomh asam féin, ach nuair a bhuail Volódia ar an gcluais mé agus nuair a chaith sé seile le clár m'éadain, gur ghread mé chomh tréan sin é nach ndéanfaidh sé dearmad air go deo. Is ina dhiaidh sin ar fad a bhuail mé leis an tsornóg é agus bhuail mé leis an iarann é um thráthnóna. Ní bhfuair sé bás láithreach bonn, mar sin. Ní haon chruthúnas é sin gur ghearr mé a chos de roimh an tráthnóna. Ag an am sin bhí sé fós ina bheatha. Agus níor mharaigh mé Andriúsha ach le teann fuinnimh amháin agus ní féidir liom an milleán a chur orm féin. Cad chuige ar tharla d'Andriúsha agus d'Elizavéta Antónovna a bheith faoi mo láimh? Ní raibh aon chúis acu preabadh aniar den doras. Táthar ag cur íota fola i mo leith, deirtear go raibh mé ag ól na fola ach níl sé sin ceart, bhí mé ag lí na locháiníní agus na dteimheal fola; is é riachtanas nádúrtha an duine é a chuid rianta féin a dhíothú, fiú amháin an choir is lú tábhacht. Agus anuas air sin níor éignigh mé Elizavéta Antónovna. Ar an gcéad dul síos, níorbh ógh í a thuilleadh agus ar an dara dul síos rinne mé an gníomh le corpán agus ní gearánta di. Cad mar gheall ar an rud sin, go raibh sí díreach ar tí leanbh a bhreith? Is mise a stróic an bhunóc amach. Agus é sin, nach raibh sé le bheith i bhfad ar an domhan seo, nílím ciontach ann sin. Ní mise a stróic a chloigeann de, a mhuineál tanaí ba chúis leis sin. Níor cruthaíodh don saol seo é. Is fíor gur smear mé a ngaidhrín feadh an urláir le mo bhuatais. Ach níl ann ach ciniciúlacht amach is amach – marú gadhair a chur i mo leith nuair is féidir a rá go bhfuil trí bheatha dhaonna dhíothaithe i ngar dó anseo. Nílím ag cur na bunóice san

áireamh. Bhuel, tá go maith: sa rud seo go léir (is féidir liom aontú libh), is féidir roinnt turcántachta ó mo thaobhsa de a thabhairt faoi deara. Ach má mheastar gur coir é gur shuigh mé agus gur chac mé ar mo chuid íobairtí – gabhaigí mo leithscéal, ach tá sé sin amaideach amach is amach. An cac – riachtanas nádúrtha is ea é sin agus leanann sé de nach bhfuil sé coiriúil ar shlí ar bith. Sa chaoi sin tuigim an inní atá ar m’abhcóide cosanta, ach táim ag súil le saoradh iomlán ar aon chuma.

1940

An Tolg

Bronnadh tolg, ceithre chathaoir agus cathaoir uilleann ar Fhrancach áirithe. Shuigh an Francach ar an gcathaoir ag an bhfuinneog ach bhí fonn air luí ar an tolg. Luigh an Francach ar an tolg ach bhí fonn cheana féin air suí ar an gcathaoir uilleann ar feadh tamaill. D'éirigh an Francach den tolg agus shuigh sé ar an gcathaoir uilleann ar nós rí, ach bhí a leithéidí sin de smaointe cheana féin ina chloigeann go raibh sé féin róniamhrach ar an gcathaoir uilleann sin. B'fhearr suí ar cheann a bheadh beagáinín níos bunúsaí, ar chathaoir. D'athraigh sé go dtí an chathaoir ag an bhfuinneog ach amháin gur éirigh sé corrhónach ar an gcathaoir sin, mar bhí a leithéid sin de leoithne ón bhfuinneog chuige isteach. D'athraigh an Francach go dtí an chathaoir feadh na sornóige agus mhothaigh sé go raibh tuirse air. Ansin shocraigh an Francach a bheith ina luí ar an tolg agus a scíth a ligean ach, gan an tolg a bhaint amach dó, chas sé i leataobh agus shuigh sé ar an gcathaoir uilleann.

“Nach anseo atá sé go maith!” arsa an Francach ach díreach ansin chuir sé leis, “Ach is cosúil go bhfuil sé níos fearr ar an tolg.”

Grigór'ev agus Semënov

Grigór'ev (ag bualadh Semënov sa phus): Bíodh seo agat mar tá an geimhreadh tagtha! Tá sé in am an tsornóg a lasadh. Conas a bheidh sé, dar leatsa?

Semënov: Dar liomsa, má dhírímid i ndáiríre ar do thuairim, ansin, más mian leat, tá sé in am an tsornóg a chur ar siúl go deimhin.

Grigór'ev (ag bualadh Semënov sa phus): Agus dar leatsa, an mbeidh geimhreadh na bliana seo fuar nó te?

Semënov: Más mian leat, de réir mar a bhí an samhradh báistiúil beidh an geimhreadh fuar. Má tá an samhradh báistiúil, ansin bíonn an geimhreadh i gcónaí fuar.

Grigór'ev (ag bualadh Semënov sa phus): Ach, a leithéid seo, ní bhíonn fuacht orm am ar bith!

Semënov: Tá sé sin ceart amach is amach, an rud atá á rá agat, mar atá nach mbíonn fuacht ort. Tá a leithéid sin de nádúr agat.

Grigór'ev (ag bualadh Semënov sa phus): Ní mhothaím an fuacht!

Semënov: Ach!

Grigór'ev (ag bualadh Semënov sa phus): Cén t-ach?

Semënov (ag cur leathlámhe ar a leiceann). Ach! Tá m'aghaidh tinn!

Grigór'ev: Cén fáth a bhfuil sí tinn? (*Agus leis na focail seo beireann sé ar phus Semënov.*)

Semënov (ag titim den bhord): Ach! Níl a fhios agam.

Grigór'ev (ag bualadh Semënov sa phus lena chois): Ach níl aon rud tinn agamsa!

Semënov: Stadfaidh mé de bheith ag troid leat, a mhic striapaí!
(*Déanann sé iarracht seasamh.*)

Grigór'ev (*buaileann sé Semënov sa phus*): A leithéid de mhúinteoir tusa!

Semënov (*ag titim ar a dhroim*). A chunúis ghearbaigh!

Grigór'ev: É, tusa, roghnaigh leagan cainte níos míne!

Semënov (*ag iarraidh éirí*): Mise, a mhic ó, bhí mise fada ag fulaingt. Ach is leor seo. Is léir nach féidir caitheamh go deas leatsa. Tusa, a chara, tá tú féin ciontach...

Grigór'ev (*ag bualadh Semënov sa phus lena sháil*): Abair é, abair é! Éistfimid!

Semënov (*ag titim ar a dhroim*). Ach!

(*Isteach le L'íánev*)

L'íánev: Cad atá ar siúl anseo?

An tSeanbhean

SCÉAL

*... agus eatarthu féin tarlaíonn
an comhrá seo a leanas.*

Hamsun

Tá seanbhean ina seasamh sa chlós agus clog balla ina lámha. Téim thar an tseanbhean, stadaim agus fiafraím di: “Cén t-am é?”

“Féach,” arsa an tseanbhean liom.

Féachaim agus feicim nach bhfuil snáthaidí ar an gclog.

“Níl snáthaidí anseo,” arsa mise.

Féachann an tseanbhean ar an diail agus deir sí liom: “Tá sé ceathrú chun a trí anois.”

“Á, an mar sin é. Go raibh míle maith agat,” arsa mise agus imím liom.

Béiceann an tseanbhean rud éigin liom i mo dhiaidh ach téim gan féachaint siar. Téim amach ar an tsráid agus siúlaim ar thaobh na gréine. Tá grian an earraigh an-taitneamhach. Téim de chois. Leathdhúnaim mo shúile agus caithim mo phíopa. Ar chúinne Shráid Sadóvaia tarlaíonn do Sakerdón Mikháilovich a bheith ag teacht i mo threo. Beannaímid dá chéile, stadaimid

agus déanaimid comhrá fada. Éirím bréan de bheith i mo sheasamh ar an tsráid agus tugaim cuireadh do Sakerdón Mikháilovich dul isteach i mbeár íoslaigh. Ólaimid vodca, caithimid greim bia d'uibheacha cruabhruite le saláin, ansin fágaimid slán ag a chéile agus ar aghaidh liom i m'aonar.

Is anseo a chuimhním go tobann go ndearna mé dearmad ar an tsornóg aibhléise sa bhaile a mhúchadh. Cuireann sé seo isteach go mór orm. Tiontaím thart agus téim abhaile. Thosaigh an lá chomh maith sin agus seo an chéad tubaiste cheana féin. Níor chóir dom dul amach.

Tagaim abhaile, bainim mo sheaicéad díom, tógaim m'uaireadóir amach as póca mo bhástchóta agus crochaim ar an tairne é; ansin cuirim an glas ar an doras agus luím ar an tolg. Beidh mé i mo luí agus déanfaidh mé iarracht dul a chodladh.

Cloistear ón tsráid screadaíl mhíthaitneamhach ó gharlaigh óga. Luím síos agus cumaim modhanna básaithe dóibh. Thar aon rud eile is maith liom an toirchim a chur orthu chun go stadann siad den bhogadh go tobann. Sciobann a dtuistí abhaile iad. Luíonn siad ina leapacha féin agus ní féidir leo ithe, fiú amháin, mar ní osclaíonn a gcuid béal. Beathaítear go saorga iad. Tar éis seachtaine imíonn an toirchim ach tá na páistí chomh lag sin go bhfuil orthu fanacht ina luí sna leapacha go ceann míosa iomláine eile. Ansin tagann biseach orthu de réir a chéile, ach cuirim an dara ráig den toirchim orthu agus stiúgann siad go léir.

Luím ar an tolg le mo shúile ar oscailt agus ní féidir liom dul a chodladh. Is cuimhin liom an tseanbhean leis an gclóg a chonaic mé inniu sa chlós agus is breá liom é nach raibh snáthaidí ar a clog. Ach an lá cheana chonaic mé clog samhnasach cistine i siopa athlámhe agus bhí cuma gabhlóige agus scine ar na snáthaidí.

A Dhia! Níor mhúch mé an tsornóg aibhléise go fóill. Preabaim i mo sheasamh agus múchaim í, ansin luím síos arís

ar an tolg agus déanaim iarracht dul a chodladh. Dúnaim mo shúile. Níl fonn codlata orm. Tríd an bhfuinneog tá grian an earraigh ag taitneamh go díreach orm. Éirím brothallach. Éirím agus suím ar an gcathaoir uilleann ag an bhfuinneog.

Tá fonn codlata orm anois ach ní rachaidh mé a chodladh. Gheobhaidh mé peann agus pár agus beidh mé ag scríobh. Braithim neart uafásach ionam féin. Rinne mé mo mhachnamh air seo ar fad inné. Scéal a bheidh ann ar mhíorúilteoir a chónaíonn inár ré agus nach ndéanann míorúiltí. Tá a fhios aige gur míorúilteoir é agus gur féidir leis aon mhíorúilt a dhéanamh, ach ní dhéanann sé iad. Caitear amach as an árasán é, tá a fhios aige nach bhfuil le déanamh aige ach méar a chroitheadh agus is aigesean a bheidh an t-árasán ach ní dhéanann sé é sin, fágann sé an t-árasán go huiríseal agus téann sé chun cónaithe i sabhall ar an taobh thall den chathair. Is féidir leis teach breá bríce a dhéanamh as an seansabhall ach ní dhéanann sé é sin, leanann sé de bheith ina chónaí sa sabhall agus sa deireadh thiar thall faigheann sé bás, gan aon mhíorúilt amháin a dhéanamh le linn a bheatha féin.

Suím agus cuimlím mo lámha le lúcháir. Scoiltfidh Sakerdón Mikháilovich le héad. Ceapann sé cheana féin nach bhfuilim in ann aon rud ardéirime a scríobh. Go tapa, go tapa chun oibre! Cuirim uaim gach cineál codlata agus leisciúlachta! Beidh mé ag scríobh go ceann ocht n-uaire déag an chloig as a chéile!

Tá mé ar ballchrith leis an mífhoighne. Ní féidir liom smaoineamh ar an rud atá le déanamh agam: theastaigh uaim peann agus pár a fháil ach rug mé greim ar rudaí éagsúla, ní orthusan a bhí uaim ar chor ar bith. Rith mé timpeall an tseomra: ón bhfuinneog go dtí an bord, ón mbord go dtí an tsornóg, ón tsornóg arís go dtí an bord, ansin chuig an tolg agus arís chuig an bhfuinneog. Bhí ga seá ionam de bharr na lasrach a bhí ag bladhmadh i mo bhrollach istigh. Níl sé ach a cúig a chlog

anois. Tá an lá romham amach, agus an tráthnóna, agus an oíche ar fad...

Seasaim i lár an tseomra. Cad é a bhfuilim ag smaoineamh air? Tar éis an tsaol tá sé fiche tar éis a cúig cheana féin. Is gá scríobh. Bogaim an bord suas chuig an bhfuinneog agus suím síos aige. Tá páipéar cearnógach romham, tá peann i mo láimh.

Tá mo chroí fós ag bualadh an iomarca agus tá mo lámh ar crith. Fanaim, chun ligean fúm féin beagáinín. Cuirim síos an peann agus líonaim mo phíopa. Tá an ghrian ag taitneamh go díreach isteach i mo shúile, déanaim splinceáil agus deargaim mo phíopa.

Eitlíonn préachán thar an bhfuinneog. Féachaim an fhuinneog amach ar an tsráid agus feicim duine ar chois mheicniúil ag siúl an chosáin. Cnagann sé go gleomhar lena chois agus lena mhaide.

“Mar sin é,” arsa mise liom féin, ag leanúint de bheith ag féachaint an fhuinneog amach.

Téann an ghrian i bhfolach taobh thiar de shimpléar ar an áraslann thall. Ritheann an scáth ón simléar feadh an dín, eitlíonn sé trasna na sráide agus luíonn sé ar m’aghaidh. Is gá an scáth seo a úsáid agus cúpla focal a scríobh mar gheall ar an míorúilteoir. Gabhaim an peann agus scríobhaim: “Duine ard ba ea an míorúilteoir.”

Ní féidir liom a thuilleadh a scríobh. Suím nó go dtaga ocras orm. Éirím ansin agus téim chun an chóifrín ina gcoimeádtar mo lón bia, póirseálaim ann ach ní thagaim ar faic. Cnapán siúcra ach níl fionna feanna ann seachas é sin.

Cnagann duine éigin ar an doras.

“Cé atá ann?”

Ní fhreagraíonn éinne mé. Osclaím an doras agus os mo chomhair amach feicim an tseanbhean a bhí ina seasamh sa chlós ar maidin leis an gclog. Tá ionadh an domhain orm agus ní féidir liom aon rud a rá.

“Tháinig mé, mar sin,” arsa an tseanbhean agus isteach i mo sheomra léi.

Seasaim ag an doras agus níl a fhios agam cad atá le déanamh agam: an ruaig a chur ar an tseanbhean nó, a mhalairt, a mholadh di suí? Ach téann an tseanbhean féin chun mo chathaoireach uilleann atá in aice na fuinneoige agus suíonn sí síos ann.

“Dún an doras agus cuir an glas air leis an eochair,” arsa an tseanbhean liom.

Dúnaim an doras agus cuirim an glas ar an doras.

“Téigh ar do ghlúine,” arsa an tseanbhean liom.

Agus téim ar mo ghlúine.

Ach is anseo a thosaím ag tuiscint a amaidí atá mo shuíomh. Cad chuige mé ar mo ghlúine roimh sheanbhean éigin? Agus cén fáth a bhfuil an tseanbhean seo i mo sheomra ina suí ar an gcathaoir is ansa liom? Cén fáth nár ruaig mé an tseanbhean?

“Éist, le do thoil,” arsa mise, “cén ceart atá agatsa barrastóireacht a dhéanamh i mo sheomra agus, anuas air sin, ordú a thabhairt dom? Níl fonn ar bith orm a bheith ar mo ghlúine.”

“Agus ní gá duit,” arsa an tseanbhean. “Anois tá ortsa luí ar do bholg agus d’aghaidh a shá san urlár.”

Chomhlíon mé an t-ordú láithreach.

Os mo chomhair amach feicim cearnóga atá línithe i gceart. Tugann an phian i mo ghualainn agus i mo leis dheas orm mo shuíomh a athrú. Bhí mé i mo luí béal fúm, anois éirím ar mo ghlúine le mórán saothair. Tá mo chuid ball marbh agus lúbann siad go dona. Féachaim thart agus feicim mé féin i mo sheomra féin, ar mo ghlúine i lár an urláir. Filleann mo mheabhair agus mo chuimhne orm go mall. Arís féin féachaim timpeall an tseomra agus feicim gurb amhlaidh go bhfuil duine éigin ina shuí ar an gcathaoir uilleann ag an bhfuinneog. Níl sé rógheal sa seomra mar tá oíche bhán ann anois, is dócha. Stánaim go géar

grinn. A Dhia na bhfeart! I ndáiríre an í an tseanbhean atá fós ina suí ar mo chathaoir uilleann? Sínim mo mhuineál amach agus féachaim. “Sea, dar ndóigh, is í an tseanbhean atá ina suí agus a ceann fúithi. Tá sí imithe a chodladh, is dócha.”

Éirím agus téim de bhacadaíl bheag chuici. Tá cloigeann na seanmhná buailte lena brollach, tá a lámha ar crochadh feadh thaobhanna na cathaoireach uilleann. Tá fonn orm greim a bhreith ar an tseanbhean seo agus í a shracadh tríd an doras amach.

“Éist,” arsa mise, “tá tusa i mo sheomrasa. Teastaíonn uaim obair a dhéanamh. Táim ag iarraidh ort imeacht.”

Ní bhogann an tseanbhean. Cromaim síos agus stánaim ar aghaidh na seanmhná. Tá a beola ar leathoscailt agus tá a giall bréige ar bogadh agus ag gobadh amach as a béal. Agus go tobann soiléirítear gach rud dom: tá an tseanbhean tar éis bás a fháil.

Tagann mothú uafásach dóiteachta orm. Cad chuige a bhfuair sí bás i mo sheomrasa? Ní féidir liom broic leis na mairbh. Agus anois, am a chaitheamh ar an ablach seo, dul ag comhrá leis an airíoch agus le bainisteoir na háraslainne, a mhíniú dóibh cén fáth ar tharla don tseanbhean a bheith agam. D’fhéach mé le fuath ar an tseanbhean. Ach b’fhéidir nach bhfuil sí marbh. Mothaím clár a héadain. Tá clár a héadain fuar. A lámh freisin. Ach cad atá le déanamh agam?

Deargaim mo phíopa agus suím ar an tolg. Tagann olc éigiallta orm.

“A chunúis!” arsa mise os ard.

Tá an tseanbhean mharbh ina suí ar an gcathaoir uilleann ar nós mála. Tá a cuid fiacla ag gobadh amach as a béal. Tá sí cosúil le capall marbh.

“Pictiúr samhnasach,” arsa mise, ach ní féidir liom an tseanbhean a chlúdach le nuachtán mar cá bhfios cad a tharlódh faoi nuachtán.

Cloistear gluaiseacht taobh thiar den bhalla: tá mo chomharsa, tiománaí innill, ag éirí. Nach bhfuil go leor le déanamh agam gan é ag fáil ghaoth an fhocail go bhfuil seanbhean mharbh ina suí sa seomra agam! Tugaim aird ar choiscéimeanna na comharsan. Cén fáth a bhfuil sé ag moilliú? Tá sé leathuair tar éis a cúig cheana féin! Bhí sé in am dó imeacht fadó ó shin. A Dhia! Tá faoi tae a ól! Cloisim mar a dhéanann an tsornóg torann taobh thiar den bhalla. Ach, is trua nach bhfuil an tiománaí innill damanta seo ag imeacht beagáinín níos tapúla!

Dreapaim in airde ar an tolg le mo chosa agus luím síos. Téann ocht nóiméad thart ach níl tae na comharsan réidh go fóill agus déanann an tsornóg torann. Dúnaim mo shúile agus déanaim brionglóid go bhfuil an chomharsa imithe agus go n-imím, in éineacht leisean, go dtí an staighre agus go bplabaim an doras le glas francach air i mo dhiaidh. Níl an eochair agam agus ní féidir liom fáil ar ais isteach san árasán. Is gá glaoch agus na comharsana eile a dhúiseacht ach tá sé sin go dona amach is amach. Seasaim ar léibheann an staighre agus smaoiním ar an rud atá le déanamh agam agus go tobann feicim nach bhfuil lámha orm. Cromaim mo chloigeann chun a iniúchadh níos fearr an bhfuil lámha orm agus feicim go bhfuil scian bhoird ag gobadh amach in ionad láimhe ar thaobh amháin agus ar an taobh eile tá gabhlóg.

“Mar sin é,” arsa mise le Sakerdón Mikháilovich atá, ar chúis éigin, ina shuí díreach ansin ar chathaoir infhillte. “An bhfeiceann tú,” arsa mise leis, “cén cineál lámh atá orm?”

Ach suíonn Sakerdón Mikháilovich agus é ina thost agus feicim nach é an fíor-Sakerdón Mikháilovich é, ach ceann déanta as cré.

Is anseo a dhúisím agus tuigim láithreach bonn go bhfuilim i mo luí ar an tolg i mo sheomra féin agus ag an bhfuinneog, sa chathaoir uilleann, tá an tseanbhean mharbh ina suí.

Tiontaím mo cheann ina treo go tapa. Níl an tseanbhean sa chathaoir uilleann. Féachaim ar an gcathaoir uilleann fholamh agus líonann ríméad fiáin mé. Ciallaíonn sé seo nach raibh sa rud seo ar fad ach brionglóid. Ach cár thosaigh sé go díreach? Ar tháinig an tseanbhean isteach i mo sheomra inné? B'fhéidir nach raibh ann ach brionglóid freisin? D'fhill mé abhaile inné mar go ndearna mé dearmad ar an tsornóg aibhléise a mhúchadh. Ach b'fhéidir nach raibh ann ach brionglóid? Ar aon nós, nach maith an rud é nach bhfuil an tseanbhean mharbh i mo sheomra agus ciallaíonn sé seo nach gá dul chun an bhainisteora agus am a chaitheamh ar an marbh.

Ach cá fhad a bhí mé i mo chodladh? D'fhéach mé ar an gclog; leathuair tar éis a naoi, ar maidin is dócha.

A Dhia! Na rudaí a ndéantar brionglóid orthu!

D'ísigh mé mo chosa den tolg, do m'ullmhú féin chun seasamh agus go tobann chonaic mé an tseanbhean mharbh ina luí ar an urlár laistiar den bhord, in aice leis an gcathaoir uilleann. Bhí sí ina luí lena haghaidh in airde agus bhí fiacail amháin dá giall bréige, a bhí tar éis titim amach as a béal, ag greamú de pholláire na seanmhná. Bhí na lámha sactha isteach faoin gcorpán agus ní raibh siad le feiceáil, ach bhí a cosa cnámhacha i ngiosáin bhána shalacha olann ag gobadh amach faoina sciorta clupaideach.

"A chunúis!" arsa mise de bhéic agus tar éis dom rith suas chun na seanmhná tharraing mé cic ar a smig le mo bhuatais.

D'eitil an giall bréige isteach sa chúinne. Ba mhaith liom an tseanbhean a bhualadh arís ach tháinig imeagla orm go bhfágfaí rianta ar an gcorpán agus go measfaí ina dhiaidh seo go léir gur mise a mharaigh í.

D'iompaigh mé ón tseanbhean, shuigh mé ar an tolg agus dhearg mé mo phíopa. Is mar sin a chuaigh timpeall is fiche nóiméad thart. Soiléiríodh dom anois go dtabharfaí an gnó seo do choiste fiosraithe choiriúil ar aon nós, agus go bhfaigheadh

an scata dunderlán den choiste fiosraithe seo ciontach sa dúnmharú mé. Bhí an cás ag teacht amach go dona agus, anuas air sin, bhí an buille sin leis an mbuatais.

Chuaigh mé suas arís chuig an tseanbhean, chrom mé síos agus thosaigh mé ag grinniú a haghaidhe. Bhí smáilín beag dorchá ar a smig. Ach ní féidir locht a fháil air sin. Nach cuma faoi? B'fhéidir gur bhuaill an tseanbhean faoi rud éigin eile agus í ina beatha? Ligim fúm beagáinín agus tosaím ag dul timpeall an tseomra, ag caitheamh mo phíopa agus ag machnamh ar mo chás féin.

Téim timpeall an tseomra agus tosaím ag mothú go bhfuil ocras ag teacht orm, é ag éirí níos láidre agus níos láidre. Tosaím ag crith ón ocras go fiú. Arís féin póirseálaim sa chóifrín mar a gcoimeádtar mo lón bia ach ní thagaim ar faic seachas cnapán siúcra.

Tarraingim mo thiachóg amach agus comhairim mo chuid airgid. Aon rúbal déag. Ciallaíonn sé sin gur féidir liom roinnt ispín liamháis agus arán a cheannach dom féin agus, fós, go bhfágfar roinnt airgid ar thobac.

Cóirim mo charbhat a míchóiríodh i rith na hoíche, faighim m'uaireadóir, cuirim mo sheaicéad orm féin, téim amach sa dorchla, glasálaim doras mo sheomra féin go haireach, cuirim an eochair i mo phóca agus téim amach ar an tsráid. An chéad rud is gá a dhéanamh ná ithe, ansin beidh mo chuid smaointe níos soiléire agus ansin rachaidh mé i mbun ruda éigin leis an ablach sin.

Ar an mbóthar chun an tsiopa tagann tuilleadh isteach i mo cheann: nár chóir bualadh isteach chuig Sakerdón Mikháilovich agus é go léir a insint dó, b'fhéidir go socróimis le chéile cad atá le déanamh. Ach diúltaím go díreach don smaoineamh sin mar go bhfuil rudaí áirithe ann is gá a dhéanamh i d'aonar, gan finnéithe.

Ní raibh aon ispín liamháis sa siopa agus cheannaigh mé leathchileagram sábhlog dom féin. Ní raibh tobac ann ach oiread. Ón siopa chuaigh mé isteach i mbácús.

Bhí an-chuid daoine sa bhácús agus bhí scuaine fhada ina seasamh ag an deasc airgid. Tháinig muc ar gach mala agam láithreach bonn ach sheas mé sa scuaine ar aon chuma. Bhog an scuaine go han-mhall agus ansin stad sí ar fad mar bhí scannal éigin ag titim amach ag an deasc airgid.

Lig mé orm nach raibh mé ag tabhairt faic faoi deara agus d'fhéach mé ar dhroim na mná deise óigeanta a bhí ina seasamh romham sa scuaine. Bhí an bhean dheas an-fhiosrach, ba léir: shín sí a muineál amach faoi dheis, faoi chlé agus í de shíor ina seasamh ar a barraicíní chun an rud a bhí ag tarlú ag an deasc airgid a ghrinniú níos fearr. Faoi dheireadh thiontaigh sí orm agus d'fhiafraigh sí: “An bhfuil a fhios agat cad atá ag titim amach ansin?”

“Gabh mo leithscéal ach níl,” arsa mise chomh tur agus ab fhéidir.

Thiontaigh an bhean dheas i dtreonna éagsúla agus faoi dheireadh d'iompaigh sí orm arís: “Níorbh fhéidir leat dul agus a fháil amach cad atá ag tarlú ansin?”

“Mo leithscéal ach níl suim ar bith agam ann,” arsa mise, níos tuire fós.

“Conas nach bhfuil?” arsa an bhean dheas os ard. “Tar éis an tsaoil, táthar ag cur moille ort sa scuaine dá bharr seo!”

Níor fhreagair mé ar chor ar bith agus ní dhearna mé ach mo cheann a umhlú go bog. D'fhéach an bhean dheas go haireach orm.

“Ní gnó fir é, dar ndóigh, seasamh i scuaine ar son aráin,” ar sise. “Tá trua agam duit gur gá duit seasamh anseo. Ní pósta atá tú, is dócha.”

“Ní hea, nílím pósta,” a d’fhreagair mé, le beagáinín mearbhaill orm ach le teann fuinnimh ag leanúint de bheith ag freagairt cuibheasach tur agus, leis sin, ag umhlú go bog.

Arís féin d’iniúch an bhean go grinn mé ó bhonn go baithis agus go tobann, tar éis di méar a leagan ar mo mhuinchille, dúirt sí: “Ceannaím duit é sin atá ag teastáil agus fansa féin liom ar an tsráid.”

Tháinig mearbhall orm amach is amach.

“Táim buíoch díot,” arsa mise. “Tá sé an-deas ó do thaobhsa de ach, i ndáiríre, is féidir liomsa.”

“Ní gá, ní gá,” arsa an bhean dheas, “amach leat ar an tsráid. Cad a bhí fút a cheannach?”

“An bhfeiceann tú,” arsa mise, “bhí fúm leathchileagram d’arán dubh a cheannach, ach an t-arán cruinn, é sin atá níos saoire. Is fearr liom é.”

“Tá go maith,” arsa an bhean dheas. “Ach imigh leat anois. Ceannóidh mé é agus ansin glanfaimid an cuntas.”

Agus bhrúigh sí go héadrom lena huillinn mé go fiú.

D’fhag mé an bÁCús agus sheas mé ag an doras. Taitníonn grian an earraigh go díreach ar m’aghaidh. Deargaim mo phíopa. A leithéid de bhean dheas! Tá a leithéidse chomh hannamh sin anois. Seasaim, leathdhúnaim mo shúile ar an ngrian, caithim mo phíopa agus smaoiním ar an mbean dheas. Tar éis an tsaoil, tá súile deasa geala donna aici. Nach méanar é a dhóighiúla atá sí!

“Tá tú ag caitheamh píopa?” arsa guth gar dom féin. Tá an bhean dheas ag síneadh an aráin amach dom.

“Ó, táim thar a bheith buíoch díot,” arsa mise, ag tógáil an aráin.

“Ach tá tú ag caitheamh píopa! Taitníonn sé sin go huafásach liom,” arsa an bhean dheas.

Agus eadrainn féin tarlaíonn an comhrá seo a leanas.

Ise: Is tusa a théann ar son an aráin, mar sin.

Mise: Ní hamháin ar son aráin: ceannaím gach rud dom féin.

Ise: Agus cá n-itheann tú?

Mise: Go hiondúil ullmhaím mo dhinnéar féin dom féin. Agus uaireanta ithim i mbeár.

Ise: An breá leat beoir?

Mise: Ní breá, is fearr liom vodca.

Ise: Is breá liomsa vodca freisin.

Mise: Is breá leat vodca? Nach maith an rud é sin. Ba mhaith liom ól in éindí leat am éigin.

Ise: Agus ba mhaith liomsa roinnt vodca a ól in éineacht leatsa.

Mise: Mo leithscéal, ach an féidir liom rud amháin a fhiafraí díot?

Ise (tar éis di deargadh go mór): Dar ndóigh, fiafraigh.

Mise: Tá go maith, fiafróidh. An gcreideann tú i nDia?

Ise (agus ionadh ag teacht uirthi): I nDia? Creidim, dar ndóigh.

Mise: Ach cad a déarfá dá gceannóimis vodca anois agus dá n-imeoimis chun m'áitese. Táim i mo chónaí in aice láithreach.

Ise (go giodalach): Tá go maith, táim sásta!

Mise: Imímis, mar sin.

Buailimid isteach i siopa agus ceannaím leathlítear vodca. Níl níos mó airgid agam, níl agam ach roinnt sóinseála. An t-am ar fad labhraímid ar rudaí éagsúla ach go tobann cuimhním go bhfuil seanbhean mharbh ina luí ar an urlár i mo sheomra féin.

Grinním mo chara aitheantais nua: tá sí ina seasamh ag an gcuntar agus í ag féachaint go géar ar phrócaí suibhe. Téaltaím go haireach chun an dorais agus fágaim an siopa. Tarlaíonn go bhfuil tram ag stopadh ar aghaidh an tsiopa. Caithim léim isteach sa tram, gan féachaint ar a uimhir go fiú. Ar Shráid Mikháilovskaia tuirlingím agus téim go dtí Sakerdón Mikháilovich. Tá buidéal vodca, sábhloga agus arán i mo láimh agam.

D'oscail Sakerdón Mikháilovich féin an doras dom. Bhí fallaing air, í caite ar a cholainn lomnocht, é i mbuataisí arda Rúiseacha leis na barra gearrtha díobh agus bhí hata fionnaidh air a raibh cluaisíní air ach bhí na cluaisíní ardaithe agus iad ceangailte ina mbogha ar a bhaithis.

“Tá an-áthas orm,” arsa Sakerdón Mikháilovich agus mé feicthe aige.

“Níor thóg mé de d'obair thú?” a d'fhiafraigh mé

“Níor thóg, níor thóg,” arsa Sakerdón Mikháilovich. “Ní raibh aon rud á dhéanamh agam, seachas a bheith i mo shuí ar an urlár.”

“An bhfeiceann tú,” arsa mise le Sakerdón Mikháilovich, “tháinig mé chugat le vodca agus sábhloga. Ólaimis, mura bhfuil tú ina choinne.”

“Rímhaith,” arsa Sakerdón Mikháilovich. “Tar isteach.”

Chuamar thart isteach ina sheomra. D'oscail mé an buidéal vodca agus chuir Sakerdón Mikháilovich dhá ghloine vodca agus pláta le feoil bhruite ar an mbord.

“Tá sábhloga agam anseo,” arsa mise. “Mar sin, conas a bheimid á n-ithe: amh nó an mbeimid á mbruith?”

“Cuirimis ag bruith iad,” arsa Sakerdón Mikháilovich, “agus fad is a bheidh siad á mbruith, beimid ag ól an vodca leis an bhfeoil bhruite. Rinneadh as anraith í, is feoil bhruite den scoth í!”

Chuir Sakerdón Mikháilovich corcán ar an tsornóg agus shuíomar síos chun an vodca a ól.

“Is áisiúil an rud é vodca a ól,” a bhí Sakerdón Mikháilovich a rá agus é ag líonadh na ngloiní. “Scríobh Méchnikov gur áisiúla an rud é an vodca ná an t-arán, agus an t-arán, níl ann ach tuí a lobbhann inár mbolg.”

“Sláinte!” arsa mise, ag baint cling as na gloiní le Sakerdón Mikháilovich.

D'ólamar agus d'itheamar greim den fheoil fhuar.

“Tá sé sin blasta,” arsa Sakerdón Mikháilovich. Ach ag an meandar sin bhlosc rud éigin go géar sa seomra.

“Cad é sin?” a d’fhiafraigh mise.

Shuíomar go ciúin agus d’éisteamar. Go tobann, bhlosc sé an dara huair. Phreab Sakerdón Mikháilovich aníos den chathaoir agus, tar éis dó rith chuig an bhfuinneog, stróic sé anuas an cuirtín.

“Cad atá á dhéanamh agat?” a bhéic mise.

Ach chrom Sakerdón Mikháilovich i dtreo na sornóige gan mé a fhreagairt, rug sé greim ar an gcorcán leis an gcuirtín agus chuir sé ar an urlár é.

“Chun an diabhail leis!” arsa Sakerdón Mikháilovich. “Rinne mé dearmad ar uisce a chur isteach sa chorcán agus tá cruán ar an gcorcán agus anois tá an cruán briste de.”

“Tuigim,” arsa mise, ag sméideadh mo chloiginn.

Shuíomar arís chun boird.

“Chun an diabhail leis,” arsa Sakerdón Mikháilovich, “ithimis na sábhloga amh.”

“Tá ocras uafásach orm,” arsa mise.

“Ith leat,” arsa Sakerdón Mikháilovich ag brú na sábhlog chugam.

“Tá a fhios agat, is é an uair dheireanach a d’ith mé ná inné, leatsa sa bheár íoslaigh agus ó shin i leith níor ith mé faic,” arsa mise.

“Sea, sea, sea,” arsa Sakerdón Mikháilovich.

“Bhí mé ag scríobh an t-am ar fad,” arsa mise.

“M’anam ón riach!” a bhéic Sakerdón Mikháilovich go háibhéalach. “Nach deas an rud é sárintleacht a fheiceáil romhat.”

“Déarfainn é!” arsa mise.

“Déarfainn go ndearna tú mórán?” a d’fhiafraigh Sakerdón Mikháilovich.

“Rinne,” arsa mise. “Chlúdaigh mé lear mór páipéir le scríbh-neoireacht.”

“Ólaimis sláinte sárintleacht ár linne,” arsa Sakerdón Mikháilovich agus é ag ardú a ghloine.

D’ólamar. Bhí Sakerdón Mikháilovich ag ithe feoil bhruite agus mise na sábhlog. Tar éis ceithre shábhlog a ithe dhearg mé mo phíopa agus dúirt mé: “An bhfuil a fhios agat, tháinig mé chugatsa, an dtuigeann tú, chun mé féin a tharrtháil ó ghéarleanúint.”

“Cé a bhí do do ghéarleanúint?” a d’fhiafraigh Sakerdón Mikháilovich.

“Bean,” arsa mise. Ach mar nár chuir Sakerdón Mikháilovich aon cheist orm agus mar nach ndearna sé ach vodca a dhoirteadh isteach sna gloiní go ciúin, lean mé orm.

“Chuir mé aithne uirthi i mbácús agus thit mé i ngrá láithreach.”

“An bhfuil sí go deas?” a d’fhiafraigh Sakerdón Mikháilovich.

“Tá,” arsa mise, “de réir mo thola féin.”

D’ólamar agus lean mé orm.

“Thoiligh sí dul chun m’áite agus vodca a ól. Bhuaileamar isteach i siopa ach bhí orm éalú as an siopa faoi choim.”

“Nach raibh go leor airgid agat?” a d’fhiafraigh Sakerdón Mikháilovich.

“Bhí, bhí díreach go leor airgid,” arsa mise, “ach ba chuimhin liom nárbh fhéidir liom í a ligean isteach i mo sheomra féin.”

“Cad seo, an raibh bean eile agat i do sheomra?” a d’fhiafraigh Sakerdón Mikháilovich.

“Tá, más mian leat, tá bean eile i mo sheomra agam,” arsa mise agus fáthadh an gháire orm. “Anois ní féidir liom éinne a ligean isteach i mo sheomra.”

“Pós í. Beidh sibh ag tabhairt cuirí chun béilte dom,” arsa Sakerdón Mikháilovich.

“Ní phósfaidh,” arsa mise, ag scolgháire ón ngreann. “Ní phósfaidh mé an bhean seo.”

“Bhuel, pós ise as an mbácús, mar sin,” arsa Sakerdón Mikháilovich.

“Ach cén fáth gur mian leat an t-am ar fad go bpósfaidh mé?” arsa mise.

“Cén fáth nach ndéanfá!” arsa Sakerdón Mikháilovich, ag líonadh na ngloiní. “Go n-éirí leat!”

D’ólamar. Ba léir go raibh an vodca ag tosú ag dul i bhfeidhm orainn. Bhain Sakerdón Mikháilovich a hata fionnaidh leis na cluaisíní de féin agus theilg sé ar an leaba é. D’éirigh mé agus shiúil mé síos suas an seomra, ag mothú dom go raibh ré roithleagán beag i mo cheann cheana féin.

“Cad é do mheas ar na mairbh?” a d’fhiafraigh mé de Sakerdón Mikháilovich.

“Go dona amach is amach,” arsa Sakerdón Mikháilovich. “Bíonn eagla orm rompu.”

“Sea, ní féidir liom broic leis na mairbh ach oiread,” arsa mise. “Dá gcasfaí marbh orm, agus mura mbeadh sé gaolta liom, thabharfainn cic le mo chois dó, cinnte dearfa.”

“Ní gá corpáin a chiceáil,” arsa Sakerdón Mikháilovich.

“Ach chiceálfainn é go díreach ar a phus le buatais,” arsa mise. “Ní féidir liom cur suas leis na mairbh ná le páistí.”

“Sea, níl sna páistí ach caclach,” a d’aontaigh Sakerdón Mikháilovich.

“Agus, dar leatsa, cad é atá níos measa: na mairbh nó páistí?” a d’fhiafraigh mé.

“Más mian leat, tá páistí níos measa, bíonn siadsan ag cur isteach orainn níos minicí. Agus, ar aon chuma, ní réabann na mairbh isteach inár saol,” arsa Sakerdón Mikháilovich.

“Réabann!” a bhéic mise agus thost mé láithreach bonn.

D’fhéach Sakerdón Mikháilovich go grinn orm.

“Ar mhaith leat a thuilleadh vodca?” a d’fhiafraigh sé.

“Níor mhaith,” arsa mise ach, ag cuimhneamh go tobann dom, chuir mé leis: “Níor mhaith, go raibh maith agat, níor mhaith liom a thuilleadh.”

Chuaigh mé suas agus shuigh mé ag an mbord arís. Táimid inár dtost go ceann tamaill.

“Ba mhaith liom a fhiafraí díot,” arsa mise faoi dheireadh, “an gcreideann tú i nDia?”

Nochtar roc trasnach ar chlár éadain Sakerdón Mikháilovich.

“Iompraíocht mhígheanasach is ea é sin. Ní deas an rud é a iarraidh ar dhuine caoga rúbal a thabhairt ar iasacht má tá tú tar éis a fheiceáil go bhfuil sé díreach i ndiaidh dhá chéad rúbal a chur ina phóca féin. Tá sé ar a thoil féin aige: an t-airgead a thabhairt duit nó é a dhiúltú duit; agus an bealach diúltaithe is compordaí agus is deise, sin bréag a rá, nach bhfuil an t-airgead aige. Chonaic tusa go bhfuil airgead ag an duine seo agus ar an tslí sin baineadh de an seans é a dhiúltú duit ar shlí dheas neamhchasta. Bhain tú de a cheart ar rogha a dhéanamh agus is cleas suarach é sin. Is gníomh mígheanasach neamhcháiréiseach é sin. Agus a fhiafraí de dhuine: ‘An gcreideann tú i nDia?’ – is gníomh neamhcháiréiseach mígheanasach é sin freisin.”

“Ach,” arsa mise, “níl cosúlacht ar bith acu lena chéile.”

“Ach nílim á gcur i gcomórtas,” arsa Sakerdón Mikháilovich.

“Bhuel, tá go maith,” arsa mise, “fágfaimid é seo. Ach maith dom é gur chuir mé a leithéid sin de cheist mhígheanasach neamhcháiréiseach ort.”

“Ná bí buartha,” arsa Sakerdón Mikháilovich. “Tar éis an tsaoil, ní dhearna mé ach a dhiúltú tú a fhreagairt.”

“Ní fhreagróinn freisin,” arsa mise, “ach amháin ar chúis eile.”

“Cén chúis í sin?” a d’fhiafraigh Sakerdón Mikháilovich go dímríoch.

“An bhfeiceann tú,” arsa mise, “dar liomsa, ní ann do dhaoine a chreideann nó nach gcreideann. Ní ann ach dóibhsean ar mian leo creidiúint agus ar mian leo gan creidiúint.”

“An gciallaíonn sé sin go gcreideann siadsan, ar mian leo gan creidiúint, go gcreideann siad i rud éigin cheana féin?” arsa Sakerdón Mikháilovich. “Agus iadsan ar mian leo creidiúint, ní chreideann siad i rud ar bith roimh ré?”

“B’fhéidir é,” arsa mise. “Níl a fhios agam.”

“Agus cad é an rud ina gcreideann nó nach gcreideann siad? I nDia?” a d’fhiafraigh Sakerdón Mikháilovich.

“Ní hea,” arsa mise, “sa neamhbhásmhaireacht.”

“Cén fáth mar sin ar fhiafraigh tú díom an gcreidim i nDia?”

“Mar má fhiafraítear go neamhbhalbh: an gcreideann tú sa neamhbhásmhaireacht? – tá cuma cineál amaideach air sin,” arsa mise le Sakerdón Mikháilovich agus d’éirigh mé.

“Cad seo, tá tú ag imeacht?” a d’fhiafraigh Sakerdón Mikháilovich.

“Tá,” arsa mise, “is mithid dom.”

“Agus cad faoin vodca?” arsa Sakerdón Mikháilovich. “Tar éis an tsaoil, tá a dhóthain fágtha i gcomhair gloine an duine.”

“Bhuel, ólaimis chun deiridh é,” arsa mise.

D’ólar an vodca chun deiridh agus d’itheamar a raibh fágtha den fheoil bhruite.

“Agus anois tá orm imeacht,” arsa mise.

“Slán agat,” arsa Sakerdón Mikháilovich, do mo thionlacan thar an gcistin chun an staighre. “Go raibh maith agat as an mbia agus an deoch.”

“Go raibh maith agatsa,” arsa mise. “Slán leat.”

Agus d’imigh mé.

Agus é fágtha leis féin, ghlan Sakerdón Mikháilovich an bord, chaith sé an buidéal folamh vodca ar an gcófra, chuir sé a hata fionnaidh leis na cluaisíní air féin arís agus shuigh sé ar an urlár faoin bhfuinneog. Chuir Sakerdón Mikháilovich a lámha laistiar

dá dhroim agus ní raibh siad le feiceáil. Agus bhí a chosa lomnohta cnámhacha ag gobadh amach faoina fhallaing chlupaideach, iad i mbuataisí arda Rúiseacha leis na barra gearrtha díobh.

Shiúil mé Névkii Prospékt agus mé sáite i mo smaointe féin. Theastaigh uaim anois díreach dul chuig an mbainisteoir áraslainne agus gach rud a insint dó. Agus tar éis dom a bheith réidh leis an tseanbhean beidh mé laethanta fada i mo sheasamh timpeall an bhácúis nó go mbuaile mé leis an óigbhean dheas sin. Tar éis an tsaoil bhí 48 cóipéic aici orm as an arán. Tá leithscéal iontach agam chun dul ar a lorg. Bhí an vodca a óladh ag dul i bhfeidhm orm fós agus taibhsíodh dom go raibh gach rud ag titim amach go deas neamhchasta.

Ar an bhFontánka chuaigh mé suas chuig seastán agus, ar an mbriseadh airgid a bhí fágtha, d'ól mé muga mór *kvas* arbhair. Droch-*kvas* searbh a bhí ann agus chuaigh mé ar aghaidh agus blas fuafar i mo bhéal agam.

Ar chúinne Litéinaia bhrúigh meisceoir éigin, a bhí ag stamrógacht, mé. Is maith an rud é nach bhfuil gunnán agam: mharóinn láithreach bonn é.

Chuaigh mé abhaile agus aghaidh orm a bhí saofa le teann oilc, is dócha. Ar aon nós d'iompaigh beagnach gach duine a bhí ag teacht i mo threo chun féachaint orm.

Chuaigh mé isteach in oifig bhainisteoir na háraslainne. Bhí cailín beag giortach ina suí ar an mbord, í salach, geancach, ar leathshúil agus fionnbhán agus bhí sí ag féachaint i scátháinín láimhe agus ag smearadh a beola le béaldath.

“Agus cá bhfuil an bainisteoir?” a d’fhiafraigh mé.

Bhí an cailín ina tost, ag leanúint dá beola a smearadh.

“Cá bhfuil an bainisteoir?” a dúirt mé arís de ghuth géar.

“Beidh sé anseo amárach, ní inniu,” a d’fhreagair an cailín salach, geancach, a bhí ar leathshúil agus fionnbhán.

Chuaigh mé amach ar an tsráid. Ar an taobh thall bhí easlán ag dul de chois mheicniúil agus é ag cnagadh go gleomhar lena chois agus lena mhaide. Bhí seisear garsún ag rith taobh thiar den easlán, iad ag déanamh aithrise ar a shiúl.

Chas mé isteach mo phríomhdhoras féin agus thosaigh mé ag dul suas an staighre. Ar an gcéad urlár stad mé; rith smaoineamh samhnasach liom: mar ab eol, ba chóir go mbeadh an tseanbhean ag tosú ag lobhadh. Níor iaigh mé na fuinneoga agus deirtear gur tapúla a lobhann na mairbh in aice le fuinneoga oscailte. A leithéid d'amaideacht! Agus ní bheidh an bainisteoir damanta ann ach amháin amárach! Sheas mé ar feadh cúpla nóiméad agus mé idir dhá chomhairle agus thosaigh mé ag dul níos faide in airde.

Stad mé arís timpeall dhoras m'árasáin féin. B'fhéidir dul chun an bhácúis agus fanacht ansin leis an mbean dheas lách sin? Thosóinn ag impí uirthi mé a ligean isteach aici go ceann dhá oíche nó trí. Ach ansin cuimhním gur inniu féin a cheannaigh sí arán agus ciallaíonn sé sin nach dtiocfaidh sí go dtí an bÁCús. Ar aon chuma ní thiocfadh faic as sin.

Bhain mé an glas den doras agus chuaigh mé isteach sa dorchla. I dtóin an dorchla bhí solas ar lasadh agus bhí Már'ia Vasíl'evna, a raibh greim aici ar cheirt éigin, ag glanadh timpeall air le ceirt eile. Ar m'fheiceáil di, bhéic Már'ia Vasíl'evna: "Bhí seanfhea' éigin a' do lo'g!"

"Cén seanfhear?" arsa mise.

"N'fheada'," a d'fhreagair Már'ia Vasíl'evna.

"Cathain a tharla sé seo?" a d'fhiafraigh mé.

"N'fheada' é sin ach oi'ead," arsa Már'ia Vasíl'evna.

"An tusa a bhí ag comhrá leis an seanfhear?" a d'fhiafraigh mé de Már'ia Vasíl'evna.

"Is mise," a d'fhreagair Már'ia Vasíl'evna.

"Conas nach bhfuil a fhios agat, mar sin, cathain a tharla sé?" arsa mise.

“Tha’t a’ dhá uai’ an chloig ó shin,” arsa Már’ia Vasíl’evna.

“Agus cén chuma a bhí ar an seanfhear seo?” a d’fhiafraigh mé.

“N’fhead’ é sin ach oi’ead,” arsa Már’ia Vasíl’evna agus d’imigh sí chun na cistine.

Chuaigh mé suas chun mo sheomra féin.

“Abair,” a cheap mé, “go bhfuil an tseanbhean tar éis imeacht as radharc. Rachaidh mé isteach sa seomra agus níl an tseanbhean ann. A Dhia! Nach mbíonn míorúiltí ann i ndáiríre?”

Bhain mé an glas den doras agus thosaigh mé á oscailt go mall. B’fhéidir nár tharla ach gur taibhsíodh dom é seo, ach iompraíodh chugam boladh masmasach an lobhaidh a bhí tar éis tosú. Ghlinnigh mé isteach an doras leathoscailte agus, ar feadh meandair, bhí mé i mo staic ar an ionad. Bhí an tseanbhean ag snámh chugam go mall ar a ceithre bhonn.

Phlab mé an doras de scread, chas mé an eochair agus phreab mé sall chun an bhalla.

Láithrigh Már’ia Vasíl’evna sa dorchla.

“An ’aibh tú ag glaoch o’m?” a d’fhiafraigh sí.

Baineadh a leithéid sin de gheit asam nárbh fhéidir liom aon rud a rá mar fhreagra agus ní dhearna mé ach tosú ar mo cheann a chroitheadh go diúltach.

“Bhí tú ag comh’á le duine éigin,” ar sise.

Chroith mé mo cheann go diúltach arís.

“A ghealt,” arsa Már’ia Vasíl’evna agus d’imigh sí chun na cistine arís, ag féachaint siar orm cúpla babhta ar an mbealach di.

“Ní féidir seasamh mar seo. Ní féidir seasamh mar seo,” a dúirt mé arís i m’intinn istigh. Bhí an nath cainte seo tar éis múnla áit éigin istigh ionam. Dúirt mé arís é nó gur bhain sé mo mheabhair amach.

“Sea, ní féidir seasamh mar seo,” arsa mise liom féin, ach lean mé de bheith ag seasamh faoi mar a bheadh an leitís mharfach

orm. Bhí rud éigin uafásach tar éis tarlú agus ba ghá rud éigin a dhéanamh, b'fhéidir níos uafásaí ná é sin a tharla cheana féin. Bhí mo chuid smaointe ag timpeallú ina gcuaifeach agus ní fhaca mé ach súile olca na seanmhná mairbhe agus í ag snámh go mall chugam ar a ceithre bhonn.

Réabadh isteach sa seomra agus smidiríní a dhéanamh de chloigeann na seanmhná seo. Sin é an rud is gá a dhéanamh. Chuardaigh mé thart le mo shúile go fiú agus tháinig áthas orm nuair a chonaic mé maide cróice, gan a fhios agam cad chuige a raibh sé ina sheasamh i gcúinne sa dorchla leis na blianta anuas. Breith ar an maide, isteach de ruid sa seomra agus plimp...!

Ní raibh an creathán imithe fós. Bhí mé i mo sheasamh le mo ghuaillí ardaithe de bhrí an fhuachta inmheánaigh. Bhí mo chuid smaointe ag pocléimnigh, ag dul trína chéile, ag fillleadh ar an bpointe bunaidh agus arís ag leiprigh, ag cur múnla nua orthu féin agus bhí mé i mo sheasamh agus d'éist mé le mo chuid smaointe agus bhí mé ar leataobh uathu, mar dhea, faoi mar nach mise a bhí i gceannas orthu.

“Na mairbh,” a mhínigh mo chuid smaointe féin dom, “lucht suarach is ea iad. Is in aisce a thugtar n-a m-a-i-r-b-h orthu, is cosúla gurb iad n-a n-e-a-m-h-m-h-a-i-r-b-h iad. Is gá féachaint go géar orthu an t-am ar fad. Fiafraigh d’aon fhairtheoir ó mharbhlan. Cad chuige a bhfuil sé ann, meas tú? Níl ach cúis amháin ann: féachaint go géar chun nach snámhfaidh na mairbh leo. Sa chiall seo de bíonn eachtraí greannmhara ann. Marbh amháin, fad is a bhí an fairtheoir á ní féin san fholcadán, de réir orduithe na ceannasaíochta, shnámh sé amach as an marbhlan, isteach i seomra an díghalráin agus d’ith sé moll línéadaigh ansin. Chrústáil na díghalraitheoirí an marbh seo go maith ach bhí orthu íoc as an línéadach scriosta as a bpócaí féin. Agus shnámh marbh eile isteach in aireagal do mhná i luí seoil agus chuir sé a leithéid sin de scéin iontu gur scar bean amháin láithreach bonn le duine clainne roimh am, agus chaith an

marbh é féin ar thoradh na breithe anabái agus thosaigh sé á alpadh agus é ag smeachaíl a bheola. Agus nuair a bhuaíl banaltra chróga an marbh ar a dhroim le stóilín bhain sé greim as cois na banaltra agus fuair sí bás go tobann den ghalrú ó nimh an chorpáin. Sea, lucht suarach is ea na mairbh agus is gá a bheith san airdeall orthu.”

“Stadaigí!” arsa mise le mo smaointe féin. “Seafóid atá á rá agaibh. Níl gluaiseacht ag na mairbh.”

“Tá go maith mar sin,” arsa mo smaointe féin liomsa, “téigh isteach i do sheomra féin mar a bhfuil, mar a deir tú féin, marbh gan ghluaiseacht.”

Thosaigh ceannaránacht thobann ag caint laistigh díom.

“Rachaidh, mar sin!” arsa mise go deimhnitheach le mo smaointe féin.

“Bain triail as!” arsa mo smaointe féin liomsa go magúil.

Chuir an magadh seo an ghoimh dhearg amach is amach orm. Rug mé ar an maide cróice agus chrom mé i dtreo an dorais.

“Fan!” a bhéic mo smaointe féin liom. Ach bhí mé tar éis an eochair a chasadh cheana féin agus an doras a oscailt.

Bhí an tseanbhean ina luí ag an tairseach, a haghaidh sáite san urlár.

Sheas mé ar tinneall agus an maide cróice ardaithe agam. Ní raibh an tseanbhean ag bogadh.

D’imigh an creathán agus shreabh mo chuid smaointe go soiléir glinn. Mise a bhí i gceannas orthu.

“An rud is túisce ná an doras a iamh!” a d’ordaigh mé dom féin.

Tharraing mé an eochair amach as taobh seachtrach an dorais agus chuir mé isteach sa taobh inmheánach í.

Rinne mé é seo le mo chiotóg agus bhí greim agam ar an maide cróice i mo dheasóg agus an t-am ar fad níor bhain mé mo shúile den tseanbhean. Ghlasáil mé an doras leis an eochair

agus, tar éis dom coiscéim a thógáil go haireach thar an tseanbhean, chuaigh mé go lár an tseomra.

“Anois glanfaimid an cuntas,” arsa mise. D’eascair seift ionam, a ritheann dúnmharfóirí in úrscéalta coiriúla agus in eachtraí nuachtáin chuici de ghnáth: ní raibh uaim ach an tseanbhean a cheilt i mála taistil, í a thabhairt as an gcathair agus í a chur i seascann. Bhí a leithéid sin d’áit ar eolas agam.

Bhí mo mhála taistil ina sheasamh faoin tolg. Tharraing mé amach é agus d’oscail mé é. Bhí roinnt rudaí áirithe ann: cúpla leabhar, seanhata feilte agus línéadach stróicthe. Leag mé gach rud amach ar an tolg.

San am sin plabadh an doras seachtrach agus taibhsíodh dom gur bhíog an tseanbhean.

Phreab mé siar ar feadh meandair agus rug mé ar an maide cróice.

Tá an tseanbhean ina luí go síochánta. Seasaim agus éistim. Is é an tiománaí innill a d’fhill, cloisim conas mar a théann sé timpeall a sheomra féin. Seo é ag dul feadh an dorchla chun na cistine. Má insíonn Már’ia Vasíl’evna dó faoi mo ghealtachas, beidh sé sin go dona. A leithéid de dhiabhláíocht! Is gá dom dul chuig an gcistin agus iad a chur ar a suaimhneas le mo dhreach féin.

Thóg mé coiscéim arís thar an tseanbhean, chuir mé an maide feadh an dorais chun gurbh fhéidir liom, tar éis dom teacht ar ais, greim láimhe a bhreith ar an maide gan teacht níos faide isteach sa seomra agus chuaigh mé amach sa dorchla. D’éitil guthanna as an gcistin ach ní raibh na focail le cloisteáil. D’iaigh mé doras mo sheomra i mo dhiaidh agus chuaigh mé go haireach chun na cistine: bhí fonn orm a fháil amach cad faoi a raibh Már’ia Vasíl’evna ag caint leis an tiománaí innill. Shiúil mé an dorchla go mear ach mhoilligh mé ar mo choiscéimeanna timpeall na cistine. Bhí an tiománaí innill ag caint, de réir dealraimh bhí sé ag insint rud éigin a d’imir air ag an obair.

Chuaigh mé isteach. Bhí an tiománaí innill ina sheasamh le tuáille ina lámha agus é ag caint agus bhí Már'ia Vasíl'evna ina suí ar stóilín agus í ag éisteacht. Ar m'fheiceáil dó chroith an tiománaí innill lámh liom.

“Dia duit, Dia duit, a Matvéi Filíppovich,” arsa mise leis agus chuaigh mé thairis isteach sa seomra folctha. Bhí gach rud síochánta go fóill. Bhí Már'ia Vasíl'evna cleachtach ar mo chuid aiteachtaí agus b'fhéidir go raibh dearmad déanta aici cheana féin ar an eachtra ba nuai sin.

Go tobann rith sé liom: níor ghlasáil mé an doras. Agus cad a tharlóidh má shnámhann an tseanbhean amach as an seomra?

Rop mé siar liom ach go tobann chuimhnigh mé agus, chun nach scanróinn na háitireoirí eile, shiúil mé trasna na cistine de choiscéimeanna suaimhneacha.

Bhí Már'ia Vasíl'evna ag cnagadh méire ar bhord na cistine agus ag rá leis an tiománaí innill: “Go hiontach! Tá sé sin go hiontach! Bheinnse féin ag feadaíl f'eisin!”

Agus mo chroí ag titim chuaigh mé amach sa dorchla agus is anseo ba bheag nár rop mé liom chun mo sheomra féin.

Ón taobh amuigh bhí gach rud suaimhneach. Chuaigh mé suas chun an dorais agus, tar éis é a oscailt beagáinín, d'fhéach mé isteach sa seomra. Bhí an tseanbhean ina luí go suaimhneach mar a bhí sí roimhe seo, lena haghaidh brúite leis an urlár. Bhí an maide cróice ina sheasamh ag an doras san áit ina raibh sé roimhe seo. Rug mé air, chuaigh mé isteach sa seomra agus ghlasáil mé an doras i mo dhiaidh leis an eochair. Sea, sa seomra bhí an boladh ar leith sin a bhíonn as corpán. Thóg mé coiscéim thar an tseanbhean, chuaigh mé suas chuig an bhfuinneog agus shuigh mé ar an gcathaoir uilleann. Chomh fada agus nach dtitfidh mé i laige de bharr an bholaidh seo a bhí lag go fóill ach, mar sin féin, dofhulaingthe faoin am seo. Dhearg mé mo phíopa ach tháinig masmas orm agus bhí mo bholg beagáinín tinn.

Ach cad ina thaobh a bhfuilim i mo shuí mar seo? Is gá gníomhú go gasta, fad is nach bhfuil an tseanbhean lofa ar fad. Agus, ar aon chuma, is gá í a shacadh isteach sa mhála taistil go haireach mar d'fhéadfadh sí áladh a thabhairt orm le méar go díreach ag an nóiméad sin. Agus ansin bás a fháil de lobhadh corpáin – is beag an baol!

“Ahá!” arsa mise os ard go tobann. “Ní mé: cad leis a mbainfidh tú greim asam? Tá d'fhiacra thall ansin!”

Chrom mé thar an gcathaoir uilleann agus d'fhéach mé sa chúinne ar an taobh sin den fhuinneog, áit, a mheas mé, a raibh giall bréige na seanmhná le bheith ann. Ach ní raibh an giall ann.

D'éirigh mé smaointeach: b'fhéidir gur shnámh an tseanbhean timpeall mo sheomra ar lorg a fiacra? B'fhéidir, fiú, gur tháinig sí orthu agus gur chuir sí ar ais ina béal iad?

Thóg mé an maide cróice agus phóirseáil mé sa chúinne leis. Ní hea, tá an giall ar iarraidh. Ansin tharraing mé braillín thiubh flainín amach as an gcófra tarraiceán agus chuaigh mé suas go dtí an tseanbhean. Bhí mé ar tinneall agus greim agam ar an maide cróice i mo dheasóg, agus sa chiotóg bhí greim agam ar an mbraillín flainín.

Chuir an tseanbhean mharbh seo uafás samhnasach orm. D'ardaigh mé a cloigeann beagáinín leis an maide: bhí a béal ar oscailt, a súile casta in airde agus ar feadh a smige iomláine, mar ar bhuail mé leis an mbuatais í, bhí smál mór dorcha ag leathnú. Ghlinnigh mé isteach ina béal. Ní hea, ní bhfuair sí a giall. D'ísligh mé a cloigeann. Thit a ceann agus bhuail sé faoin urlár.

Ansin leath mé an bhraillín flainín ar an urlár agus shrac mé go dtí an tseanbhean í. Ansin d'iompaigh mé an tseanbhean ar a cliathán clé agus ansin ar a droim le mo chois agus an maide cróice. Anois bhí sí ina luí ar an mbraillín. Bhí cosa na seanmhná cromtha ag na glúine agus a doirne fáiscithe chun a guaillí.

Taibhsíodh dom go raibh faoin tseanbhean, a bhí ina luí ar a droim ar nós cait, í féin a chosaint ar iolar a bhí ag tabhairt fúithi. Faightear réidh go tapa leis an ablach seo!

Thosaigh mé ag rolladh na seanmhná isteach sa bhraillín agus thóg mé i mo bhaclainn í. Tharla di a bheith níos éadroime ná mar a cheap mé. D'ísligh mé isteach sa mhála taistil í agus thriail mé an claibín a iamh. Bhí mé ag fanacht le gach cineál deacrachta anseo ach dhún an claibín furasta go leor. Chliceáil mé glais an mhála thaistil agus dhírigh mé mé féin.

Tá an mála taistil ina sheasamh os mo chomhair amach agus tá cuma chuibhiúil amach is amach air, faoi mar a bheadh línéadach agus leabhair ina luí ann. Rug mé ar a láimh agus rinne mé iarracht ar é a thógáil. Sea, bhí sé trom, dar ndóigh, ach ní thar a bheith trom, bheinn in ann é a iompar chomh fada leis an tram, cinnte.

D'fhéach mé ar an gclog: fiche tar éis a cúig. Sin go maith. Shuigh mé ar an gcathaoir uilleann chun sos beag a ghlacadh agus an píopa a chaitheamh.

Na sábhloga a d'ith mé inniu, is léir nach raibh siad rómhaith mar bhí mo bholg ag éirí níos tinne an t-am go léir. B'fhéidir mar gur ith mé amh iad? Ach b'fhéidir nach raibh sa tinneas boilg seo ach cearthaí.

Suím agus caithim. Agus ritheann na nóiméid i ndiaidh na nóiméad.

Tá grian an earraigh ag taitneamh an fhuinneog isteach agus leathdhúnaim mo shúile ar a gathanna. Seo í ag dul i bhfolach taobh thiar de shimpléar ar an ársalann thall agus ritheann an scáth ón simpléar feadh an dín, eitlíonn sé trasna na sráide agus luíonn sé ar m'aghaidh. Is cuimhin liom conas mar a bhí mé i mo shuí agus mise ag scríobh scéil ag an am seo inné. Seo é: an páipéar cearnógach agus ainm air, déanta de mhionscríbh-neoireacht: "Duine ard ba ea an míorúlteoir."

D'fhéach mé an fhuinneog amach. Bhí easlán ag siúl na sráide de chois mheicniúil agus é ag cnagadh go gleomhar lena chois is lena mhaide. Bhí beirt oibrithe ann agus seanbhean in éineacht leo, a lámha siadsan ar a cliatháin sise, agus iad ag gáire faoi shiúl barrúil an easláin.

D'éirigh mé. Is mithid! Is mithid bóthar a bhualadh! Is mithid an tseanbhean a thabhairt liom chun an réisc.

Teastaíonn uaim fós airgead a fháil ar iasacht ón tiománaí innill.

Chuaigh mé amach sa dorchla agus suas liom chun a dhoraís.

"A Matvéi Filíppovich, an bhfuil tú istigh?" a d'fhiafraigh mé.

"Tá," a d'fhreagair an tiománaí innill.

"Gabh mo leithscéal mar sin, a Matvéi Filíppovich, ach an bhfuil flúirse airgid agat? Gheobhaidh mé mo thuarastal arú amárach. An bhféadfá tríocha rúbal a thabhairt ar iasacht dom?"

"D'fhéadfainn," arsa an tiománaí innill. Agus chuala mé é ag baint gliogarnaí as na heochracha, ag oscailt tarraiceán éigin. Ansin d'oscail sé an doras agus shín sé chugam nóta dearg nua tríocha rúbal.

"Go raibh míle maith agat, a Matvéi Filíppovich," arsa mise.

"Ná habair é," arsa an tiománaí innill.

Shac mé an t-airgead isteach i mo phóca agus d'fhill mé ar mo sheomra féin. Bhí an mála taistil ina sheasamh go suaimhneach mar a raibh sé roimhe seo.

"Bhuel, anois chun bóthair gan mhoill," arsa mise liom féin.

Rug mé ar an mála taistil agus chuaigh mé amach sa dorchla.

Chonaic Már'ia Vasíl'evna mé leis an mála taistil agus bhéic sí: "Cá bhfuil tú ag dul?"

"Chun m'aintín," arsa mise.

"An dtiocfaidh tú a' ais go luath?" a d'fhiafraigh Már'ia Vasíl'evna.

“Tiocfaidh,” arsa mise. “Ní theastaíonn uaim ach roinnt línéadaigh a thabhairt chuig m’aintín. Ach tiocfaidh mé ar ais, b’fhéidir inniu féin fiú.”

Chuaigh mé amach ar an tsráid. Bhain mé an tram amach go slán, ag iompar an mhála taistil i mo dheasóg agus ansin i mo chiotóg.

Chuaigh mé isteach sa tram ó ardán tosaigh an charráiste dheiridh agus thosaigh mé ag croitheadh láimhe i dtreo an bhanstiúrthóra chun go dtiocfadh sí chun go n-íocfainn as an ticéad agus as an mbagáiste. Níor mhian liom an nóta tríocha rúbal a thabhairt trasna an charráiste ar fad agus níor bheartaigh mé ar an mála taistil a fhágáil agus dul chun an bhanstiúrthóra. Tháinig an banstiúrthóir chugam ar an ardán agus d’fhógair sí nach raibh briseadh airgid aici. Ag an gcéad stad eile bhí orm tuirlingt.

Bhí mé i mo sheasamh ansin agus olc an domhain orm agus mé ag fanacht leis an gcéad tram eile. Bhí mo bholg tinn agus mo chosa ar crith go bog.

Agus go tobann chonaic mé mo bhean dheas: bhí sí ag trasnú na sráide agus ní raibh sí ag féachaint ar mo thaobhsa.

Rug mé ar an mála taistil agus rop mé liom ina diaidh. Ní raibh a fhios agam cén t-ainm a bhí uirthi agus níorbh fhéidir liom glaoch uirthi. Bhí an mála taistil ag cur isteach go huafásach orm: bhí mé á choinneáil amach romham le mo dhá láimh agus mé á bhrú ar aghaidh le mo ghlúine agus le mo bholg. Bhí an bhean dheas ag siúl cuibheasach tapa agus mhothaigh mé nach dtiocfainn suas léi. Bhí mé fliuch ar fad leis an allas agus mé cortha traochta. Chas an bhean dheas isteach i gcaolsráid. Nuair a bhain mé an cúinne amach – ní raibh sí le feiceáil áit ar bith.

“An tseanbhean mhallaithe!” arsa mise de shiosarnaigh, ag caitheamh an mhála thaistil ar an talamh.

Bhí muinchillí mo chasóige fliuch go craiceann leis an allas agus ghreamaigh siad de mo lámha. Shuigh mé ar an mála taistil agus, tar éis dom ciarsúr póca a tharraingt amach, chuimil mé de mo mhuineál agus de m'aghaidh é. Stad beirt gharsún romham agus thosaigh siad do mo ghrinniú. Chuir mé aghaidh shuaimhneach orm féin agus d'fhéach mé go docht daingean ar an ngeata ba ghaire dom faoi mar a bheinn ag fanacht le duine éigin. Bhí na garlaigh ag cogarnaíl lena chéile agus ag díriú a méar orm. Thacht olc fiáin mé. Ach, go dtolga siad an toirchim!

Agus, mar sin, is de bharr na ngarlach clamhach seo a éirím, a thógaim an mála taistil, a théim leis chun an gheata agus a fhéachaim isteach. Cuirim aghaidh iontais orm féin, tógaim m'uaireadóir amach agus croithim mo ghuaillí. Breathnaíonn na malraigh orm de chéin. Arís féin croithim mo ghuaillí agus féachaim ar an ngeata.

“Is ait an rud é sin,” arsa mise os ard, beirim ar an mála taistil agus sracaim é i dtreo stad an tram.

Tháinig mé chun an staisiúin traenach ar a cúig nóiméad chun a seacht. Tógaim ticéad fillte chomh fada le Lísii Nos agus suím sa traen.

Tá beirt eile sa charráiste, seachas mé féin: oibrí is ea duine amháin, is léir, agus tá tuirse air agus tá sé ina chodladh, a chaipín bogtha síos ar a shúile. An dara duine, diúlach óg eile, tá sé gléasta ar nós gaige thuaithe: tá léine Rúiseach bhándearg faoina sheaicéad agus faoina chaipín tá glib chatach ag gobadh amach. Tá sé ag caitheamh toitín atá brúite isteach i mbéalóg uaine atá déanta as plaisteach.

Cuirim an mála taistil ina sheasamh idir na binsí agus suím síos. Tá a leithéidí sin de fhreangaí i mo bholg go bhfáiscim mo dhoirne chun nach dtosóidh mé ag éagaoineadh ón bpian.

Ar an ardán tá beirt phóilíní ag tionlacan saoránach éigin go dtí an picéad. Siúlann sé lena lámha curtha laistiar dá dhroim agus a cheann faoi.

Tosaíonn an traein. Féachaim ar m'uaireadóir: a deich tar éis a seacht.

Ó, is lena leithéid de thaitneamh a ísleoidh mé an tseanbhean seo isteach san eanach!

Ach amháin gur mór an trua é nár thug mé maide liom, is dócha go dteastóidh uaim an tseanbhean a bhrú síos.

Scrúdaíonn an gaige sa léine bhándearg go sotalach mé. Casaim mo dhroim leis agus féachaim an fhuinneog amach.

Tá freangaí uafásacha ar siúl i mo bholg: teannaim m'fhiacra, fáiscim mo dhoirne agus ansin teannaim mo chosa.

Téimid thar Lanskáia agus Nóvaia Derévna. Fuarthas spléachadh anseo ar mhullach órga phagóda an Bhúda agus ansin nocht an mhuir.

Ach preabaim in airde anseo agus, le dearmad glan déanta agam ar a bhfuil thart timpeall orm, rithim de choiscéimeanna miona go dtí an leithreas. Tá tonn ghealtach ag luascadh agus ag casadh mo mheabhrach...

Moillíonn an traein ar a luas. Táimid ag teacht chun Lákhta. Suím agus eagla orm bogadh chun nach ruaigfear as an leithreas mé ag an stad.

“Is trua nach n-imíonn sí níos tapúla! Is trua nach n-imíonn sí níos tapúla!”

Imíonn an traein agus dúnaim mo shúile le teann aoibhnis. Ó, bíonn na nóiméid sin chomh milis sin, cosúil le meandair an ghrá! Tá mo chuid láidreachtaí go léir faoi theannas ach tá a fhios agam go leanfaidh lionn dubh uafásach iad.

Tá an traein ag stopadh arís. Ól'gina atá ann. Ciallaíonn sé sin go bhfuil a thuilleadh crá croí ann!

Ach níl ann anois ach fonn bréagach. Briseann fuarallas trí chlár m'éadain amach agus scinneann fuacht éadrom timpeall mo chroí. Éirím agus seasaim go ceann tamaill, mo cheann brúite leis an mballa. Téann an traein léi agus taitníonn luascadh beag an charráiste go mór liom.

Bailím mo chuid nirt go léir agus tagaim amach as an leithreas de stamrógacht.

Níl éinne sa charráiste. Thuirling an t-oibrí agus an gaige sa léine bhándhearg in Lákhta nó in Ól'gina, is léir. Téim go mall chun m'fhuinneogín féin.

Agus go tobann stadaim agus féachaim romham go balbh. Níl an mála taistil ann, san áit ar fhág mé é. Tá dul amú orm faoin bhfuinneog, is dócha. Léimim chun na fuinneoige comharsanaí. Níl an mála taistil ann. Léimim siar, aniar, léimim thart an dá thaobh sa charráiste, tugaim spléachadh faoi bhinsí ach níl an mála taistil in áit ar bith.

Sea, i ndáiríre an féidir amhras a bheith orm anseo? Dar ndóigh, goideadh an mála taistil fad is a bhí mé sa leithreas. D'fhéadfaí é seo a thuar!

Suím ar an mbinse le mo shúile ar lánoscailt agus meabhraítear dom, ar chúis éigin, conas mar a bhris an cruán den chorcán dearg-the de throimpléasc ag Sakerdón Mikháilovich.

“Cad é an toradh a bheidh air seo?” a fhiafraím díom féin. “Cé a chreidfídh anois nár mharaigh mé an tseanbhean? Béarfar inniu orm, anseo díreach, nó sa chathair ag an stáisiún traenach, cosúil leis an saoránach sin a bhí ag siúl lena cheann faoi.”

Téim amach ar ardán an charráiste. Tá an traein ag teacht chun Lísii Nos. Faightear spléachadh ar na colúin bhána atá ag timpeallú an bhóthair. Stopann an traein. Ní théann céimeanna mo charráiste chomh fada síos leis an talamh. Léimim síos agus téim go pailliún an stáisiúin. Tá leathuair eile fós ann go dtí an traein a rachaidh chun na cathrach.

Téim isteach i gcoill. Seo dois aitol. Ní fheicfidh éinne laistiar díobh mé. Téim sa treo sin.

Tá bolb mór glas ag snámh feadh an talaimh. Téim ar mo ghlúine agus leagaim méar air. Déanann sé lúbarnaíl láidir ghuaireach cúpla babhta anonn is anall.

Féachaim thart. Ní fheiceann éinne mé. Ritheann creathán éadrom feadh mo dhroma. Cromaim mo cheann go huiríseal agus deirim os íseal: “In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, le saol na saol, Áiméan.”

• • • • •

Críochnaím mo scríbhinn féin go ceann tamaill leis seo, ag ceapadh dom go bhfuil sí imithe chun leadráin go leor cheana féin.

*(Deireadh Mhí Bealtaine agus an chéad leath
de Mhí an Mheithimh 1939.)*

An Nollaig Tigh Mhuintir Ivanóv

Pearsana:

Pétia Peróv – garsún aonbhliana

Nína Seróva – gearrchaile ocht mbliana

Vária Petróva – gearrchaile seacht mbliana déag

Volódia Komaróv – garsún cúig bliana is fiche

Sónia Ostróva – gearrchaile dhá bhliain is tríocha

Mísha Pestróv – garsún sé bliana is seachtó

Dúnia Shustróva – gearrchaile dhá bhliain is ochtó

Puzyrëva – an mháthair

Puzyrëv – an t-athair

Gadhar darb ainm *Véra*

Adhlacóir

Cailíní aimsire, cócairí, saighdiúirí, múinteoirí Laidine agus Gréigise.

} páistí

Tarlaíonn na gníomhartha sna '90í.

GNÍOMH I

An chéad radharc

Sa chéad radharc tá folcadán línithe ann. Tá na páistí á bhfolcadh Oíche Nollag. Tá cófra tarraiceán ann freisin. Ar thaobh deas an dorais tá na cócairí ag gearradh sicíní agus ag gearradh banbh. Tá buimí, an-chuid buimí, ag ionladh na bpáistí. Tá na páistí go léir ina suí san aon fholcadán mór amháin ach tá Pétia Peróv, an gasúr aonbhliana, á fholcadh i mias atá ina seasamh díreach roimh an doras. Tá clog ar crochadh ar an mballa ar thaobh clé an dorais. Tá 9 a chlog um thráthnóna air.

An garsún aonbhliana Pétia Peróv: An mbeidh an Nollaig ann? Beidh. Agus mura mbíonn go tobann? Má fhaighim bás go tobann?

Buime (gruama mar scúnc): Nigh tú féin, a Pétia Peróv. Cuir gallúnach ar do chluasa agus do mhuineál. Mar níl labhairt agat go fóill.

Pétia Peróv: Tá labhairt trí smaointe agam. Tá gol agam. Tá gáire agam. Cad ba mhaith leat?

Vária Petróva: A Volódia, sciomair mo dhroim. Tá a fhios ag Dia ach d'fhás caonach air. Cad a cheapann tú?

Volódia Komaróv: Ní cheapaim faic. Loisc mé mo bholg.

Mísha Pestróv: Beidh teimheal ort anois. Nach féidir, is eol dom, a ghlanadh go deo le rud ar bith.

Sónia Ostróva: Bíonn tusa, a Mísha, i gcónaí ag caint go mícheart. B'fhearrde duit féachaint conas mar a d'fhás mo chíocha.

Dúnia Shustróva: Tá tú ag maíomh asat féin arís. Níos luaithe bhí tú ag maíomh as do mhása, agus anois as do chíocha. Ba chóir eagla Dé a bheith ort.

Sónia Ostróva (buaileann sí a ceann fúithi le teann léin ar nós duine fhásta Úcráinigh): Tá olc agam duit. A bhreallóg, a ghamalóg, a focain mheirdreach!

Buime (ag ardú tua go bagartach faoi mar a bheadh tua chatha ann): A Sónia, má bhíonn tusa ag eascainí déarfaidh mé le d'athair is le do mháthair é agus leagfaidh mé leis an tua thú!

Pétia Peróv: Agus mothóidh tú ar feadh nóiméid bhig conas mar a scoiltear do chraiceann agus conas mar a bhrúchtann an fhuil. Ach cad a mhothóidh tú as sin amach ní heol dúinn.

Nína Seróva: A Sónia, a ghrá, is gealt nó coirpeach an bhuime sin. Is féidir a bheith ag súil le gach rud uaithi. Cad chuige ar tógadh chugainn í!

Mísha Pestróv: Stadaigí den achrann, a pháistí. Ní mhairfidh sibh chun an crann Nollag a fheiceáil dá réir seo. Agus cheannaigh ár dtuismitheoirí roinnt coinne, milseán agus lasán chun na coinne a lasadh.

Sónia Ostróva: Níl coinne uaim. Tá méar agam.

Vária Petróva: A Sónia, ná lean de sin. Ná lean. B'fhearrde duit tú féin a ní níos glaine.

Volódia Komaróv: Ba chóir do ghearrchailí iad féin a ní níos minice ná gasúir nó éireoidh siad míthaitneamhach. Sin a cheapaimse.

Mísha Pestróv: Ach, stadaigí de bhrocamas a rá. Beidh crann Nollag ann amárach agus beidh an-ríméad orainn go léir.

Pétia Peróv: Ach amháin ormsa a bheidh i mo shuí i m'aonar i mbaclainn na n-aíonna go léir ar uainíocht agus beidh cuma thábhachtach amaideach orm amhlaidh is nach bhfuilim ag tuiscint faic. Mise agus Dia dofheicthe.

Sónia Ostróva: Agus mise, nuair a thiocfaidh mé isteach sa halla, nuair a lasfar coinne an chrainn ardóidh mé mo sciorta agus taispeánfaidh mé chuile rud do chuile dhuine.

Buime (ag éirí brúidiúil): Ní thaispeánfaidh. Mar níl faic agat le taispeáint – tá tú fós beag.

Sónia Ostróva: Taispeánfaidh. Agus é sin atá beag agam, is tusa a dúirt an fhírinne. Is fearr fós féin é. Níl a leithéid agatsa.

Buime (beireann sí ar an tua agus baineann sí a ceann di):
Ghnóthaigh tú an bás sin.

Béiceann na páistí: “Dúnmharfóir, is dúnmharfóir í. Tarrtháiligí sinn. Stadaigí den fholcadh.”

Stadann na cócairí de na sicíní agus de na bainbh a ghearradh. Tá an cloigeann fuilteach éadóchasach ina luí ar an urlár faoi dhá choiscéim den chorp. Tá an gadhar darb ainm Véra ag amhastraigh taobh thiar de na doirse. Isteach le póilíní.

Póilíní:

Agus cá bhfuil bhur dtuistí?

Páistí (mar chór):

Is san amharclann atá siad.

Póilíní:

An i bhfad ó shin a d’fhág?

Páistí (mar chór):

Sea, ach ní go brách.

Póilíní:

Agus cad é a bhfuil siad ag féachaint air,

Bailé nó dráma?

Páistí (mar chór):

Bailé, is dóichí.

Is grá linn ár máthair.

Póilíní:

Is breá an rud é bualadh

Le daoine cultúrtha.

Páistí (mar chór):

An mbíonn tú i gcuaráin bhonn-arda
Agus tusa ag siúl thart?

Póilíní:

I gcónaí. Chonaiceamar stiúgaí
Agus cloigeann leis féin.
Tá duine ina luí ann gan chuspóir,
Í féin neamhiomlán.
Cad a bhí anseo, mar sin?

Páistí (mar chór):

An bhuime le tua,
Leag sí ár ndeirfiúirín.

Póilíní:

Agus cá bhfuil an dúnmharfóir?

Buime:

Táim os bhur gcomhair.
Ceanglaígí mé,
Luígí mé,
Agus básaígí mé.

Póilíní:

A ghiollaí, beirigí solas libh.

Giollaí:

Táimid ag gol go snagach
Agus tá an solas ar lasadh.

Buime (ag gol):

Tugaigí breithiúnas ar each,
Ach déanaigí trua domsa a ghlacadh.

Póilíní:

Cén fáth each a bhreithniú
Mar níl each ciontach
Sa doirteadh fola seo.
Agus ní féidir linn teacht
ar each ciontach.

Buime: Is gealt mé.

Póilíní: Bhuel, cuir ort do chuid éadaí. Soiléireofar an scéal ann.

Scrúdófar thú. Cuirigí géibhinn nó geimhle uirthi.

Cócaire amháin: Geimhle ar na lámha duitse, a bhuime.

An cócaire eile: A bhandúnmharfóir.

Póilíní: É, sibhse, a chócairí, bígí níos ciúine. Brostaígí, brostaígí, ar aghaidh linn. Slán go fóillín, a pháistí.

Cloistear cnag ar an doras. Réabann Puzyrëv agus Puzyrëva isteach. Tá siad as a meabhair le cumha. Béiceann siad, ligeann siad uailleacha, búireann siad go huafásach. Ar an mballa ar thaobh clé an dorais tá clog ar crochadh, tá 12 a chlog um thráthnóna air.

Deireadh an chéad radhairc

An dara radharc

An tráthnóna céanna agus tá coill ann. An méid sin sneachta gurbh fhéidir é a bhreith leat i gcairteacha. Agus, leis an bhfírinne a rá, táthar. Tá tuadóirí ag leagadh crainn ghiúise sa choill. Amárach beidh crainn Nollag ag mórán teaghlach Rúiseach agus Giúdach. I measc na dtuadóirí eile seasann duine amháin amach darb ainm Fëdor. Tá sé geallta don bhuime a rinne an dúnmharú. Cén t-eolas atá aige air sin? Níl faic ar eolas aige go fóill. Is go líofa a leagann sé crann Nollag don cheiliúradh tigh mhuintir Puzyrëv.

Tá na hainmhithe fiáine faoi cheilt ina leapacha dearga. Tá na tuadóirí ag canadh iomann mar a bheadh cór. Ar an gclog céanna ar thaobh clé an dorais tá 9 a chlog um thráthnóna.

Tuadóirí:

Nach méanar a bheith sa choill
Nach geal a ghlinnigh sneachta an lae
Chun an rotha abraimis guí
Thar aon rud eile is cruinne é.

Is ar na capaill go ciúin
Atá na crainn ina luí
Agus i gcairr shleamhain ag liú
Mar aingil, tá leasleanaí.

Is eol gurb í an Nollaig amárach
Agus sinn, muintir faoi bhrón,
Mar chomhartha onórach
Déanfaimid a lán corn a ól.

Féachann Dia óna ríchathaoir anuas
Agus, é go bog ag miongháirí,
Ligeann sé osna sa chiúnas,
Ach, a mhuintir, sibhse mo dhílleachtaí.

Fëdor (go smaointeach): Ní hea, níl a fhios agaibh cad a déarfaidh mé libh anois. Táim geallta do bhean. Tá sí ag obair mar bhuime do chlann mhór Puzyrëv. Tá sí an-sciamhach. Tá grá mór agam di. Táimid inár gcónaí le chéile cheana féin, mar fhear agus bhean chéile.

Taispeánann na tuadóirí dó le comharthaí, gach duine de réir a chumais féin, gur suimiúil leo a ndúirt sé leo. Is anseo a shoiléirítear é nach bhfuil labhairt acu. Agus iad a bheith ag canadh anois díreach – níl ann ach comhtharlú a bhfuil an méid mór sin acu sa saol.

Fëdor: Ach amháin go bhfuil sí an-sochorraithe, an bhean atá geallta dom. Ach cad atá le déanamh, tá an obair dian. Teaghlach mór. Mórán páistí. Ach cad atá le déanamh.
Tuadóir: Toradh.

Cé gur thosaigh sé ag caint, labhair sé in antráth. Mar sin is beag is fiú é. Labhraíonn a chairde in antráth i gcónaí freisin.

An 2ú Tuadóir: Buíochán.

Fëdor: Tar éis dom leathar a bhualadh uirthi, ní bhíonn leamhthuirse nó samhnas riamh orm. Sin mar go bhfuilimid i ngrá chomh mór sin lena chéile. Tá an t-aon anam dlúth amháin againn.

An 3ú Tuadóir: Crochóga.

Fëdor: Mar sin tabharfaidh mé an crann liom i gcairt anois agus san oíche rachaidh mé chuici. D'fholc sí na páistí agus tá sí ag feitheamh liom anois. Ach cad atá le déanamh.

Suíonn Fëdor agus na tuadóirí ar na cairr shleamhain agus fágann siad an choill. Tagann na hainmhithe fiáine amach. Sioráf – ainmhí iontach, Mac Tíre – ainmhí béabharach, Leon – an flaith agus Banbh mucúil.

Sioráf: Tá na huaireanta ag dul thart.

Mac Tíre: Mar thréada caorach.

Leon: Mar tháinte tarbh.

Banbh mucúil: Mar loingeán ó bhradán fearna.

Sioráf: Tá na réaltaí ag glinniúint.

Mac Tíre: Mar fhuil chaorach.

Leon: Mar fhuil tarbh.

Banbh mucúil: Mar bhainne ó bhanaltra chíce.

Sioráf: Tá na haibhneacha ag sreabhadh.

Mac Tíre: Mar fhocail chaorach.

Leon: Mar fhocail tarbh.

Banbh mucúil: Mar bhradán bandia.

Sioráf: Cá bhfuil ár mbás?

Mac Tíre: In anamacha caorach.

Leon: In anamacha tarbh.

Banbh mucúil: In árthaí fairsinge.

Sioráf: Gabhaim buíochas libh. Tá deireadh leis an gceacht.

Na hainmhithe fiáine: Sioráf – ainmhí iontach, Mac Tíre – ainmhí béabharach, Leon – an flaith agus Banbh mucúil – imíonn siad go beacht mar a imíonn siad sa saol. Fágtar an choill ina haonar. Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 12 a chlog san oíche.

Deireadh an dara radharc

An tríú radharc

Oíche. Cónra. Coinnle atá ag imeacht le sruth abhann. Puzyrëv – an t-athair. Spéaclaí. Féasóg. Seile. Deora. Puzyrëva. Tá caithéide bhanda uirthi. Is spéirbhean í. Tá cíocha uirthi. Tá Sónia Ostróva ina luí béal fúithi sa chónra. Tá a cuid fola taosctha aisti. Tá a ceann bainte ina luí ar an gceannadhairt, curtha in aice lena iarchorp féin. Ar an mballa ar thaobh clé an dorais tá clog ar crochadh. Tá 2 a chlog san oíche air.

Puzyrëv (ag gol): Mo ghearrchaile, Sónia, conas seo. Conas seo.
Ar maidin bhí tú fós ag súgradh le liathróidín agus ag rith mar bheo.

Puzyrëva: A Sónia, a ghrá, a ghrá, a ghrá, a ghrá, a ghrá, a ghrá, a ghrá.

Puzyrëv (ag gol): An diabhal a tharraing sinn chuig an amharclann chun bailé amaideach a fheiceáil ann le cailíní

bailé olanda torpánta. Nach cuimhin liom anois duine acu ag pocléimnigh agus í go luisiúil, rinne sí miongháire liom ach cheap mé cén fáth a bhfuil tú uaim mar tá páistí agam, tá bean agam, tá airgead agam. Agus tháinig a leithéid sin de ríméad orm, a leithéid de ríméad. Ansin d'fhágamar an amharclann agus ghlaigh mé ar charráiste fostaithe agus dúirt mé leis: “A Vánia, tiomáin abhaile níos tapúla sinn, tá saghas míshuaimhnis ar mo chroí”.

Puzyrëva (ag méanfaigh): Ó, a Dhia thurcaigh, a Dhia thurcaigh, cén fáth a bhfuil tú ag cur pionóis orainn?

Puzyrëv (ag séideadh a shróine): Bhíomar mar lasair ach tá tusa dár múchadh.

Puzyrëva (á maisiú féin le púdar): Ba mhian linn an Nollaig a eagrú do na páistí.

Puzyrëv (iad ag pógadh a chéile): Agus eagróimid í, eagróimid. In ainneoin gach ruda.

Puzyrëva (ag baint di): Ó, is í an Nollaig a bheidh ann. An crann giúise is fearr dá raibh ann.

Puzyrëv (ag spreagadh a shamhlaíochta féin): Is tusa an spéirbhean agamsa agus tá na páistí chomh deas sin.

Puzyrëva (á tabhairt féin dó): A Dhia, cén fáth a bhfuil an tolg ag díoscán mar sin. Nach uafásach an rud é.

Puzyrëv (tar éis dó a ghnó a chur i gcrích, ag gol): M'anam, fuair ár n-iníon bás agus táimid anseo ar nós ainmhithe fiáine.

Puzyrëva (ag gol): Ní bhfuair, ní bhfuair, seo fírinne an scéil. Mar maraíodh í.

Tagann buime isteach le Pétia Peróv aonbhliana ina baclainn.

Buime: Dhúisigh an garsún. Tá rud éigin ag cur as dá anam. Cuireann sé strainc air féin. Féachann sé ar gach rud le samhnas.

Puzyrëva: Téigh a chodladh, a Pétia, a stór, téigh a chodladh.
Táimid ag faire ort.

Pétia Peróv (garsún aonbhliana): Ach cad faoi Sónia, fós marbh an ea?

Puzyrëv (ag ligean osna): Sea, tá sí marbh. Sea, maraíodh í.
Sea, tá sí marbh.

Pétia Peróv (garsún aonbhliana): Sin mar a cheap mé. Ach an mbeidh an Nollaig ann?

Puzyrëva: Beidh. Beidh. Cad atá á dhéanamh agaibh go léir anois, na páistí?

Pétia Peróv (garsún aonbhliana): Tá sinne go léir, na páistí, inár gcodladh anois. Agus táimse ag dul a chodladh.
(*Téann a chodladh.*)

Iompraíonn an bhuime chuig na tuismitheoirí é a ghearrann fíor na Croise air agus a phógann é. Iompraíonn an bhuime amach é.

Puzyrëv (lena bhean): Bí ag an gcónra i d'aonar go ceann tamaill. Fillfidh mé ar ball. Rachaidh mé, féachaint an bhfuiltear ag iompar an chrainn Nollag anseo. (*Ritheann sé amach as an seomra suí. Filleann sé tar éis meandair, ag cuimilt a lámh.*) Agus dála an scéil, is gá coinnte sa bhreis a fháil mar go bhfuil na cinn seo imithe leo faoi sheol go dtí abhainn na Lethe cheana féin. (*Umhlaíonn sé go híseal don chónra agus dá bhean agus imíonn sé ar a bharraicíní.*)

Puzyrëva (ag fanacht ina haonar): A Sónia, a ghrá, an bhfuil a fhios agat ach nuair a bhíomar ag dul suas an staighre bhí préachán ag eitilt os mo chionn an t-am ar fad agus mhothaigh mé go morálta conas mar a fáisceadh mo chroí le lionn dubh. Agus nuair a chuamar isteach san árasán agus nuair a dúirt an giolla Stepán Nikoláev, “Maraíodh í,

maráíodh í,” thosaigh mé ag screadaíl de ghlór dubh dorchá. Tháinig a leithéid de sceimhle orm. A leithéid de sceimhle. Chomh trom sin.

Sónia Ostróva (iarghearrchaile 32 bliain): Ina luí amhail cuaille iarnróid atá leagtha. An gcloiseann sí an rud a deir a máthair léi? Ní chloiseann, conas is féidir léi. Tá sí marbh amach is amach. Maraíodh í.

Osclaítear an doras amach siar. Isteach le Puzyrëv. Fëdor ina dhiaidh. Tuadóirí ina dhiaidh sin. Iompraíonn siad an crann Nollag isteach. Feiceann siad an chónra agus baineann gach duine a chaipín de. Seachas an crann Nollag nach bhfuil caipín aige agus nach dtuigeann faic faoi seo.

Puzyrëv: Ciúnas, a chairde, ciúnas. Anseo tá m’iníon is gearrchaile ag am a hanála deireanaí. Ach (*ag snagaireacht*), ní a ceann deireanach go fiú, tá a ceann bainte di.

Fëdor: Tá tú ag fógairt bróin dúinn. Ach iompróimid lúcháir chugat. Seo crann Nollag a d’iompraíomar anseo.

An 1ú Tuadóir: Toradh.

An 2ú Tuadóir: Teachtaireacht do na Gréigigh.

An 3ú Tuadóir: Tá duine á bhá. Tarrtháiligí é.

Amach le gach duine. Fágtar Sónia Ostróva, iarghearrchaile 32 bliain léi féin. Fágtar a ceann agus a corp.

Ceann: A choirp, ar chuala tú gach rud?

Corp: Mise, a chinn, níor chuala mé faic. Níl cluasa orm. Ach mhothaigh mé chuile rud.

Deireadh an tríú radharc agus an chéad ghnímh.

Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 3 a chlog san oíche.

GNÍOMH II

An ceathrú radharc

Stáisiún póilíní. Oíche. Céir shéalaithe. Póilíní. Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 12 a chlog san oíche. Tá cléireach ina shuí agus tá póilín ina shuí.

Cléireach: Bíonn cíocha teasaí ar an gcéir shéalaithe i gcónaí. Tá dhá leis bhreátha ar an gcleite riamh.

Póilín: Táim dubh dóite, a chléirigh. An lá ar fad sheas mé ar garda amhail urú. Chonáil mé. Tholg mé slaghdán. Agus d'éirigh chuile rud fuafar agam. An bháisteach ar seachrán agus pirimidí Éigipteacha san Éigipt ghrianmhar. Déan siamsa dom.

Cléireach: Agus tusa, a phóilín, feicim go bhfuil tú imithe leis na craobhacha. Cén fáth siamsa a dhéanamh duit, is mise do shaoiste.

Póilín: Ó, dar m'fhocal,
Cógaslanna, tithe tábhairne agus tithe striapaí,
Lá éigin cuirfidh siad mé ar mire báiní.
In ionad daoine nimhithe a thabhairt chuig an gcógaslann,
B'fhearr liom féin suí sa leabharlann,
Ag léamh ó Marx sleachta éagsúla,
Agus ar maidin ní vodca a ól ach uachtar.

Cléireach: Ach cad faoin meisceoir seo? Cad seo, fós ag luascadh?

Póilín: Ag luascadh, mar an luascadán sin ansin.
Agus an Láir Bhán ag luascadh os a chionn.
Sea, an méid sin acu, na sclábhaithe mara sin,
Díbeartaigh agus seirfigh thuathánacha.

Isteach le hoifigeach ceantrach agus gendarmes.

Oifigeach ceantrach: Seasaigí, gach duine. Glanaigí amach gach rud. Guímis chun Dé. Anois tabharfar coirpeach isteach anseo.

Saighdiúirí, giollaí, cócairí agus múinteoirí Laidine agus Gréigise ag sracadh na buime a mharaigh Sónia Ostróva leo.

Oifigeach ceantrach: Fágaigí í. (*Ag iompú ar an mbuime.*)
Téigh go príosún.

Buime: Tá mo lámha i bhfuil. Tá m'fhiacra i bhfuil. Thréig Dia mé. Is gealt mé. Cad atá á dhéanamh aici anois?

Oifigeach ceantrach: Tusa, a bhuime, cé hí a bhfuil tú ag labhairt fúithi. Féach tusa, ná bí ag rámhailí. Tabhair dom corn vodca. Cé hí?

Buime: Sónia Ostróva ar sháigh mé í. An bhfuil sí ag ceapadh rud ar bith anois? Tá fuacht orm. Tá tinneas cinn orm atá cosúil le tinneas boilg.

Cléireach: Agus ceapann sí í a bheith fós óg. Agus fós ina gleoiteog. Agus fós ina deasóg. Agus fós ina réaltóg. Agus fós ina fuinneog. Agus fós ina beocht.

Póilín (leis an mbuime):

Is féidir liom do riocht a shamhlú.

Le tua rinne tú gearrchaile a mharú.

Agus anois, i d'anam, tá fulaingt ann

Nach féidir cur síos a dhéanamh air le peann.

Oifigeach ceantrach: Bhuel, a bhuime, conas a bhraitheann tú?
An deas an rud é a bheith i do dhúnmharfóir?

Buime: Ní deas. Is dochraideach an rud é.

Oifigeach ceantrach: Cuirfear chun báis thú, ar ndóigh. Ó, ar m'anam, cuirfear chun báis thú.

Buime: Greadaim mo lámha. Greadaim mo chosa. Tá a ceannsa i mo cheannsa. Is mise Sónia Ostróva – sháigh an bhuime mé. A Fëdoirín – a Fëdor, tarrtháil mé.

Póilín: Is cuimhin liom fadó

mé i mo sheasamh sa reo

feanntach ar garda.

Daoine ag dul thart de chois,

agus ag rith timpeall, leis,

bhí ainmhithe olca fiáine.

Néal de mharcaigh Ghréigeacha a chuaigh

thart mar scáth an ascaill suas

le ruaim.

Lig mé fead as an bhfeadóg ghluair,

agus ansin na hairígh fuair

mé chugam.

Fada ina sheasamh a bhí gach duine,

ag féachaint isteach a bhí muidne,

i bhfadradharcáin.

Cluasa curtha chun na talún,

ag iarraidh a bhreith dúinn,

ar na crúba is a gcallán.

Faraoir! Ár léan é!

Is in aisce agus go baoth

ar lorg an mharcra a bhíomar.

Ina dhiaidh sin dúinn,

tar éis gol go ciúin,

is é abhaile a d'imíomar.

Oifigeach ceantrach: Cad chuige a ndúirt tú é sin? Fiafraím é sin díot. A ghámaí! A mhaorlathaigh! Níl do sheirbhís féin ar eolas agat.

Póilín: Ba mhaith liom aire an dúnmharfóra a bhaint dá cuid smaointe gruama.

Cléireach: Táthar ag cnagadh. Is iad na giollaí ospidéil atá ann.
A ghiollaí ospidéil, tógaigí go dtí bhur dteach gealt í.

Cnagtar ar an doras, isteach leis na giollaí ospidéil.

Giollaí ospidéil: Cé atá le tógáil – an Napóilean seo?

Imíonn siad. Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 4 a chlog san oíche.

Deireadh an cheathrú radharc.

An cúigiú radharc

Teach na ngealt. Tá dochtúir ina sheasamh ag an uchtbhalla agus tá sé ag díriú gunna ar scáthán. Tá bláthanna, pictiúir agus súsaí timpeall air. Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 4 a chlog san oíche.

Dochtúir: A Dhia na bhfeart, a uafásaí atá sé. Níl ach gealta timpeall orm. Tá siad do mo ghéarleanúint. Tá siad ag ithe mo chuid brionglóidí. Ba mhian leo mise a lámhach. Seo duine acu a théaltaigh aniar orm agus atá ag díriú gunna orm. Ag díriú, ach níl sé ag scaoileadh. Ag díriú, ach níl sé ag scaoileadh. Níl sé ag scaoileadh, níl sé ag scaoileadh, níl sé ag scaoileadh, ach tá sé ag díriú orm. An toradh: is mise a bheidh ag scaoileadh.

Scaoileann sé. Bristear an scáthán. Isteach le giolla clochach ospidéil.

Giolla ospidéil: Cé a scaoil gunna mór?

Dochtúir: N'fheadar; an scáthán de réir dealraimh. Cé mhéad agaibhse atá ann?

Giolla ospidéil: Tá mórán againne ann.

Dochtúir: Díreach é. Tá mo chuid ráiméise beagáinín tinn. Ar fágadh duine éigin thall ansin?

Giolla ospidéil: Tugadh an bhuime is dúnmharfóir anseo ó stáisiún na bpóilíní.

Dochtúir: An bhfuil sí chomh dubh le gual.

Giolla ospidéil: An bhfuil a fhios agat, ach níl gach rud ar eolas agamsa.

Dochtúir: Ach cad atá le déanamh? Ní thaitníonn an súsa seo liom. (*Scaoileann sé urchar leis. Titeann an giolla ospidéil ar nós duine mhairbh*) Cén fáth ar thit tú, ní leatsa a bhí mé ag scaoileadh ach leis an súsa.

Giolla ospidéil (ag éirí): Taibhsíodh dom gur mise an súsa. Bhí breall orm. Deir an bhuime seo gur gealt í.

Dochtúir: Is ise a deir sin – ní deirimidne é. Ní déarfaimid é sin in aisce. Is agamsa, tá a fhios agat, atá ár ngairdín ar fad lena chuid crann ar fad, agus leis na péisteanna faoi thalamh, agus leis na néalta dochloiste, tá siad agam anseo, anseo, bhuel, cad a thugtar ar an áit seo? (*Díríonn sé méar ar bhois a láimhe.*)

Giolla ospidéil: Fíonchaor.

Dochtúir: Ní hea.

Giolla ospidéil: Balla.

Dochtúir: Ní hea. Mo bhos. Bhuel, tabhair isteach an bhuime sin.

Isteach leis an mbuime.

Buime: Is gealt mé. Mharaigh mé páiste.

Dochtúir: Ní maith an rud é páistí a mharú. Tá tú sláintiúil.

Buime: Ní d'aon ghnó a rinne mé é. Is gealt mé. Is féidir leo mise a chur chun báis.

Dochtúir: Tá tú sláintiúil. Tá lí aghaidhe ort. Comhairigh anuas go dtí a trí.

Buime: Níl sé sin agam.

Giolla ospidéil: A haon. A dó. A trí.

Dochtúir: An bhfeiceann tú, ach deir tú nach bhfuil sé ar eolas agat. Tá coimpléasc capaill agat.

Buime: Tá mé ag labhairt le dólás. Ní mise a bhí ag comhaireamh ach do ghiolla ospidéil.

Dochtúir: Anois, tá sé deacair cheana féin breithiúnas a thabhairt. An gcloiseann tú mé?

Giolla ospidéil: Cloiseann. Is buime mé, tá orm gach rud a chloisteáil.

Buime: A Dhia na bhfeart, tá mo shaol ag teacht chun deiridh. Cuirfear chun báis go luath mé.

Dochtúir: Ardaigh leat í agus beir leat crann Nollag ar ais. Ambaist, is fearr sin. Beagáinín níos croíúla. Táim chomh dubh dóite sin de bheith ar dualgas. Oíche mhaith agaibh.

Seolann othair amach as an halla i mbád, ag imeacht feadh an urláir le maidí rámh.

Dia dhaoibh ar maidin, a othara! Cá bhfuil sibhse ag dul?

Gealta: Chun beacáin, chun caora a stoitheadh.

Dochtúir: Á, an mar sin é.

Giolla ospidéil: Agus táimse ag dul ag snámh leatsa.

Dochtúir: A bhuimín, téigh agus bí curtha chun báis. Tá tú sláintiúil. Tá sláinte an bhradáin agat.

Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 6 a chlog ar maidin.

Deireadh an chúigiú radharc

An séú radharc

Dorchla. Doirse anseo. Doirse ansiúd. Agus doirse abhus. Dorcha. Tá Fëdor, an tuadóir, atá geallta don bhuime a mharaigh Sónia Ostróva, a bhfuil casóg eireabail air, a bhfuil milseáin ina lámha, tá sé ag dul síos an dorchla. Go tobann tá púicín air. Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 5 a chlog ar maidin.

Fëdor (ag dul isteach doras amháin): An bhfuil tú i do chodladh?

Guth cailín aimsire: Tá, ach tarsa isteach.

Fëdor: Ciallaíonn sé sin go bhfuil tú sa leaba. Féach, le do thoil, chnuasaigh mé lón bia.

Cailín aimsire: Cad as ar tháinig tú?

Fëdor: Bhí mé sa bhfolcadán poiblí. Bhí mé do mo ní féin le scuaba, cosúil le heach. Ar son an ghrinn cuireadh púicín ar mo shúile ansin. Cumá nach mbainfinn mo chasóg díom.

Cailín aimsire: Bain díot. Luigh orm.

Fëdor: Luífidh mé, luífidh mé. Ná bíodh deabhadh ort. Ith an bia.

Cailín aimsire: Táim á ithe. Agus tusa, déan do ghníomh. Beidh an Nollaig againn amárach.

Fëdor (ag luí uirthi): Tá a fhios agam. Tá a fhios agam.

Cailín aimsire: Agus tá an gearchaile againne maraithe.

Fëdor: Tá a fhios agam. Chuala mé.

Cailín aimsire: Tá sí ina luí sa chónra cheana féin.

Fëdor: Tá a fhios agam. Tá a fhios agam.

Cailín aimsire: Bhí a máthair ag caoineadh, agus a hathair freisin.

Fëdor (ag éirí di): Tá mé bréan de bheith leat. Ní tusa mo chailín geallta.

Cailín aimsire: Bhuel, cad faoi?

Fëdor: Is éagsúil tú liom go spioradálta. Imeoidh mé as radharc gan mhoill cosúil leis an gcocán dearg.

Cailín aimsire: Níl tú uaim ar chor ar bith. Ach, dála an scéil, ar mhaith leat babhta eile leathair?

Fëdor: Níor mhaith, níor mhaith, tá lionn dubh uafásach orm. Imeoidh mé as radharc gan mhoill cosúil leis an ríméad.

Cailín aimsire: Cad air a bhfuil tú ag smaoineamh anois?

Fëdor: Gur éirigh an domhan ar fad neamhshuimiúil dom i do dhiaidh. Agus gur chaill an chathaoir an salann, agus an spéir, agus na ballaí, agus an fhuinneog, agus an spéir, agus an choill. Agus go n-imeoidh mé as radharc gan mhoill, cosúil leis an oíche.

Cailín aimsire: Tá tú mímhúinte. Dá bharr sin gearrfaidh mé pionós ort. Féach orm. Inseoidh mé rud éigin mínádúrtha duit.

Fëdor: Bain triail as. Níl ionat ach buaf.

Cailín aimsire: Mharaigh do chailín geallta an gearrchaile. Chonaic tú an gearrchaile maraithe? Ghearr do chailín geallta a cloigeann di.

Fëdor (déanann grágáil).

Cailín aimsire (le cár fonóideach uirthi): An bhfuil aithne agat ar an ngearrchaile Sónia Ostróva? Bhuel, is ise a mharaigh sí.

Fëdor (déanann meimhleach).

Cailín aimsire: Cad seo, an searbh duit é?

Fëdor (canann le guth éin).

Cailín aimsire: Bhuel, sin é, agus bhí tú i ngrá léi. Ach cad chuige? Cad ina thaobh? B'fhéidir gur tusa freisin.

Fëdor: Ní hea, ní mise freisin.

Cailín aimsire: Abair leat, abair leat, sin ceann maith.

Fëdor: Tugaim an leabhar.

Cailín aimsire: Bhuel imigh leat, tá fonn codlata orm. Beidh an Nollaig ann amárach.

Fëdor: Tá a fhios agam. Tá a fhios agam.

Cailín aimsire: Cén fáth a bhfuil tú ag monabhar arís? Tar éis an tsaoil, tá tú i bhfad amach uaim anois.

Fëdor: Nílím ag monabhar mar sin ach de bharr mo dhobróin mhóir. Cad atá fágtha anois agam?

Cailín aimsire: An caoineadh, an caoineadh agus an caoineadh. Agus ar aon chuma ní chuideoidh dada leat.

Fëdor: Agus ar aon chuma ní chuideoidh tada liom. Tá an ceart agat.

Cailín aimsire: Nó, b'fhéidir, triailfidh tú an staidéar, an staidéar agus an staidéar.

Fëdor: Triailfidh. Déanfaidh mé an Laidin. Tiocfaidh mé amach i mo mhúinteoir. Slán.

Cailín aimsire: Slán.

Imíonn Fëdor as radharc. Codlaíonn an cailín aimsire. Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 6 a chlog ar maidin.

Deireadh an tséú radharc.

GNÍOMH III

An seachtú radharc.

Bord. Ar an mbord tá cónra. Sa chónra tá Sónia Ostróva. I Sónia Ostróva tá croí. Sa chroí tá fuil théachta. Sa bhfuil tá coirpíní dearga agus bána. Bhuel, dar ndóigh, tá nimh chothaithe freisin. Tuigtear do chách go bhfuil an lá ag breacadh. Tá an gadhar darb ainm Véra, lena heireaball idir a cosa, ag dul timpeall na cónra. Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 8 a chlog ar maidin.

Gadhar darb ainm Véra:

Timpeall na cónra a théim,
Timpeall le súile a fhéachaim.
An bás seo, is promhadh é.

Chun an aráin a bhíonn na bochtáin ag guí.
Chun na spéire a bhíonn an lucht cré-umha ag urnaí.
Cuirfidh an sagart anois an deasghnáth i gcrích.

Ag téachtadh ina luí atá an marbhán.
Bhí mé béadaí i liamhás.
Fuair Dulcinea bás.

Tá teimhil fola ar fud na háite.
A leithéid sin de dhúmhoráltacht.
A bhuime, níl, níl an ceart agat.

Is tugtha don mhaisiúchán atá an bheatha.
Agus tá an bás tugtha don eagla.
Cad chuige go baileach atá scriosadh?

Na n-artairí is mó le rá
Agus na mbaictéar atá go breá.
Cá bhfuil do chríteir, a bhanaltra.

Shlíocfadh Fëdor do chairín féin
Le teacht gach breacadh lae.
Ach anois ní bheidh asat aon dé.

Isteach leis an ngarsún aonbhliana Pétia Peróv agus é ag lapadán.

Pétia Peróv: Is mise an duine is óige – dúisím níos moiche ná cách. Mar, is cuimhin liom anois, dhá bhliain ó shin níor chuimhin liom faic. Cloisim go bhfuil an gadhar ag tabhairt óráide i bhfoirm rainn. Goileann sí chomh ciúin sin.

Gadhar darb ainm Véra:

Istigh sa halla nach fuar atá sé.

Cad a dúirt tú, a Pétia, cad é?

Pétia Peróv: Cad is féidir liom a rá? Ní féidir liom ach rud éigin a fhógairt.

Gadhar darb ainm Véra:

Ligim uaill. Ligim uaill. Ligim uaill. Ligim uaill.

Is é Sónia Ostróva a fheiceáil ina beatha mo shúil.

Pétia Peróv: Bhí sí neamhghnách mígheanasach. Ach anois is uafásach an rud é féachaint uirthi.

Gadhar darb ainm Véra: Níl ionadh ort go bhfuilim ag comhrá agus ní ag amhastraigh?

Pétia Peróv: Cad a d'fhéadfadh ionadh a chur orm agus an aois atá agam? Tóg bog é.

Gadhar darb ainm Véra: Tabhair gloine uisce dom. Tá mé ró.

Pétia Peróv: Ná bíodh imní ort. Laistigh de mo bheatha ghearr beidh orm aithne a chur ar rudaí i bhfad níos measa ná sin.

Gadhar darb ainm Véra: Bhí an Sónia mhíshásta Ostróva seo mímhórála. Ach tá agamsa di. Mínnigh gach rud dom.

Pétia Peróv: Daidí. Mamaí. Uncail. Aintín. Buime.

Gadhar darb ainm Véra: Cad atá á rá agat? Beir greim ar do chiall.

Pétia Peróv: Táim bliain d'aois anois. Ná déan dearmad air sin. Daidí. Mamaí. Uncail. Aintín. Tine. Scamall. Úll. Cloch. Ná déan dearmad.

Iompraítear amach ina bhríste é i mbaclainn na buime.

Gadhar darb ainm Véra (ag cuimhneamh): I ndáiríre tá sé fós beag agus óg.

Isteach le Mísha Pestróv agus Dúnia Shustróva ag monabhar greama láimhe.

Mísha Pestróv: Comhghairdeas. Inniu an Nollaig. Beidh lann ann go luath.

Dúnia Shustróva: Ní lann ach beann. Agus ní beann ach crann. Comhghairdeas. Comhghairdeas. Agus cad faoi Sónia, an bhfuil sí ina codladh?

Gadhar darb ainm Véra: Níl, tá sí ag mún.

Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 7 a chlog ar maidin.

Deireadh an tseachtú radharc

An t-ochtú radharc.

San ochtú radharc tá cúirt línithe ann. Is seandaoine iad oifigigh na cúirte – tá an cúirtghníomh faoi pheiriúic. Tá feithidí ag léim. Tá millíní leamhan ag bailiú a n-urra choirp. Tá na gendarmes ag at. Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 8 a chlog ar maidin.

Breitheamh (ag stiúgadh): Gan fanacht dom leis an Nollaig – fuair mé bás.

Cuirtear breitheamh eile ina ionad go tapa.

Breitheamh eile: Táim ag mothú go dona. Táim ag mothú go dona. Tarrtháiligí mé.

Faigheann sé bás. Cuirtear breitheamh eile ina ionad go tapa.

Cách (mar chór):

Táimid scanraithe ag beirt mharbh.
Breithnígí féin – eachtra annamh.

Cách eile (ar a seal féin):

Breithnímid.
Beimid
Ag breithniú
Agus ag múscailt
Na ndaoine.
Iompraítear
An chúirt
Agus an soitheach
Ar mhias.
Iompraítear
Ar mhias
Breithiúna.

Tar éis di teacht chun gnó, cromann an chúirt ar chás Gabharov agus Asalov a éisteacht.

Rúnaí (ag léamh na tuairisce):

Chuaigh Gabharov, agus tráthnóna geimhriúil a bhí ann,
Ag ní a chuid gabhar chuig an abhainn.
Feiceann sé go bhfuil Asalov ag máirseáil ann,
Tá sé ag tiomáint a chuid asal ón abhainn.

In aisce a thiomáineann tú na gabhair le ní.
Creideann tú an focal leis an bhfíorbhrí.
Ach ar léigh tú riamh an Leabhar Urnaí
Arsa Asalov le Gabharov, agus é ag fiafraí.

Arsa Gabharov le hAsalov, agus é ag rá,
Bíodh meas agat ar an tSaltair, ach ná
Bíodh aon bhaint leis an Leabhar úd,
Tá mise á rá leat, bí ciúin.

Arsa Asalov le Gabharov, agus é ag rá,
Luadh an tSaltair anseo gan fáth,
Tiomáin go dtí an talamh méith
Déan iad a chur ag innilt agus an tSaltair a léamh.

Is é a deir Gabharov le hAsalov, ar sé,
Ní chreidimse féin an cainteoir baoth
Agus, féach, is ortsa inniu le hól
A fhéachann anois mo chuidse poc.

D'fhreagair Asalov Gabharov, agus ar sé,
Is é craobhóg feithleoige a stoithfidh mé
Agus gan brionglóidí nó focail as cuimse
Léasfaidh mé do chuid gabhar, sin a deirimse.

D'fhreagair Gabharov Asalov, agus ar sé,
'Sé craobh ghiúise a stoithfidh mé
Agus déanfaidh mé do chuid asal a bhualadh
Ar nós ambasadóirí naimhdiúla.

Ceann reithe is ea do cheannsa.
Ceann bó is ea do cheannsa.
Is i bhfad a mhair an bhruíon.
Is le fuil a chríochnaigh an gníomh.

Ar nós bláthanna nach bhfuil beo
Luigh na gabhair síos sa reo.

Thit na hasail, lena n-eireabail
Ardaithe, ar an talamh, amhail meirge.

Éilíonn Gabharov ar Asalov, ag maíomh,
Cuir mo chuid gabhar ar ais mar a bhí.
Éilíonn Asalov ar Gabharov, ag maíomh,
Athbheoigh mo chuid asal mar a bhí.

Sin a bhfuil.

Breitheamh: Tá comhartha an bháis sofheicthe.

Rúnaí: Bhuel, sofheicthe.

Breitheamh (go bog): Ná habhair “Bhuel”.

Rúnaí: Tá go maith, ní déarfaidh.

Breitheamh:

Táim ag tosnú na cúirte.

Breithním.

Measúnaím

Suím.

Socraím.

– ní hea, ní pheacaím.

Arís.

Breithním.

Measúnaím

Suím.

Socraím.

– ní hea, ní pheacaím.

Arís.

Breithním.

Measúnaím

Suím.

Socróidh mé.

– ní hea, ní pheacóidh mé.

Chríochnaigh mé an breithniú, tá sé go léir soiléir dom. Adelína Fránzevna Schmetterlíng a bhí ina buime agus a mharaigh an gearrchaile Sónia Ostróva, *tá tú le cur chun báis – le crochadh.*

Buime (ag béicíl): Ní féidir liom maireachtáil.

Rúnaí: Seo anois, ní bheidh tú. Seo muidne ag comhlíonadh do chuid mianta.

Is soiléir do chách go raibh an bhuime i láthair sa chúirt agus nach raibh comhrá Gabharov agus Asalov ar siúl ach amháin mar pháistín. Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 9 a chlog ar maidin.

Deireadh an ochtú radharc.

Deireadh an tríú gníomh.

GNÍOMH IV

An naoú radharc

Léiríonn an naoú radharc, cosúil le gach ceann roimhe seo, na heachtraí a bhí ag tarlú sna sé bliana go dtí gur saolaíodh mé nó sa daichead bliain roimh ár réne. Is é an ceann is lú é. Mar sin féin cén fáth dúinn a bheith ag déanamh dobróin agus ag cásamh mar gur maraíodh duine éigin. Ní raibh aithne againne ar éinne acu agus ar aon chuma fuair siad go léir bás. Idir an tríú agus an ceathrú gníomh tá roinnt uaireanta an chloig imithe thart. Tá buíon páistí ina seasamh os comhair na ndoirse atá clúdaithe go dlúth, nite go glan, infhillte le bláthanna. Ar an gclog ar thaobh clé an dorais tá 6 a chlog um thráthnóna.

Pétia Peróv: Oslófar anois iad. Oslófar anois iad. Nach suimiúil an rud é. Feicfidh mé crann Nollag.

Nína Seróva: Chonaic tusa ceann anuraidh freisin.

Pétia Peróv: Chonaic. Chonaic. Ach ní cuimhin liom é. Ná déanaigí dearmad go bhfuil mé fós beag. Fós amaideach.

Vária Petróva: Ach, crann Nollag, crann Nollag. Crann Nollag, crann Nollag.

Dúnia Shustróva: Beidh mé ag léim thart. Beidh mé ag scolgháire.

Volódia Komaróv: A bhuimín, ba mhaith liom dul go dtí an leithreas.

Buime: A Volódia, más maith leat dul go dtí an leithreas, abair de chogarnaíl leat féin é nó náireoidh tú na gearrchailí mar sin.

Mísha Pestróv: Agus an dtéann na gearrchailí go dtí an leithreas?

Buime: Téann. Téann.

Mísha Pestróv: Ach conas? Conas a théann? Agus an dtéann tusa?

Buime: De réir mar is gá, sin mar a théann. Agus téimse féin go fiú.

Volódia Komaróv: Seo anois, chuaigh mé agus tháinig mé ar ais. Seo anois, tá sé tar éis éirí níos fusa. An ligfear isteach go luath sinn?

Vária Petróva: A bhuime. Is gá domsa freisin. Tá inní orm.

Buime (ag cogarnaíl): Lig ort go bhfuil tú ag imeacht.

Mísha Pestróv: Cá rachadh sí leatsa?

Gearrchailí (mar chóir): Chuig an áit sin a bhfuil an Sár ag dul ann de chois. *(Goileann siad agus fanann siad.)*

Buime: Níl ionaibh ach óinseacha. Déarfaí go mbeidís ag dul ag seinm ar an mórfhianó.

Pétia Peróv: Cén fáth a bhfuil tú ag múineadh dóibh conas bréaga a rá? Cén mhaitheas atá ina leithéid sin de

bhréagadóireacht? Nach liosta an rud é maireachtáil, pé scéal é.

Osclaítear an doras go tobann. Tá na tuismitheoirí ina seasamh sna doirse.

Puzyrëv: Bhuel, bainigí taitneamh as. Rinne mé gach arbh fhéidir liom. Seo sprús. Seinnfidh Mamaí anois.

Puzyrëva (ag suí ag an mórfhianó gan chealg, seinneann agus canann):

Tá an ceol ag toirníl thart

Cosúil le marc-chlaíomh ar eibhear.

Doras a osclaíonn cách

Agus táimid ag dul go Tvér'.

Ní go Tvér', ach go simplí go halla

Ceann atá líonta le crann Nollag.

Tá cách ag cur chealg na gangaide faoi cheilt

Ar nós beichín tá duine ag eitilt.

Duine eile ar nós féileacáin

Os cionn an chrainn atá cosúil le gas faoi bhláth.

Agus an tríú duine mar thinteán,

An ceathrú duine mar chailc bhán.

Agus an cúigiú duine ag dreapadh coinnle.

Ligeann sé scread agus glam a ligeann mise.

Pétia Peróv: A chrainn Nollag, tá orm a insint duit. Nach tusa atá go hálainn.

Nína Seróva: A chrainn Nollag, ba mhaith liom a mhíniú duit. Nach dathúil atá tú.

Vária Petróva: Ach, a chrainn Nollag, a chrainn Nollag. A chrainn Nollag, a chrainn Nollag. A chrainn Nollag, a chrainn Nollag.

Volódia Komaróv: A chrainn Nollag, ba mhaith liom a fhógairt duit. Nach iontach atá tú.

Mísha Pestróv: Aoibhneas. Aoibhneas. Aoibhneas. Aoibhneas.
Aoibhneas.

Dúnia Shustróva: Cosúil le fiacra. Cosúil le fiacra. Cosúil le fiacra. Cosúil le fiacra.

Puzyrëv: Tá an-ríméad orm go bhfuil sibh sásta. Táim an-mhíshásta go bhfuair Sónia bás. Tá sé chomh brónach sin go bhfuil brón ar chách.

Puzyrëva (ag canadh):

A o u e i ia

V G R T

(Níl ar a cumas leanúint den chanadh, goileann sí.)

Volódia Komaróv (Lámhachann sé é féin san uisinn os cionn a chluaise): A Mhamáí, ná bí ag gol. Déan gáire, féach, lámhach mé mé féin, nach greannmhar an rud é sin?

Puzyrëva (ag canadh): Tá go maith, ní bheidh mé ag cur bróin ar bhur n-áthas. Bainimis taitneamh as seo. Ach ar aon chuma, nach bocht atá Sónia.

Pétia Peróv: Is cuma, is cuma, a Mhamáí. Rachaidh an saol thart go gasta. Gheobhaidh gach duine againn bás gan mhoill.

Puzyrëva: A Pétia, is ag magadh atá tú. Cad atá á rá agat?

Puzyrëv: Níl sé ag magadh, de réir dealraimh. Tá bás faighte ag Volódia Komaróv cheana féin.

Puzyrëva: An bhfuil?

Puzyrëv: Tá, ar ndóigh. Lámhach sé é féin mar is eol.

Dúnia Shustróva: Táim ag fáil bháis i mo shuí sa chathaoir uilleann.

Puzyrëva: Cad atá á rá aici?

Mísha Pestróv: Ba mhian liom fad saoil. Níl fad saoil ann. Tá mé tar éis bás a fháil.

Buimín: Galair pháistí. Galair pháistí. Ó, cathain a mhúinfear buachan dóibh. *(Faigheann sí bás.)*

Nína Seróva (ag gol): A bhuime, a bhuime, cad atá ort? Cén fáth a bhfuil a leithéid de shrón ghéar ort?

Pétia Peróv: Is géar í an tsrón ach, ar aon chuma, tá scian nó rásúr níos tapúla fós.

Puzyrëv: Tá an bheirt pháistí is óige fágtha againn, Pétia agus Nína. Ó sea, eisfimid ar shlí éigin.

Puzyrëva: Ní féidir leis sin sólás a thabhairt dom. Dála an scéil, an bhfuil an ghrian taobh thiar den fhuinneog?

Puzyrëv: Agus cad as don ghrian nuair atá an oíche anois ann. Beimid ag múchadh an chrainn Nollag.

Pétia Peróv: Tá a leithéid sin d'fhonn orm bás a fháil. Ainmhian amach is amach. Táim ag fáil bháis. Táim ag fáil bháis. Seo, fuair mé bás.

Nína Seróva: Agus mise. Ach, a chrainn Nollag, a chrainn Nollag. Ach, a chrainn Nollag, a chrainn Nollag. Ach, a chrainn Nollag. Bhuel, sin a bhfuil. Fuair mé bás.

Puzyrëv: Agus fuair siad bás freisin. Deirtear go ndearna Fëdor tuadóir staidéar agus gur tháinig sé amach ina mhúinteoir Laidine. Cad atá orm? A leithéid sin de dhaigh a bhí i mo chroí. Ní fheicim faic. Táim ag fáil bháis.

Puzyrëva: Cad atá á rá agat? Seo, an bhfeiceann tú, duine den chosmhuintir ach fuair sé cead a chinn. A Dhia, a leithéid de Nollaig bhrónach atá againn. (*Titeann sí agus faigheann sí bás.*)

*Deireadh an naoú radharc, agus an ghnímh leis sin,
agus an dráma iomláin leo sin.*

*Ar an gclog ar thaobh clé an dorais
tá 7 a chlog um thráthnóna.*

1938



Le linn an bhorrtha agus an bhlátha dheireanaigh a tháinig faoi chúrsaí litríochta san Aontas Sóivéadach i ndeireadh na bhfichidí is ea a cuireadh an bhuíon litríochta *OBERIÚ* ar bun. Ba iad Daniíl Kharmis agus Aleksándr Vvedénskii na baill ba thábhachtaí agus ba tháscmhaire den ghrúpa seo a mheasc gnéithe turgnamhacha éagsúla den litríocht lena chéile, amhail an *avant-garde* agus an t-osréalachas, an greann dubh agus téatar na héigéille. Ach ní gnáthanstrólaíocht a bhí i saothar *OBERIÚ*. Roghnaigh an chinniúint go gcuirfeadh Stálin tús le ré an sceimhle sa tréimhse sin agus finnétithe ba ea lucht *OBERIÚ* ar an scéin sin. Ina gcuid scríbhneoireachtaí tugann Kharmis agus Vvedénskii léargas ar staid na tíre mar a bhí sí san am sin, mar ab ionann, b'fhéidir, cnag ar an doras agus príosún saoil nó an bás. Faoi dheireadh an sceimhle seo bhí lucht *OBERIÚ* féin nach mór marbh nó ar iarraidh, ach maireann a bhfianaise ar shaol na ré sin ina ndiaidh.

Tá tamall tugtha ag Mark Ó Fionnáin ag múineadh in Éirinn ach faoi láthair tá sé ag teagasc Gaeilge san Ollscoil Chaitliceach i Lublin na Polainne. Tá ábhar aistrithe aige go Gaeilge ón Rúisis agus ón bPolainnis araon.



Coiscéim

Tig Bhríde, 91 Bóthar Bhinn Éadair,
Páire na bhFianna, Binn Éadair, Baile Átha Cliath 13.

€7.50

Coiscéim
2004-30